



Uimhir 21 de 2010

AN tACHT UCHTÁLA 2010

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

NITHE RÉAMHRÁITEACHA AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.
4. Tagairtí do shocruithe a dhéanamh chun leanbh a uchtáil.
5. Forálacha d'fhorlíonadh *alt 4* i ndáil le huchtálacha áirithe idir tíortha.
6. An lá bunaithe.
7. Aisghairm agus cúlghairm.
8. Caiteachais.

CUID 2

ÉIFEACHT DHLÍTHIÚIL CHOINBHINSIÚN NA HáIGE

9. Feidhm dlí le bheith ag Coinbhinsiún na Háige.
10. Tuarascáil mhíniúcháin.

CUID 3

LEANBH A SHUÍOMH LENA UCHTÁIL NÓ LENA hUCHTÁIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

11. Léiriú (*Cuid 3*).

CAIBIDIL 2

Leanaí a Shuíomh lena nUchtáil

12. Cuairteanna agus fiosrúcháin a bhaineann le huchtálacha.

13. Srian le leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil.
14. Míniú don mháthair nó don chaomhnóir ar an éifeacht a bheidh le huchtáil.
15. Cúram linbh go dtí go súfear é nó í.
16. Ceart athar ar mian leis go rachfaí i gcomhairle leis.
17. Nós imeachta comhchomhairle roimh shuíomh.
18. I gcás nach rachfar i gcomhairle leis an athair.

CUID 4

UCHTÁLACHA BAILE AGUS UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

CAIBIDIL 1

Orduithe Uchtála agus Toilithe le hOrduithe Uchtála

19. Leas linbh.
20. Cumhacht an Údaráis chun ordú uchtála a dhéanamh nó chun uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.
21. Scor d'imeachtaí i leith ordú uchtála nó i leith uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.
22. Ranníoc ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith caiteachas uchtála.
23. Leanáí a fhéadfar a uchtáil.
24. Eisceacht i gcás linbh atá níos sine ná 7 mbliana.
25. Ordú uchtála a cheartú.

CAIBIDIL 2

Toilithe le hOrduithe Uchtála

26. Toilithe le horduithe uchtála.
27. Faisnéis do dhaoine i dtaobh toiliú le horduithe uchtála.
28. Bailíocht toilithe.
29. Fiosruithe thar ceann an Údaráis.
30. Dul i gcomhairle leis an athair.
31. Féadfaidh an Ard-Chúirt leanbh a chur faoi choimeád uchtaitheoirí ionchasacha agus a údarú go ligfear toiliú le huchtáil thar ceal.
32. Creideamh.

CAIBIDIL 3

Incháilitheacht agus Oiriúnacht chun Uchtáil a Dhéanamh

33. Daoine atá incháilithe i leith ordú uchtála nó i leith uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

34. Daoine atá oiriúnach i leith ordú uchtála nó i leith uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

CAIBIDIL 4

Coistí Uchtála

35. Míniú ar iarratasóirí.
36. Coistí uchtála de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

CAIBIDIL 5

Iarratas ag Uchtaitheoirí Ionchasacha ar Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta

37. Iarratas chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an Údarás d'eisiúint dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta.
38. Iarratasóirí do scor d'imeachtaí i leith dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint.
39. Moladh ó choiste uchtála maidir le dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint.

CAIBIDIL 6

Cumhacht an Údaráis chun Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a Eisiúint d'Uchtaitheoirí Ionchasacha

40. Féadfaidh an tÚdarás dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint.
41. Dul in éag dearbhaithe incháilitheachta agus oiriúnachta.
42. Cruthúnas ar dhearbhuí incháilitheachta agus oiriúnachta.

CUID 5

IMEACHTAÍ UCHTÁLA OS COMHAIR AN ÚDARÁIS

43. Iarratais a éisteacht.
44. Orduithe eatramhacha maidir le coimeád in imeachtaí uchtála.
45. Athuchtáil.
46. Cumhacht chun finnétithe a thoghairm, etc.
47. Doiciméid a sheirbheáil.
48. Fianaise.
49. Cás a shonrú don Ard-Chúirt.

CUID 6

IMEACHTAÍ CÚIRTE GAOLMHARA

50. Ní dhearbhfófar uchtáil iomchuí a bheith neamhbhailí murab é leas an linbh é sin a dhearbhuí.
51. Orduithe ó chúirt maidir le coimeád leanaí i gcásanna áirithe.

CUID 7

ORDUITHE UCHTÁLA I GCÁSANNA EISCEACHTÚLA AGUS RÓL NA
HARD-CHÚIRTE

52. Léiriú (*Cuid 7*).
53. Orduithe uchtála i ndáil le leanaí i gcás go mbeidh feidhm le hordú ón Ard-Chúirt faoi *alt 54*.
54. Orduithe ón Ard-Chúirt lena n-údaráítear don Údarás orduithe uchtála a dhéanamh le haghaidh leanaí a mainníonn a dtuismitheoirí a ndualgas a dhéanamh ina leith.
55. Fianaise don Ard-Chúirt.
56. Costais chúirte.

CUID 8

ÉIFEACHTAÍ ORDUITHE UCHTÁLA AGUS AITHEANTAIS STÁIT
D'UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

57. Aitheantas agus éifeachtaí uchtála idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát.
58. Cearta agus dualgais tuismitheora.
59. Na tuismitheoirí breithe do phósadh ina dhiaidh sin.
60. Cearta maoine.
61. Dleacht stampa ar thalamh.
62. Orduithe íocaíocht a dhéanamh chun sochair linbh.
63. Idirthréimhseach — uchtálacha coigríche a bheidh ar siúl díreach roimh an lá bunaithe.

CUID 9

UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

CAIBIDIL 1

Forálacha a Bhaineann go Ginearálta le hUchtálacha Idir Tíortha

64. Údarás Inniúil.
65. An tÚdarás inniúil chun a dheimhniú go bhfuil uchtálacha de réir Choinbhinsiún na Háige.
66. Ról an Údaráis mar an tÚdarás Lárnach.
67. Socruithe nós imeachta i gcomhair cásanna inarb é an Stát an stát glacadh.
68. An Stát mar stát glacadh: orduithe uchtála le haghaidh leanaí arna suíomh lena n-uchtáil sa Stát.
69. Uchtálacha áirithe a dhéantar i stáit chonarhacha agus a aithnítear sa Stát a athrú.

70. Leanbh a aistriú ón Stát chun é nó í a uchtáil sa stát glacaidh.
71. Pléítí a bhaineann le comhaontuithe faoi Airteagal 39.
72. Socruithe riaracháin le stáit chonarhacha.

CAIBIDIL 2

Comhaontuithe Déthaobhacha agus Socruithe eile i dtaca le hUchtálacha Idir Tíortha

73. Pléítí agus comhaontuithe le stáit neamhchonarthacha.
74. Socruithe riaracháin le stáit a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha acu.
75. Ról an Údaráis mar Údarás Lárnach faoi chomhaontú déthaobhach.
76. An t-údarás inniúil chun a dheimhniú go bhfuil uchtálacha de réir comhaontú déthaobhach.
77. Socruithe nós imeachta i gcás inarb é an Stát an stát glacaidh faoi chomhaontú déthaobhach.
78. An Stát mar an stát glacaidh faoi chomhaontú déthaobhach: orduithe uchtála le haghaidh leanaí arna suíomh lena n-uchtáil sa Stát.
79. Uchtálacha áirithe a dhéantar faoi chomhaontú déthaobhach i stát eile agus a aithnítear sa Stát a athrú.
80. Leanbh a aistriú ón Stát chun é nó í a uchtáil sa stát glacaidh.

CAIBIDIL 3

Socrú i gCás Eisceachtúil le Stát Neamhchonarthach

81. Cás eisceachtúil ina bhfuil leanbh sonrathach i gceist.

CAIBIDIL 4

Dualgas é a Chur in iúl don Stát nuair a Thagann Uchtleanbh Isteach sa Stát den Chéad Uair

82. Dualgas a chur in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Údarás go bhfuil leanbh ag teacht isteach sa Stát.

CUID 10

AN CLÁR D'UCHTLEANAÍ AGUS CLÁR NA nUCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

CAIBIDIL 1

An Clár d'Uchtleanaí

83. Cuirfidh an tÚdarás sonraí chuig an Ard-Chláraritheoir i gcomhair taifead sa Chlár d'Uchtleanaí.
84. An Clár d'Uchtleanaí.
85. Treoir don Chlár d'Uchtleanaí.
86. Treoir ar leith de cheangail idir an Clár d'Uchtleanaí agus clár na mbreitheanna.

87. Beidh cóip dheimhnithe de thaifead sa Chlár d'Uchtleanaí ina fianaise ar na fíorais a bheidh luaite.
88. Príobháideacht taifead uchtála.
89. Gearr-Dheimhniú ar thaifead sa Chlár d'Uchtleanaí.

CAIBIDIL 2

Clár na nUchtálacha idir Tíortha

90. Clár na nUchtálacha idir Tíortha.
91. Beidh cóip dheimhnithe de thaifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha ina fianaise ar na fíorais a bheidh luaite.

CAIBIDIL 3

Ordacháin ón Ard-Chúirt i nDáil le Clár na nUchtálacha idir Tíortha

92. Ordacháin ón Ard-Chúirt i ndáil le taifid i gclár na n-uchtálacha idir tíortha.

CUID 11

CRUTHÚNAS AR UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA A DHÉANTAR LASMUIGH DEN STÁT AGUS IAD A CHLÁRÚ

93. Cruthúnas ar uchtálacha idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát.

CUID 12

AN tÚDARÁS UCHTÁLA

CAIBIDIL 1

An tÚdarás arna Bhunú

94. An tÚdarás Uchtála a Bhunú.
95. Séala an Údaráis.
96. Feidhmeanna an Údaráis.
97. Rialacha.
98. Comhaltas an Údaráis.
99. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.
100. Cruinnithe den Údarás.
101. Coistí den Údarás.
102. Luach saothair agus caiteachais comhaltaí den Údarás agus de choistí.

CAIBIDIL 2

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

103. An príomhoifigeach feidhmiúcháin.

104. Feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin.
105. Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin don Choiste um Chuntais Phoiblí.
106. Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin do Choistí Oireachtais eile.

CAIBIDIL 3

Cuntasacht, Pleananna, Tuarascálacha agus Maoiniú

107. Ordacháin don Údarás.
108. Plean corparáideach an Údaráis.
109. Deontais don Údarás.
110. Plean gnó a chur faoi bhráid an Aire.
111. Cód rialachais.
112. Cuntais an Údaráis.

CAIBIDIL 4

Caighdeáin, Cóid Iompair, Dícháiliú, etc.

113. Caighdeáin ionracais.
114. Cóid iompair.
115. Cóid iompair a bheith ar fáil.
116. Bronntanais.
117. Tuarascáil bhliantúil.
118. Faisnéis atá le tabhairt don Aire agus an rogha atá ag an Údarás tuarascálacha eile a fhoilsiú.
119. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraíthe faisnéise faoi rún.
120. Dícháiliú de thoradh comhaltais de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.
121. Fostaithe a bheith ar iasacht de thoradh comhaltais de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.

CAIBIDIL 5

Fostaithe an Údaráis, etc.

122. Fostaithe an Údaráis.
123. Aoisliúntas.
124. Comhairleoirí.

CUID 13

COMHLACHTAÍ CREIDIÚNAITHE A CHLÁRÚ

CAIBIDIL 1

Socruithe le haghaidh Uchtála

125. Sriantha ar shocruithe a dhéanamh le haghaidh uchtála.

CAIBIDIL 2

An Clár de Chomhlachtaí Creidiúnaithe

126. An clár de chomhlachtaí creidiúnaithe.
127. Comhlachtaí creidiúnaithe a chlárú.
128. Clárú a athnuachan.
129. Clárú a chealú mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh ar athnuachan.
130. Clárú a chealú ar chúiseanna eile.
131. Clárú a leasú.
132. Dualgas fógra a thabhairt i dtaobh breitheanna maidir le clárú.
133. Tabharfaidh comhlachtaí creidiúnaithe faisnéis don Údarás agus ceadóidh siad iniúchadh ar a dtaifid.
134. Fógraí san Iris Oifigiúil faoi chlárú agus cealú.

CAIBIDIL 3

Achomhairc maidir le Clárú Comhlachtaí Creidiúnaithe

135. Achomhairc in aghaidh breitheanna a bhaineann le clárú.

CUID 14

AN BORD UCHTÁLA A DHÍSCAOILEADH

136. An Bord Uchtála a dhíscaoileadh.
137. Daoine a aistriú chun bheith ina bhfostaithe de chuid an Údaráis.
138. Maoin agus dliteanais a aistriú chuig an Údarás.
139. Conarthaí a choimeád i bhfeidhm, etc., agus tagairtí a oiriúnú.
140. Taifid de chuid an Bhoird Uchtála.
141. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.
142. Imeachtaí uchtála atá ar feitheamh.
143. Tagairtí don Bhord Uchtála in achtacháin arna ndéanamh roimh an lá bunaithe.

CUID 15

CIONTA

CAIBIDIL 1

Sárúithe agus Neamhchomhlíonadh Seachas mar a Fhoráiltear i gCodanna Eile

144. Toirmeasc ar fhógráin áirithe.
145. Toirmeasc ar íocaíochtaí agus luaíochtaí áirithe a ghlacadh, a dhéanamh nó a thabhairt nó ar aontú déanamh amhlaidh.
146. Toirmeasc ar ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha nó ar fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach.

CAIBIDIL 2

Cionta agus Pionóis

147. Cionta.
148. Pionóis.
149. Imeachtaí i leith cionta.

CUID 16

RIALACHÁIN

150. Rialacháin.
151. Rialacháin a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe.
152. Rialacháin a bhaineann le clár na n-uchtálacha idir tíortha.
153. Rialacháin a bhaineann le Coinbhinsiún na Háige.
154. Rialacháin a bhaineann le leanbh a aistriú ón Stát lena uchtáil nó lena huchtáil i stát glacaidh.
155. Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

CUID 17

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

156. Tagairtí d'uchtálacha, etc.
157. Leasú ar an Acht um Shaoire Uchtaíoch 1995.
158. Leasú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991.
159. Leasú ar an Acht um Chlárú Sibhialta 2004.
160. Leasú ar alt 99(1) den Acht Cosanta 1954.
161. Leasú ar alt 46(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.
162. Leasú ar alt 2(1) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon 1964.
163. Leasú ar an Acht um Stádas Ban Pósta 1957.

164. Leasú ar alt 20(9) den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte 1938.
165. Leasú ar mhír 1(2) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
166. Leasú ar alt 6A(6)(b) d'Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí) 1938.
167. Leasú ar Chuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman 1980.
168. Leasú ar Chuid 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002.
169. Leasú ar alt 2(1) den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998.
170. Leasú ar alt 6(2)(b) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974.
171. Leasú ar an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.
172. Leasú ar an Acht um Stádas Leanaí 1987.
173. Leasú ar alt 4A den Acht Comharbais 1965.
174. Leasú ar an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.
175. Leasú ar reachtanna éagsúla eile.
176. Cosaint.

SCEIDEAL 1

AISGHAIRM AGUS CÚLGHAIRM

Cuid 1

NA hAHTANNA A AISGHAIRTEAR

Cuid 2

NA hIONSTRAIMÍ REACTÚLA A CHÚLGHAIRTEAR

SCEIDEAL 2

TÉACS CHOINBHINSIÚN NA HÁIGE

AN COINBHINSIÚN UM CHOSAINT LEANAÍ AGUS COMHAR I LEITH UCHTÁLA IDIR TÍORTHA

SCEIDEAL 3

SONRAÍ UCHTÁLACHA ATÁ LE HIONTRÁIL SA CHLÁR D'UCHTLEANAÍ

SCEIDEAL 4

LEASÚ AR AN DARA SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT UM CHLÁRÚ SIBHIALTA 2004

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Uchtála 1952	1952, Uimh. 25
An tAcht Uchtála 1964	1964, Uimh. 2
An tAcht Uchtála 1974	1974, Uimh. 24
An tAcht Uchtála 1976	1976, Uimh. 29
An tAcht Uchtála 1988	1988, Uimh. 30
An tAcht Uchtála 1991	1991, Uimh. 14
An tAcht Uchtála 1998	1998, Uimh. 10
Na hAchtanna Uchtála 1952 agus 1964	
Na hAchtanna Uchtála 1952 go 1976	
Na hAchtanna Uchtála 1952 go 1998	
An tAcht um Shaoire Uchtaíoch 1995	1995, Uimh. 2
Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005	
An tAcht Arm-Phinsean 1959	1959, Uimh. 15
An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001	2001, Uimh. 19
An tAcht um Chúram Leanaí 1991	1991, Uimh. 17
Acht na Leanaí 1997	1997, Uimh. 40
An tAcht um Dh liteanas Sibhialta 1961	1961, Uimh. 41
An tAcht um Chlárú Sibhialta 2004	2004, Uimh. 3
Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993	1993, Uimh. 8
Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas) 1961	1961, Uimh. 16
An Acht Cosanta 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003	2003, Uimh. 9
An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon 1964	1964, Uimh. 7
An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007	2007, Uimh. 42
Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956	1956, Uimh. 26
An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh 1989	1989, Uimh. 6
An tAcht Dlisteanais 1931	1931, Uimh. 13
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht um Stádas Ban Pósta 1957	1957, Uimh. 5
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004	
Acht na Lia-Chleachtóirí 2007	2007, Uimh. 25
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005	
An tAcht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte 1938	1938, Uimh. 38
An tAcht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001	2001, Uimh. 33
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	2003, Uimh. 32
Acht an Oireachtais (Liúntais do Chomhaltaí) 1938	1938, Uimh. 34
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú) 1968	1968, Uimh. 8
An tAcht Ombudsman 1980	1980, Uimh. 26
An tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002	2002, Uimh. 22
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997	1997, Uimh. 20

[Uimh. 21.] *An tAcht Uchtála* 2010. [2010.]

An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998	1998, Uimh. 30
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> 1851	14 & 15 Vic. c.93
An tAcht um Ionchúiseamh i gCionta 1974	1974, Uimh. 22
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001	2001, Uimh. 45
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004	2004, Uimh. 33
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007	
An tAcht um Shábháileacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	2005, Uimh. 10
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001	2001, Uimh. 31
An tAcht um Stádas Leanaí 1987	1987, Uimh. 26
An tAcht Comharbais 1965	1965, Uimh. 27
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001	
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007	



Uimhir 21 de 2010

AN tACHT UCHTÁLA 2010

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN mBORD UCHTÁLA A DHÍSCAOILEADH AGUS MAIDIR LE COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR, SA GHAEILGE, ÚDARÁS UCHTÁLA NA hÉIREANN AGUS, SA BHÉARLA, *THE ADOPTION AUTHORITY OF IRELAND*; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE NITHE A BHAINNEANN LE LEANAÍ A UCHTÁIL; DO THABHAIRT FEIDHM DLÍ DON CHOINBHINSIÚN UM CHOSAINT LEANAÍ AGUS COMHAR I LEITH UCHTÁLA IDIR TÍORTHA A SÍNÍODH SA HÁIG AN 29 BEALTAINE 1993; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hUCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA A DHÉANAMH AGUS A AITHINT DE RÉIR COMHAONTUITHE DÉTHAOBHACHA AGUS DE RÉIR SOCRUITHE EILE; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hUCHTÁLACHA ÁIRITHE A DHÉANTAR LASMUIGH DEN STÁT A AITHINT; D' AISGHAIRM NA nACHTANNA UCHTÁLA 1952 GO 1998; DO DHÉANAMH LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[14 Iúil, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

NITHE RÉAMHRÁITEACHA AGUS GINEARÁLTA

- 1.—Féadfar an tAcht Uchtála 2010 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal.

- 2.—(1) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla. Tosach feidhme.

- (2) Maidir le haisghairm na nAchtanna a shonraítear i gCuid 1 de *Sceideal 1* agus le cúlghairm na n-ionstraimí reachtúla a shonraítear i gCuid 2 den *Sceideal* sin, is aisghairm agus cúlghairm a dhéantar le *halt 7*, féadfar, le hordú faoi *fho-alt (1)*, laethanta éagsúla a cheapadh chun Achtanna éagsúla nó forálacha éagsúla díobh a aisghairm, agus

chun ionstraimí reachtúla éagsúla, nó forálacha éagsúla díobh, a chúlghairm.

Léiriú.

3.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “comhlacht creidiúnaithe” comhlacht daoine a bhfuil a ainm taifeadta sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe;

ciallaíonn “an Clár d’Uchtleanaí” an Clár d’Uchtleanaí arna choimeád ag an Ard-Chláraitheoir faoi alt 22 den Acht Uchtála 1952 agus arna choimeád ar marthain le *halt 84*;

ciallaíonn “Achtanna Uchtála” na hAchtanna Uchtála 1952 go 1998;

ciallaíonn “coiste uchtála” coiste arna bhunú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi *alt 36*;

ciallaíonn “ordú uchtála” ordú chun leanbh a uchtáil arna dhéanamh—

(a) roimh an lá bunaithe, ag an mBord Uchtála faoi na hAchtanna Uchtála, nó

(b) ar an lá bunaithe nó dá éis, ag an Údarás faoin Acht seo;

ciallaíonn “Airteagal”, i ndáil le hAirteagal uimhrithe, an tAirteagal, arna uimhriú amhlaidh, de Choinbhinsiún na Háige agus léifear dá réir sin aon tagairt d’fhoroinn d’Airteagal uimhrithe;

ciallaíonn “measúnacht ar incháilitheacht agus oiriúnacht”, i ndáil le duine, measúnacht—

(a) i dtaobh an dtagann nó nach dtagann an duine faoi réim na n-aicmí daoine a bhféadfar ordú uchtála a dhéanamh ina fhabhar nó ina fabhar de bhua *alt 33*, agus

(b) i dtaobh an duine oiriúnach an duine faoi *alt 34* nó nach ea chun cearta agus dualgais tuismitheora i leith linbh a bheith aige nó aici;

ciallaíonn “an tÚdarás” an comhlacht a bhunófar le *halt 94*;

ciallaíonn “comhaontú déthaobhach” aon chomhaontú idir an Rialtas agus stát neamhchonarthach maidir le huchtálacha idir tíortha, ar comhaontú é a bhfuil feidhm dlí aige de bhua *alt 73*;

ciallaíonn “uchtáil comhaontaithe dhéthaobhaigh” uchtáil—

(a) a dhéantar de réir comhaontú déthaobhach i stát is páirtí sa chomhaontú, agus

(b) arna deimhniú, de réir an chomhaontaithe, ag údarás inniúil stát na huchtála mar uchtáil atá déanta amhlaidh;

ciallaíonn “Údarás Lárnach”—

(a) i ndáil le huchtáil Choinbhinsiúin, an comhlacht arna ainmniú mar an tÚdarás Lárnach ag stát conarthach, faoi Airteagal 6 (a bhaineann le hÚdarás Lárnacha a ainmniú agus a cheapadh) chun na feidhmeanna a thugtar d’údarás den sórt sin faoi Choinbhinsiún na Háige a chomhlíonadh,

- (b) i ndáil le huchtáil comhaontaithe dhéthaobhaigh, comhlacht arna ainmniú mar an tÚdarás Lárnach faoin gcomhaontú sin chun na feidhmeanna a thugtar d'údaráis den sórt sin faoin gcomhaontú sin a chomhlíonadh, agus
- (c) i ndáil le huchtáil idir tíortha sna himthosca dá dtagraítear in *alt 81*, comhlacht arna ainmniú mar an tÚdarás Lárnach faoi shocrú faoin alt sin chun na feidhmeanna a thugtar d'údaráis den sórt sin faoin socrú sin a chomhlíonadh,

agus i ngach cás, i ndáil le feidhmeanna is inchomhlíonta sa Stát, ciallaíonn sé an tÚdarás;

ciallaíonn “príomhoifigeach feidhmiúcháin” an duine a cheapfar chun bheith ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin don Údarás faoi *alt 103*;

ciallaíonn “leanbh” aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;

ciallaíonn “stát conarthach” stát, seachas aon stát a bhfuil agóid i dtaobh a aontachais le Coinbhinsiún na Háige déanta ag an Stát de bhun Airteagal 44 (a bhaineann le haontachas le Coinbhinsiún na Háige), ar tháinig Coinbhinsiún na Háige i bhfeidhm maidir leis de réir Airteagal 46 agus léifear é ionas go mbeidh éifeacht leis an Acht seo i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (a) más rud é gur dhearbhaigh stát conarthach faoi Airteagal 45 (lena ndéantar foráil speisialta do stáit a bhfuil 2 aonad críche nó níos mó acu) go mbeidh feidhm ag Coinbhinsiún na Háige maidir le haonad críche amháin nó níos mó laistigh den stát sin, an t-aonad sin nó na haonaid sin, agus
- (b) gach stát conarthach eile;

ciallaíonn “uchtáil Choinbhinsiúin” uchtáil idir tíortha a dhéantar de réir Choinbhinsiúin na Háige i stát conarthach agus a mbeidh deimhniú ina leith curtha ar fáil faoi mhír (1) d’Airteagal 23 (a bhaineann le huchtálacha arna ndeimhniú ag údarás inniúil stát na huchtála a aithint);

ciallaíonn “dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta” dearbhú arna eisiúint ag an Údarás faoi *alt 40*;

ciallaíonn “uchtáil bhaile” uchtáil linbh ar a raibh cónaí rialta sa Stát sular uchtaíodh é nó í ag duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát;

ciallaíonn “an lá bunaithe” an lá bunaithe a cheapfar faoi *alt 6*;

ciallaíonn “bliain airgeadais”, i ndáil leis an Údarás, tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig in aon bhliain agus, i gcás na chéad bhliana airgeadais de chuid an Údaráis, ciallaíonn sé an tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch an 31 Nollaig sa bhliain ina mbeidh an lá bunaithe;

ciallaíonn “caomhnóir”, i ndáil le leanbh, duine—

- (a) is caomhnóir de chuid an linbh de bhun an Achta um Chaomhnóireacht Naíon 1964, nó

(b) atá ceaptha chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh—

(i) trí ghníomhas nó uacht, nó

(ii) trí ordú ó chúirt sa Stát,

agus nach bhfuil curtha as oifig;

ciallaíonn “Coinbhinsiún na Háige” an Coinbhinsiún um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtála idir Tíortha, 1993, agus a bhfuil an téacs de, faoi réir *fho-alt (3)*, leagtha amach mar áis tagartha i *Scideal 2*;

ciallaíonn “ordú eatramhach” ordú faoi *alt 44*;

ciallaíonn “uchtáil idir tíortha” uchtáil linbh ar a bhfuil cónaí rialta i stát (an “stát tionscnaimh”), cibé acu is stát conarthach nó stát neamhchonarthach, agus a aistríodh, nó atá á aistriú nó á haistriú nó atá le haistriú, isteach i stát eile (an “stát glacaidh”)—

(a) tar éis an leanbh a uchtáil sa stát tionscnaimh ag duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa stát glacaidh, nó

(b) chun críocha uchtála, sa stát glacaidh nó sa stát tionscnaimh, ag duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa stát glacaidh;

ciallaíonn “uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát”—

(a) uchtáil linbh a dhéantar lasmuigh den Stát aon tráth roimh an lá bunaithe a bhí, an tráth sin, de réir an mhínithe ar “uchtáil choigríche” in alt 1 den Acht Uchtála 1991,

(b) uchtáil linbh, seachas uchtáil idir tíortha, a dhéantar lasmuigh den Stát aon tráth an lá bunaithe nó dá éis a bheidh de réir an mhínithe ar “uchtáil choigríche” in alt 1 den Acht Uchtála 1991 de réir mar a léigh sé an 30 Bealtaine 1991, nó

(c) uchtáil linbh idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát aon tráth an lá bunaithe nó dá éis a bheidh, an tráth sin, ag comhlíonadh na bhforálacha infheidhme den Acht seo agus de Choinbhinsiún na Háige;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí chéanna atá leis san Acht Rialtais Áitiúil 2001;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte agus Leanaí;

ciallaíonn “stát neamhchonarthach” stát seachas stát conarthach;

ciallaíonn “dílleachta” leanbh a bhfuil a thuismitheoirí nó a thuismitheoirí marbh;

ciallaíonn “tuismitheoir”, i ndáil le leanbh, máthair nó athair an linbh nó iad araon, cibé acu atá nó nach bhfuil siad pósta ar a chéile;

tá le “uimhir phearsanta seirbhíse poiblí” an bhrí a shanntar dó le halt 262 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe ag an Aire le rialacháin faoin Acht seo;

ciallaíonn “stát glacaidh”, i ndáil le huchtáil idir tíortha, an stát ina bhfuil cónaí rialta ar uchtaitheoirí ionchasacha an linbh;

ciallaíonn “an clár de chomhlachtaí creidiúnaithe” an clár arna choimeád, faoi alt 35 den Acht Uchtála 1952, mar an Clár de Chumainn Uchtála agus arna choimeád ar marthain faoi alt 126 mar an clár de chomhlachtaí creidiúnaithe;

ciallaíonn “clár na n-uchtálacha idir tíortha” an clár arna bhunú faoi alt 6 den Acht Uchtála 1991 mar Chlár na nUchtálacha Coigríche agus arna choimeád ar marthain faoi alt 90 mar chlár na n-uchtálacha idir tíortha;

ciallaíonn “gaol”, i ndáil le leanbh, seanathair nó seanmháthair, deartháir, deirfiúr, uncail nó aintín, lánfhola nó leathfhola, nó ó chleamhnas, leis an leanbh, agus folaíonn sé céile aon duine den sórt sin, agus is de thaobh na máthar nó an athar a dhéanfar gaolmhaireacht leis an leanbh a chomhaireamh;

ciallaíonn “stát tionscnaimh”, i ndáil le leanbh, an stát ina bhfuil cónaí rialta ar an leanbh—

(a) sula ndéantar é nó í a uchtáil, nó

(b) sula mbeartaítear é nó í a uchtáil,

ag duine ar a bhfuil cónaí rialta i stát eile.

(2) San Acht seo, maidir le tagairtí d’uchtaitheoirí, folóidh siad, i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh, tagairtí d’uchtaitheoir.

(3) I *Sceideal 2*, i nóta cinn a ghabhann le hAirteagal uimhrithe, maidir leis an abairt tuairiscithe i ndiaidh na huimhreach—

(a) ní cuid de Choinbhinsiún na Háige é, agus

(b) measfar gur mar áis tagartha amháin a cuireadh leis é le linn eagarthóireachta .

4.—San Acht seo, déanfar tagairtí do shocruithe a dhéanamh chun leanbh a uchtáil (cibé acu uchtáil bhaile nó uchtáil idir tíortha) a léamh mar thagairtí a fholáíonn tagairtí do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

Tagairtí do shocruithe a dhéanamh chun leanbh a uchtáil.

(a) aon chomhaontú nó socrú a dhéanamh maidir le huchtáil nó cothabháil an linbh, nó lena n-éascaítear uchtáil nó cothabháil an linbh, ag aon duine;

(b) aon chaibidlí a thionscnamh nó páirt a ghlacadh in aon chaibidlí arb í an aidhm nó an éifeacht atá leo aon chomhaontú nó socrú den sórt sin a dhéanamh;

(c) cur faoi deara do dhuine eile aon chaibidlí den sórt sin a thionscnamh nó páirt a ghlacadh iontu;

(d) tairiscint dul i mbun caibidlí thar ceann tuismitheoirí nó uchtaitheoirí ionchasacha an linbh d’fhonn uchtáil a shocrú;

(e) aon socrú a chur i gcrích nó a dhéanamh chun measúnacht ar incháilitheacht agus oiriúnacht a dhéanamh;

- (f) tuarascálacha a ullmhú maidir le measúnachtaí ar incháilitheacht agus oiriúnacht;
- (g) faisnéis, comhairle agus comhairliúchán maidir le huchtáil a chur ar fáil d'aon uchtaitheoirí ionchasacha;
- (h) faisnéis, comhairle agus comhairliúchán maidir le huchtáil a chur ar fáil do mháthair nó do chaomhnóir a bheartaíonn leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil;
- (i) faisnéis agus comhairle maidir le stádas liachta nó stádas eile an linbh a chur ar fáil i dtaca le huchtáil;
- (j) leanbh a shuíomh le haon uchtaitheoirí ionchasacha;
- (k) ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
 - (i) cúnamh a thabhairt—
 - (I) do dhaoine uchtaithe (atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn) chun a dtuismitheoirí breithe nó gaolta eile leo a lorg, agus
 - (II) do thuismitheoirí breithe daoine uchtaithe nó do ghaolta eile (atá 18 mbliana déag d'aois nó os a chionn) le daoine uchtaithe chun na daoine uchtaithe a lorg;
 - (ii) na daoine a bhfuil a dtuairisc i *bhfomhír (i)* a chomhairliú;
 - (iii) idirghabháil a dhéanamh idir daoine uchtaithe a bhfuil a dtuairisc i *bhfomhír (i)* agus tuismitheoirí breithe nó gaolta eile, ar daoine iad sa dá chás a bhfuil a dtuairisc san fhomhír sin.

Forálacha d'fhorlíonadh *alt 4* i ndáil le huchtálacha áirithe idir tíortha.

5.—I dteannta *alt 4* ach gan dochar dó, san Acht seo, déanfar tagairtí do shocruithe a dhéanamh chun leanbh a uchtáil a léamh i ndáil le huchtáil idir tíortha mar thagairtí a fholáíonn tagairtí do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) teagmháil a dhéanamh, go díreach nó go neamhdhíreach i dtaca le huchtáil idir tíortha, le haon duine, institiúid nó údarás i stát tionscnaimh an linbh atá údaraithe ag an stát sin chun socruithe a dhéanamh maidir le huchtáil;
- (b) tuarascálacha réamhuchtála a ullmhú chun críche Airteagal 20 (a bhaineann leis na hÚdaráis Lárnacha do choimeád a chéile ar an eolas) nó chun críche aon fhorála eile de chomhaontú déthaobhach;
- (c) an dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta mar aon leis an tuarascáil mheasúnachta arna hullmhú faoi *alt 37* agus an moladh arna dhéanamh faoi *alt 39* a tharchur chuig an Údarás Lárnach i stát tionscnaimh an linbh.

An lá bunaithe.

6.—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

7.—(1) Aisghairtear na hAchtanna a shonraítear i gCuid 1 de *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear i gcolún (3) den Chuid sin den *Sceideal sin*. Aisghairm agus cúlghairm.

(2) Cúlghairtear na hionstraimí reachtúla a shonraítear i gCuid 2 de *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear i gcolún (3) den Chuid sin den *Sceideal sin*.

8.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

CUID 2

ÉIFEACHT DHLÍTHIÚIL CHOINBHINSIÚN NA HÁIGE

9.—Tá feidhm dlí sa Stát ag Coinbhinsiún na Háige. Feidhm dlí le bheith ag Coinbhinsiún na Háige.

10.—(1) Tabharfar aird bhreithiúnach ar an tuarascáil mhíniúcháin a d'ullmhaigh G. Parra-Aranguren i ndáil le Coinbhinsiún na Háige, ar cuireadh cóip di i Leabharlann an Oireachtais. Tuarascáil mhíniúcháin.

(2) Beidh aird chuí ag cúirt nó ag an Údarás, de réir mar a bheidh, ar an tuarascáil mhíniúcháin sin, le linn di nó dó aon fhoráil de Choinbhinsiún na Háige a léiriú,

CUID 3

LEANBH A SHUÍOMH LENA UCHTÁIL NÓ LENA hUCHTÁIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

11.—Sa Chuid seo— Léiriú (*Cuid 3*).

folaíonn “comhlacht creidiúnaithe” Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;

folaíonn “athair”, i ndáil le leanbh, duine a chreideann gurb é athair an linbh é.

CAIBIDIL 2

Leanaí a Shuíomh lena nUchtáil

12.—(1) Féadfaidh an tÚdarás a údarú do chomhalta nó d'fhostaí den Údarás nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte— Cuirteanna agus fiosrúcháin a bhaineann le huchtálacha.

(a) cuairt a thabhairt ar theaghais an linbh, chaomhnóir an linbh, na n-iarratasóirí ar ordú uchtála nó ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint agus an duine a mbeidh an leanbh ina choimeád nó ina coimeád chun críocha uchtála, agus

(b) fiosrúcháin a dhéanamh thar ceann an Údaráis.

(2) Chun críocha an ailt seo, ní fholaíonn “caomhnóir” máthair ná athair an linbh.

Srian le leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil.

13.—Ní dhéanfaidh comhlacht creidiúnaithe leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil—

- (a) mura mbeidh 6 sheachtain d’aois slánaithe ag an leanbh,
- (b) mura ndéanfaidh sé amhlaidh ach chun críocha uchtála faoin Acht seo, agus
- (c) mura ndéanfaidh sé amhlaidh de réir an Achta seo agus Choinbhinsiún na Háige, go háirithe Airteagal 17 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh an stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh d’uchtaitheoirí ionchasacha).

Míniú don mháthair nó don chaomhnóir ar an éifeacht a bheidh le huchtáil.

14.—I gcás go mbeartaíonn máthair nó caomhnóir linbh an leanbh a shuíomh le comhlacht creidiúnaithe lena uchtáil nó lena huchtáil, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe, sula nglacfaidh sé leis an leanbh—

- (a) ráiteas i scríbhinn a thabhairt don mháthair nó don chaomhnóir ina míneofar—
 - (i) gurb é tús an phróisis uchtála é leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil,
 - (ii) an éifeacht a bheidh le suíomh linbh lena uchtáil nó lena huchtáil ar chearta máthar nó caomhnóra,
 - (iii) an éifeacht a bheidh le hordú uchtála ar chearta máthar nó caomhnóra, agus
 - (iv) na ceanglais a shonraítear in *ailt 26 go 28* i leith na dtoilithe is gá faoin Acht seo i ndáil le hordú uchtála,
- (b) a chinntiú go dtuigeann an mháthair nó an caomhnóir an ráiteas agus go síneoidh sí nó sé doiciméad á rá sin, agus
- (c) faisnéis, comhairle agus comhairliúchán a chur ar fáil don mháthair nó don chaomhnóir lena mbaineann.

Cúram linbh go dtí go sùffear é nó í.

15.—(1) I gcás go mbeifear tar éis leanbh a shuíomh le comhlacht creidiúnaithe lena uchtáil nó lena huchtáil, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe, de réir cibé rialacháin a dhéanfaidh an tAire i dtaca le socrúithe—

- (a) le haghaidh cúraim leanaí, agus
- (b) chun a leas a áirithiú i gcoitinne,

socrú a dhéanamh maidir le cúram cuí don leanbh, faoi réir rialú agus mhaoirseacht an chomhlachta chreidiúnaithe, go dtí go ndéanfar an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil.

(2) Níl feidhm ag alt 23P den Acht um Chúram Leanaí 1991—

- (a) maidir le comhlacht creidiúnaithe do dhéanamh socrú faoi *fho-alt (1)*, nó

- (b) maidir le duine a ghlacfaidh cúram linbh air féin nó uirthi féin faoin socrú.

16.—(1) Féadfaidh athair linbh, trí fhógra a thabhairt don Údarás, a chur in iúl don Údarás gur mian leis go rachfaí i gcomhairle leis—

Ceart athar ar mian leis go rachfaí i gcomhairle leis.

- (a) i ndáil le togra ag comhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, nó
- (b) i ndáil le hiarratas ag máthair an linbh nó ag gaol leis an leanbh ar ordú uchtála i leith an linbh.

(2) Is i scríbhinn a bheidh fógra faoi *fho-alt (1)*, agus beidh sé i cibé foirm agus beidh cibé faisnéis ann a shonróidh an tÚdarás agus féadfar é a thabhairt don Údarás roimh bhreith an linbh lena mbaineann.

17.—(1) I gcás ina mbeartóidh comhlacht creidiúnaithe leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil—

Nós imeachta comhchomhairle roimh shuíomh.

- (a) iarrfaidh an comhlacht creidiúnaithe ar an Údarás i scríbhinn agus i bhfoirm a cheadóidh an tÚdarás, cóip d'aon fhógra a bheidh faighte ag an Údarás ó athair an linbh faoi *alt 16(1)* a sholáthar dó, agus
- (b) déanfaidh an tÚdarás—
- (i) an fógra, más ann, a sholáthar don chomhlacht creidiúnaithe a luaite is indéanta, nó
- (ii) más rud é nach mbeidh an fógra faighte ag an Údarás, tráth na hiarrata, an méid sin a chur in iúl don chomhlacht creidiúnaithe agus dá éis sin, má fhaigheann an tÚdarás an fógra, é a sholáthar láithreach don chomhlacht creidiúnaithe.

(2) Faoi réir an ailt seo agus *alt 18*, i gcás ina mbeartóidh comhlacht creidiúnaithe leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe cibé bearta is indéanta le réasún chun dul i gcomhairle leis an athair—

- (a) chun an suíomh atá beartaithe a chur in iúl dó,
- (b) chun na himpleachtaí dlí agus na nósanna imeachta a bhaineann le huchtáil a mhíniú dó, agus
- (c) chun a fhionnadh an bhfuil nó nach bhfuil agóid aige in aghaidh an tsuímh atá beartaithe.

(3) I gcás ina dtabharfaidh an t-athair le fios don chomhlacht creidiúnaithe—

- (a) nach bhfuil aon agóid aige in aghaidh an tsuímh, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe, aon tráth dá éis sin, an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, nó
- (b) go bhfuil agóid aige in aghaidh shuíomh beartaithe an linbh lena uchtáil nó lena huchtáil, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe—

- (i) fógra a thabhairt don athair agus don mháthair i scríbhinn ar an modh forordaithe go bhfuil an suíomh á iarchur ag an gcomhlacht creidiúnaithe ar feadh tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra ar tréimhse í nach lú ná 21 lá, dar tosach dáta an fhógra, chun deis a thabhairt don athair iarratas a dhéanamh chun na cúirte faoi alt 6A nó 11(4) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon 1964, agus
- (ii) an suíomh a iarchur de réir an fhógra.

(4) I gcás ina bhfaighidh comhlacht creidiúnaithe fógra go bhfuil iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)(i)* déanta chun na cúirte i ndáil le leanbh, ní dhéanfaidh an comhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil go dtí go ndéanfar na himeachtaí a chur i gcrích.

(5) Más rud é—

- (a) nach mbeidh fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* faighte ag comhlacht creidiúnaithe laistigh den tréimhse iarchuir dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)(i)*, agus
- (b) nach mbeidh aon léiriú faighte ag comhlacht creidiúnaithe ón athair faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (3)* laistigh de 21 lá tar éis suíomh beartaithe an linbh a chur in iúl don athair faoi *fho-alt (2)(a)*,

féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil aon tráth dá éis sin, mura bhfaigheann sé fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*.

(6) Féadfaidh páirtí in iarratas chun na cúirte dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)(i)* iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú, agus féadfaidh an chúirt ordú a dheonú, is ordú a mheasfaidh an chúirt is cuí chun na himeachtaí ar an iarratas a luathú ar mhaithe le leas an linbh, lena n-áirítear ordú chun na nithe seo a leanas a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta d'ordú den sórt sin—

- (a) seirbheáil ionadach a dhéanamh, nó
- (b) laghdú a dhéanamh ar an tréimhse ama a bheidh socraithe le rialacha cúirte chun aon bheart nó aon ghníomh a dhéanamh sna himeachtaí.

I gcás nach rachfar i gcomhairle leis an athair.

18.—(1) Más rud é nach mbeidh comhlacht creidiúnaithe in ann dul i gcomhairle le hathair linbh chun críocha *alt 17(2)*, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe, i bhfoirm agus ar mhodh a cheadóidh an tÚdarás, fógra sa chéill sin a thabhairt don Údarás.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, más deimhin leis go ndearna an comhlacht creidiúnaithe cibé bearta is indéanta le réasún chun dul i gcomhairle leis an athair, a údarú don chomhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil.

(3) Féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe, aon tráth tar éis údarú a bheith tugtha amhlaidh faoi *fho-alt (2)*, an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, ach sin sa chás amháin nach mbeidh teagmháil déanta ag an athair leis an gcomhlacht creidiúnaithe lena léiriú go bhfuil agóid aige in aghaidh an tsuímh.

(4) Más rud é, ar iarratas ó chomhlacht creidiúnaithe a bheartaíonn leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, gur deimhin leis an Údarás, ag féachaint do na nithe seo a leanas—

- (a) cineál an chaidrimh idir an t-athair agus an mháthair, nó
- (b) imthosca ghiniúint an linbh,

nár chúil don chomhlacht creidiúnaithe teagmháil a dhéanamh leis an athair i leith shuíomh an linbh—

- (i) féadfaidh an tÚdarás, tar éis ceadú a fháil i dtosach ón Ard-Chúirt, údarú a thabhairt don chomhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, agus
- (ii) aon tráth tar éis é a bheith údaraithe amhlaidh, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil.

(5) Más rud é nach bhfuil céannacht athar linbh ar eolas ag comhlacht creidiúnaithe agus go ndiúltaíonn an mháthair céannacht an athar a nochtadh, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe—

- (a) an mháthair a chomhairliú chun féachaint lena comhoibriú a fháil, is comhairle lena léireofar na nithe seo a leanas di—
 - (i) go bhféadfaí moill a chur leis an uchtáil,
 - (ii) go bhféadfadh an t-athair an uchtáil a chonspóid tráth dá éis sin,
 - (iii) go bhféadfadh an easpa faisnéise faoi chúlra liachta, géiniteach agus sóisialach an athar dochar a dhéanamh do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, agus
 - (iv) cibé nithe eile is cúil leis an gcomhlacht creidiúnaithe sna himthosca,

agus

- (b) má leanann an mháthair, tar éis comhairliúchán a thabhairt di, de bheith ag diúltú céannacht an athar a nochtadh, tuarascáil i scríbhinn ar an gcomhairliúchán a thug an comhlacht creidiúnaithe a thabhairt don Údarás.

(6) I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás tuarascáil i scríbhinn dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(b)* agus gur deimhin leis—

- (a) go ndearna an comhlacht creidiúnaithe cibé bearta ab indéanta le réasún chun comhoibriú na máthar a fháil, agus
- (b) nach bhfuil aon slí phraiticiúil eile ag an gcomhlacht creidiúnaithe chun céannacht an athar a fhionnadh,
 - ansin—
 - (i) féadfaidh an tÚdarás, tar éis ceadú ón Ard-Chúirt a fháil i dtosach, a údarú don chomhlacht creidiúnaithe

an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, agus

- (ii) féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe, mura mbeidh céannacht an athar fionnta ag an gcomhlacht creidiúnaithe, an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil aon tráth tar éis údarú a bheith tugtha dó amhlaidh.

(7) I gcás ina soláthróidh máthair linbh dearbhú reachtúil do chomhlacht creidiúnaithe á rá nach bhfuil sí in ann an t-athair a chéannú, ansin—

- (a) féadfaidh an tÚdarás, tar éis ceadú ón Ard-Chúirt a fháil i dtosach, a údarú don chomhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, agus
- (b) féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe, aon tráth dá éis sin, an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil mura bhfuil aon slí phraiticiúil eile ag an gcomhlacht creidiúnaithe chun céannacht an athar a fhionnadh.

CUID 4

UCHTÁLACHA BAILE AGUS UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

CAIBIDIL 1

Orduithe Uchtála agus Toilithe le hOrduithe Uchtála

Leas linbh.

19.—In aon ábhar, iarratas nó imeachtaí—

- (a) os comhair an Údaráis, nó
- (b) os comhair aon chúirte,

i ndáil leis an gceist i dtaobh na socrúithe maidir le leanbh a uchtáil, le hordú uchtála a dhéanamh nó le huchtáil idir tíortha lasmuigh den Stát a aithint, measfaidh an tÚdarás nó an chúirt, le linn an cheist sin a chinneadh, gur ní ró-thábhachtach é ag a bhfuil tosach airde leas an linbh.

Cumhacht an Údaráis chun ordú uchtála a dhéanamh nó chun uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

20.—(1) Ar iarratas ó dhuine, nó ó dhaoine más lánúin phósta iad, ar mian leis nó léi nó leo leanbh a uchtáil, féadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh maidir leis an iarratasóir nó na hiarratasóirí, de réir mar a bheidh, d'uchtáil an linbh.

(2) Ar iarratas ó uchtaitheoirí linbh arna uchtáil nó arna huchtáil in uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, féadfaidh an t-Údarás uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

(3) I gcás inar lánúin phósta na hiarratasóirí—

- (a) is ordú chun iad d'uchtáil an linbh i gcomhpháirt an t-ordú uchtála, nó
- (b) is é a bheidh san aitheantas dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2), aitheantas ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát ar an leanbh ag an lánúin i gcomhpháirt.

(4) Le linn dó ordú uchtála a dhéanamh, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas a chur i gcuntas—

- (a) an tuarascáil mheasúnachta iomchuí arna hullmhú faoi *alt 37*, agus
- (b) an dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta iomchuí más rud é gur eisíodh dearbhú faoi *alt 40*.

(5) Le linn dó uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, féadfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas a chur i gcuntas—

- (a) an ionstraim iomchuí a d'ullmhaigh Údarás Lárnach an stáit eile sin, nó a ullmhaíodh thar a cheann, agus atá comhionann leis an tuarascáil mheasúnachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)*, agus
- (b) an ionstraim iomchuí a d'ullmhaigh Údarás Lárnach an stáit eile sin, nó a ullmhaíodh thar a cheann, agus atá comhionann le dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta.

(6) Más rud é go ndéanfar iarratas chun an Údaráis faoin alt seo, féadfaidh an tÚdarás, uaidh féin nó ar iarratas ó dhuine leasmhar, cinneadh i dtaobh an t-ordú a dhéanamh nó diúltú an t-ordú a dhéanamh nó i dtaobh an uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir mar a bheidh, a iarchur ó am go ham.

21.—(1) Féadfaidh an t-iarratasóir nó na hiarratasóirí, trí fhógra arna sheachadadh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tráth ar bith tar éis iarratas a dhéanamh faoi *alt 20*, scor de na himeachtaí is ábhar don iarratas sin, gan dliteanas i leith aon chostas a bhaineann leis na himeachtaí.

Scor d'imeachtaí i leith ordú uchtála nó i leith uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

(2) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is féidir tar éis fógra a fháil faoi *fho-alt (1)*, fógra a thabhairt faoin scor don Údarás, d'aon choiste uchtála lena mbaineann agus do thuismitheoirí breithe an linbh a beartaíodh a uchtáil.

22.—Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, dá rogha féin, ranníoc a dhéanamh i leith na gcaiteachas a thabhóidh duine ar bith i dtaca le hiarratas faoi *alt 20* i ndáil le leanbh a bhfuil an comhlacht sin i dteideal ranníoc a dhéanamh i leith a chothaithe nó a cothaithe.

Ranníoc ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith caiteachas uchtála.

23.—(1) Ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála mura rud é, maidir leis an leanbh—

Leanáí a fhéadfar a uchtáil.

- (a) go bhfuil sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí sa Stát,
- (b) ar dháta an iarratais, nach bhfuil sé nó sí os cionn 7 mbliana d'aois,
- (c) gur dílleachta é nó í, nó gur rugadh é nó í do thuismitheoirí nach bhfuil pósta ar a chéile, agus
- (d) go raibh sé nó sí faoi chúram na n-iarratasóirí ar feadh na tréimhse forordaithe (más ann di).

(2) Féadfaidh an tÚdarás, ag féachaint d'imthosca áirithe an cháis, ordú uchtála a dhéanamh d'ainneoin nach raibh an leanbh faoi chúram na n-iarratasóirí ar feadh na tréimhse forordaithe faoi *fho-alt (1)(d)*.

Eisceacht i gcás linbh atá níos sine ná 7 mbliana.

24.—(1) D'ainneoin *alt 23(1)(b)*, más deimhin leis an Údarás gurb inmhianaithe, in imthosca áirithe an cháis, sin a dhéanamh, féadfaidh sé ordú uchtála a dhéanamh i ndáil le leanbh a bhí os cionn 7 mbliana d'aois ar dháta an iarratais ar an ordú.

(2) Sula ndéanann an tÚdarás ordú uchtála faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh sé mianta an linbh a bhreithniú go cuí, ag féachaint dá aois nó dá haois agus dá thuiscint nó dá tuiscint.

Ordú uchtála a cheartú.

25.—Féadfaidh an tÚdarás uaidh féin, nó ar iarratas ó dhuine leasmhar, ordú uchtála a leasú, trí earráid ar bith sna sonraí ann a cheartú.

CAIBIDIL 2

Toilithe le hOrduithe Uchtála

Toilithe le horduithe uchtála.

26.—(1) Ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála gan toiliú gach duine acu seo a leanas, eadhon, máthair nó caomhnóir an linbh, nó duine eile a bhfuil an leanbh faoina cheannas nó faoina ceannas nó faoi rialú, mura ligeann an tÚdarás an toiliú thar ceal—

- (a) le ceadú ón Ard-Chúirt más coimircí cúirte an duine ar gá a thoiliú nó a toiliú a fháil,
- (b) de réir údarú ón Ard-Chúirt le hordú faoin alt seo, más rud é—
 - (i) nach coimircí cúirte an duine ar gá a thoiliú nó a toiliú a fháil, agus
 - (ii) gur deimhin leis an Ard-Chúirt nach bhfuil ar chumas an duine, de dheasca easláine meabhrach, toiliú a thabhairt nó nach féidir an duine sin a fháil,
- (c) de réir údarú ón Ard-Chúirt le hordú faoi *alt 31* i gcás lena mbaineann an t-alt sin, nó
- (d) de réir údarú ón Ard-Chúirt le hordú faoi *alt 54* i gcás lena mbaineann an t-alt sin.

(2) Féadfaidh duine toiliú a thabhairt le hordú uchtála a dhéanamh gan a fhios a bheith aige nó aici cé hé nó cé hí an t-iarratasóir ar an ordú.

(3) Is i scríbhinn san fhoirm fhorordaithe a thabharfar toiliú.

(4) Féadfar toiliú a tharraingt siar aon tráth sula ndéanfar ordú uchtála.

27.—(1) Maidir le haon duine ar gá a thoiliú nó a toiliú a fháil le hordú uchtála a dhéanamh—

Faisnéis do dhaoine i dtaobh toiliú le horduithe uchtála.

(a) cuirfear in iúl dó nó di sula dtabharfaidh sé nó sí an toiliú nó a luaithe is féidir tar éis é a thabhairt—

(i) go bhféadfar an toiliú an tharraingt siar aon tráth sula ndéanfar an t-ordú,

(ii) go bhfuil sé nó sí i dteideal éisteacht a fháil faoin iarratas ar an ordú, agus

(iii) go bhfuil sé de rogha ag an Ard-Chúirt faoi *fho-alt (3) d'alt 31*, d'ainneoin an toiliú a bheith tarraingthe siar ina dhiaidh sin, a údarú don Údarás an toiliú a ligean thar ceal de réir an ailt sin,

agus

(b) iarrfar air nó uirthi, ar an toiliú a thabhairt nó dá éis, a chur in iúl i scríbhinn an mian leis nó léi—

(i) go gcuirfí in iúl dó nó di an dáta a thabharfaidh an tÚdarás, más mian leis an duine éisteacht a fháil, éisteacht don duine nó dá abhcóide nó dá habhcóide nó dá aturnae nó dá haturnae faoin iarratas ar an ordú, nó

(ii) go rachfaí i gcomhairle thairis sin leis nó léi arís i ndáil leis an iarratas ar an ordú.

(2) Más rud é, maidir le duine ar gá a thoiliú nó a toiliú a fháil le hordú uchtála a dhéanamh, go ndeir sé nó sí nach mian leis nó léi—

(a) go ndéanfaí faisnéis, mar atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(b)(i)*, a chur in iúl dó nó di, nó

(b) go rachfaí i gcomhairle thairis sin leis nó léi arís mar atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)(b)(ii)*,

ní gá an fhaisnéis a chur in iúl dó nó di ná dul i gcomhairle leis nó léi amhlaidh.

(3) Mura ndeir an duine amhlaidh, cuirfear an fhaisnéis in iúl dó nó di agus rachfar i gcomhairle leis nó léi de réir *fhomhúreanna (i)* agus *(ii) d'fho-alt (1)(b)*, mura rud é nach féidir é nó í a aimsiú, agus sa chás sin ceanglaítear ar an Údarás déileáil leis an iarratas amhail is nár thug an duine an toiliú.

28.—(1) Níl toiliú le hordú uchtála a dhéanamh bailí murar tugadh é—

Bailíocht toilithe.

(a) tar éis don leanbh lena mbaineann aois 6 seachtaine a shlánú, agus

(b) tráth nach luaithe ná 3 mhí sula ndéantar an t-iarratas ar uchtáil.

(2) Deimhneoidh an tÚdarás dó féin maidir le gach duine ar gá a thoiliú nó a toiliú a fháil le hordú uchtála a dhéanamh, agus nár ligeadh an toiliú sin thar ceal—

- (a) go bhfuil an toiliú tugtha aige nó aici, agus
- (b) go dtuigeann sé nó sí cad é an rud é an toiliú agus an t-ordú uchtála agus an éifeacht atá leo.

Fiosruithe thar ceann an Údaráis.

29.—(1) Chun críocha *ailt 27* agus *28*, féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar aon duine, sa Stát nó lasmuigh de, a mheasann an tÚdarás is duine oiriúnach chun na críche, agus a údarú dó nó di—

- (a) fiosruithe a dhéanamh thar a cheann, agus
- (b) torthaí na bhfiosruithe sin a thuairisciú dó.

(2) Má ghlacann an tÚdarás leis gur tuarascáil shásúil an tuarascáil, beidh sé i dteideal a mheas—

- (a) gur léiriú dóthanach an glacadh sin go bhfuil *alt 27* comhlíonta ag an Údarás maidir le hábhar na bhfiosruithe, agus
- (b) gurb ionann an glacadh sin agus *alt 28(2)* a bheith comhlíonta ag an Údarás.

Dul i gcomhairle leis an athair.

30.—(1) San alt seo, folaíonn “athair”, i ndáil le leanbh, duine a chreideann gurb é athair an linbh é.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le huchtáil linbh ag duine nach é athair an linbh é.

(3) Faoi réir an ailt seo, déanfaidh an tÚdarás, ar iarratas ar ordú uchtála a fháil, cibé bearta is indéanta le réasún chun a chinntiú go rachfar i gcomhairle le hathair an linbh i ndáil leis an uchtáil.

(4) I gcás gur deimhin leis an Údarás, ag féachaint do na nithe seo a leanas—

- (a) cineál an chaidrimh idir an t-athair agus an mháthair, nó
- (b) imthosca ghiniúint an linbh,

nár chúí don Údarás dul i gcomhairle leis an athair i leith uchtáil an linbh, féadfaidh an tÚdarás, tar éis ceadú a fháil ar dtús ón Ard-Chúirt, an t-ordú uchtála a dhéanamh gan dul i gcomhairle leis an athair.

(5) Más rud é nach bhfuil céannacht athar linbh ar eolas ag an Údarás agus go ndiúltaíonn an mháthair, nó nach bhfuil an mháthair in ann, céannacht an athar a nochtadh, tabharfaidh an tÚdarás comhairliúchán don mháthair lena léireofar na nithe seo a leanas di—

- (a) go bhféadfaí moill a chur leis an uchtáil,
- (b) go bhféadfadh an t-athair an uchtáil a chonspóid dáta éigin dá éis sin,
- (c) go bhféadfadh an easpa faisnéise faoi chúlra liachta, géiniteach agus sóisialach an athar dochar a dhéanamh do shláinte, d’fhorbairt nó do leas an linbh, agus

(d) cibé nithe eile a mheasfaidh an tÚdarás is cuí sna himthosca.

(6) Tar éis comhairliúchán a thabhairt don mháthair faoi *fho-alt (5)*, féadfaidh an tÚdarás, tar éis ceadú a fháil ón Ard-Chúirt ar dtús, an t-ordú uchtála a dhéanamh gan dul i gcomhairle leis an athair, más rud é—

(a) go leanfaidh an mháthair de bheith ag diúltú céannacht an athar a nochtadh nó go soláthróidh sí dearbhú reachtúil don Údarás nach bhfuil sí in ann an t-athair a chéannú, agus

(b) nach bhfuil aon slí phraiticiúil eile ag an Údarás chun céannacht an athar a fhionnadh.

(7) Cabhróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó comhlacht creidiúnaithe, ar an Údarás é a iarraidh, chun feidhmeanna an Údaráis faoin alt seo a chomhlíonadh.

31.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “iarratasóirí” an duine nó na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)*;

ciallaíonn “duine eile” an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)*.

Féadfaidh an Ard-Chúirt leanbh a chur faoi choimeád uchtaitheoirí ionchasacha agus a údarú go ligfear toiliú le huchtáil thar ceal.

(2) Más rud é—

(a) go mbeidh iarratas déanta ag duine nó ag daoine ar ordú uchtála, agus

(b) maidir le duine eile, ar gá faoi *alt 26* a thoiliú nó a toiliú a fháil le déanamh an ordaithe uchtála, agus a mbeidh comhaontaithe aige nó aici leis an leanbh lena mbaineann a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil—

(i) go mainneoidh sé nó sí, go bhfailleoidh sé nó sí nó go ndiúltóidh sé nó sí a thoiliú nó a toiliú a thabhairt leis an uchtáil, nó

(ii) tar éis a thoiliú nó a toiliú a thabhairt roimhe sin leis an uchtáil, go dtarraingeoidh sé nó sí a thoiliú nó a toiliú siar,

féadfaidh na hiarratasóirí ar an ordú uchtála iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú faoi *fho-alt (3)*.

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, más deimhin léi gurb é leas an linbh é déanamh amhlaidh, ordú a dhéanamh—

(a) lena gcuirfear an leanbh faoi choimeád na n-iarratasóirí ar feadh tréimhse sonraithe, agus

(b) lena n-údarófar don Údarás toiliú an duine eile leis na hiarratasóirí d’uchtáil an linbh a ligean thar ceal, agus beidh an uchtáil le déanamh le hordú uchtála a dhéanfar le linn na tréimhse coimeádta sonraithe sin.

(4) Más coimircí cúirte an duine eile, ní ligfear a thoiliú nó a toiliú thar ceal, de bhun ordaithe faoin alt seo, ach amháin le ceadú na Cúirte a dheonaigh an t-ordú coimircíochta.

Creideamh.

32.—D’ainneoin *alt 20*, ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála in aon chás nach den chreideamh céanna an t-iarratasóir nó na hiarratasóirí (más de chreideamh ar bith é nó í nó iad), de réir mar a bheidh, an leanbh agus—

- (a) tuismitheoirí an linbh, nó
- (b) máthair an linbh, mura bhfuil na tuismitheoirí pósta le chéile nuair a bheirtear an leanbh,

mura rud é maidir le gach duine ar gá, faoi *alt 26*, a thoilíú nó a toiliú a fháil leis an ordú uchtála a dhéanamh, gurb eol dó nó di le linn dó nó di toiliú amhlaidh, creideamh (más ann) an iarratasóra nó gach duine de na hiarratasóirí, más lánúin phósta iad.

CAIBIDIL 3

Incháilitheacht agus Oiriúnacht chun Uchtáil a Dhéanamh

Daoine atá incháilithe i leith ordú uchtála nó i leith uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

33.—(1) (a) Ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála, ná ní aithneoidh sé uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát mura rud é—

- (i) gur lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile na hiarratasóirí,
- (ii) gurb í máthair an linbh nó gurb é athair an linbh nó gur gaol leis an leanbh an t-iarratasóir, nó
- (iii) go ndeimhníonn an t-iarratasóir, d’ainneoin nach dtagann sé nó sí faoi réim *fhomhír (ii)*, don Údarás gurb inmhianaithe agus gur ar mhaithe le leas an linbh an uchtáil, sna himthosca áirithe.

(b) D’ainneoin *mhír (a)*, féadfaidh an tÚdarás uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint ar iarratas ó dhuine dá dtagraítear i *mír (a)* nó (c) *d’alt 90(3)*.

(2) Ach amháin mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (1)(a)*, ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála, ná ní aithneoidh sé uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, i leith níos mó ná duine amháin d’uchtáil linbh.

(3) Más rud é, maidir le hiarratasóir ar ordú uchtála, go bhfuil sé nó sí pósta, nó maidir le hiarratasóir, seachas iarratasóir is duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó (c) *d’alt 90(3)*, ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, go bhfuil sé nó sí pósta, ní dhéanfaidh an tÚdarás an t-ordú uchtála, ná ní aithneoidh sé an uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, gan toiliú ó chéile an iarratasóra, arna thabhairt ar an modh a chinnfidh an tÚdarás, mura rud é—

- (a) go bhfuil cónaí ar an lánúin ar leithligh óna chéile —
 - (i) faoi fhoraithe idirscartha bhreithiúnaigh faoi alt 3 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh 1989,
 - (ii) faoi fhoraithe nó faoi ordú a bhfuil an éifeacht chéanna léi nó leis agus a tugadh faoi dhlí dlínse eile agus a aithnítear sa Stát, nó

(iii) faoi ghníomhas idirscartha,

(b) go bhfuil an t-iarratasóir tréigthe ag an gcéile, nó

(c) go bhfuil de thoradh ar iompar ag an gcéile go scarann an t-iarratasóir ón gcéile, agus cúis chóir aige nó aici, agus go gcónaíonn ar leith ón gcéile.

(4) Ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála, ná uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, ach amháin i gcás inar duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(c) d'alt 90(3)* an t-iarratasóir, mura rud é—

(a) go mbeidh aois 21 bhliain slánaithe ag an iarratasóir agus, más lánúin phósta na hiarratasóirí, ag gach duine acu, nó

(b) gur lánúin phósta na hiarratasóirí, agus gurb í máthair an linbh nó gurb é athair an linbh, nó gur gaol leis an leanbh, duine acu, agus go mbeidh aois 21 bhliain slánaithe ag ceachtar acu.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)* agus *alt 81*, ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála mura rud é maidir leis an iarratasóir, nó más lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile na hiarratasóirí, maidir le gach duine acu, go mbeidh cónaí rialta air nó uirthi nó orthu sa Stát.

(6) Ní choisctear ar an Údarás le *fo-alt (5)*, chun críche uchtála idir tíortha a dhéantar sa Stát, ordú uchtála a dhéanamh i bhfabhar iarratasóra ar a bhfuil cónaí rialta, nó, más lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile na hiarratasóirí, a bhfuil cónaí rialta ar gach duine acu—

(a) i stát conarthach eile,

(b) i stát a bhfuil comhaontú déthaobhach aige leis an Stát, nó

(c) i stát a bhfuil socrú dá dtagraítear in *alt 81* aige leis an Stát.

(7) Eiseoidh an tÚdarás treoirlínte beartais maidir leis na himthosca ina bhféadfar ordú uchtála i bhfabhar iarratasóra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)(iii)* a dhéanamh.

34.—Ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála, ná uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, ach amháin i gcás inar duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(c) d'alt 90(3)* an t-iarratasóir, mura deimhin leis an Údarás maidir leis an iarratasóir nó, más lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile na hiarratasóirí, maidir le gach duine acu—

Daoine atá oiriúnach i leith ordú uchtála nó i leith uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

(a) gur duine oiriúnach é nó í chun cearta tuismitheora a bheith aige nó aici agus dualgais tuismitheora a bheith air nó uirthi i leith an linbh, agus

(b) gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, gur duine dea-charachtair mhorálta é nó í, go bhfuil an tsláinte go maith aige nó aici agus aois aige nó aici a fhágann go bhfuil súil réasúnach go mbeidh ar a chumas nó ar a cumas, fad atá an leanbh ina leanbh—

(i) a dhualgais nó a dualgais tuismitheora a chomhall i leith an linbh,

- (ii) forbairt agus dea-bhail an linbh a chur chun cinn agus tacú leis na nithe sin,
- (iii) leas an linbh a chaomhnú agus tacú leis,
- (iv) na hidirghabhálacha sláinte, sóisialta, oideachais agus eile is gá a sholáthar le haghaidh an linbh, agus
- (v) ciall a bheith aige nó aici do riachtanais an linbh agus tacaíocht a thabhairt maidir leo—
 - (I) i ndáil lena chéannacht nó lena céannacht, agus
 - (II) i ndáil lena chúlra nó lena cúlra eitneach, creidimh agus cultúrtha,
- (c) go mbeidh leor-acmhainn airgeadais aige nó aici chun an leanbh a chothabháil, agus
- (d) go mbeidh faisnéis, comhairle agus comhairliúchán cuí maidir le huchtáil tugtha dó nó di.

CAIBIDIL 4

Coistí Uchtála

Míniú ar
iarratasóirí.

35.—In *ailt 36 go 39*, ciallaíonn “iarratasóirí” daoine a dhéanann iarratas chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi *alt 37(1)*, agus, mura mbíonn ann ach iarratasóir amháin, ciallaíonn sé an t-iarratasóir sin.

Coistí uchtála de
chuid
Fheidhmeannacht
na Seirbhíse Sláinte.

36.—(1) Bunóidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte coiste uchtála amháin nó níos mó.

(2) Is iad feidhmeanna coiste uchtála—

- (a) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo agus faoi alt 6 den Acht um Chúram Leanáí 1991, agus
- (b) moltaí a chur faoi bhráid an Údaráis faoi *alt 39* maidir le dearbhuithe incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint d’iarratasóirí.

(3) Féadfaidh daoine nach fostaithe iad d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ach a bhfuil eolas agus taithí speisialta acu a bhaineann le cuspóirí an choiste a bheith ina gcomhaltaí de choiste uchtála.

(4) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte íocaíochtaí a dhéanamh le comhalta de choiste uchtála i leith caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaíonn an comhalta i ndáil le gnó an choiste.

(5) Beidh íocaíochtaí a dhéanfar faoin alt seo de réir scála a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

CAIBIDIL 5

Iarratas ag Uchtaitheoirí Ionchasacha ar Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta

37.—(1) Aon duine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát, nó aon lánúin phósta atá pósta le chéile, a bhfuil cónaí rialta ar gach duine acu sa Stát, féadfaidh sé nó sí nó siad iarratas a dhéanamh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar na nithe seo a leanas—

Iarratas chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an Údarás d'eisiúint dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta.

- (a) measúnacht ar incháilitheacht agus oiriúnacht i ndáil leis féin, léi féin, nó leo féin, agus
- (b) an tÚdarás d'eisiúint dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta de réir na measúnachta sin.

(2) Maidir le hiarratas faoi *fho-alt (1)*—

- (a) déanfar i scríbhinn é agus díreofar é chuig oifig de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é,
- (b) déanfar é i dteannta iarratais ar leithligh faoin Acht seo ag na hiarratasóirí ar ordú uchtála nó ar uchtáil idir tíortha a aithint lena n-áirítear uchtáil sna himthosca a phléitear in *alt 81*, agus
- (c) sonrófar ann cén stát ina bhfuil cónaí rialta ar an leanbh a bheartaíonn na hiarratasóirí a uchtáil faoin iarratas ar leithligh uathu dá dtagraítear i *mír (b)*.

(3) A luaithe is indéanta tar éis di iarratas a fháil faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na bearta seo a leanas maidir leis an uchtáil a bheartaítear faoin iarratas ar leithligh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)* nó socróidh sí go ndéanfaidh comhlacht creidiúnaithe na bearta:

- (a) faisnéis, comhairle agus comhairliúchán a sholáthar do na hiarratasóirí;
- (b) measúnacht ar incháilitheacht agus oiriúnacht a dhéanamh i ndáil leis na hiarratasóirí;
- (c) tuarascáil mheasúnachta atá i gcomhréir le mír (1) d'Airteagal 15 (a bhaineann le tuarascálacha ó Údarás Lárnacha stát glacadh) agus lena n-áirítear—
 - (i) an fhaisnéis a bhfuil tuairisc uirthi in Airteagal 15, agus
 - (ii) cinneadh maidir le hincháilitheacht agus oiriúnacht na n-iarratasóirí.

(4) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil mheasúnachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(c)* a ullmhú, an tuarascáil a tharchur chuig coiste uchtála chun go dtabharfaidh an coiste sin moladh ina taobh don Údarás faoi *alt 39(1)*.

Iarratasóirí do scor d'imeachtaí i leith dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint.

38.—(1) Féadfaidh na hiarratasóirí, trí fhógra a sheachadfar ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tráth ar bith tar éis iarratas a dhéanamh faoi *alt 37(1)*, scor de na himeachtaí is ábhar don iarratas sin, gan dliteanas i leith aon chostas a bhaineann leis na himeachtaí.

(2) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is indéanta tar éis fógra faoi *fho-alt (1)* a fháil, fógra i dtaobh an scoir a thabhairt don Údarás, don choiste uchtála lena mbaineann agus do thuismitheoirí breithe an linbh a bheartaítear a uchtáil.

Moladh ó choiste uchtála maidir le dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint.

39.—(1) A luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil mheasúnachta dá dtagraítear in *alt 37(4)* a fháil, déanfaidh an choiste uchtála—

(a) an tuarascáil a bhreithniú, agus

(b) moladh a dhéanamh i scríbhinn don Údarás i dtaobh cibé acu ba cheart nó nár cheart don Údarás, faoi *alt 40*, dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint i bhfabhar na n-iarratasóirí.

(2) Maidir le moladh faoi *fho-alt (1)*, beidh na cúiseanna ann a bhí ag an gcoiste leis an moladh.

(3) Seachadfaidh an choiste cóip den mholadh agus den tuarascáil mheasúnachta ar an Údarás, ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ar na hiarratasóirí.

CAIBIDIL 6

Cumhacht an Údaráis chun Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a Eisiúint d'Uchtaitheoirí Ionchasacha

Féadfaidh an tÚdarás dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint.

40.—(1) Féadfaidh an tÚdarás dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint i bhfabhar duine nó lánúine pósta atá pósta le chéile a mbeidh iarratas déanta acu chuig an Údarás faoin Acht seo ar ordú uchtála, nó de réir mar a bheidh, ar uchtáil idir tíortha a aithint, i ndáil le leanbh ar a bhfuil cónaí rialta—

(a) sa Stát (uchtáil bhaile),

(b) i stát conarthach eile (uchtáil idir tíortha),

(c) i stát a bhfuil comhaontú déthaobhach aige leis an Stát (uchtáil idir tíortha), nó

(d) sna himthosca a thuairiscítear in *alt 81* (uchtáil i gcás eisceachtúil), i stát neamhchonarthach nach páirtí i gcomhaontú déthaobhach é.

(2) Ní fhéadfar dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint ach amháin má shásaítear an tÚdarás, tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil mheasúnachta arna hullmhú faoi *alt 37* agus ar an moladh ón gcoiste uchtála faoi *alt 39* —

(a) go dtagann an t-iarratasóir, nó i gcás iarratasóirí ar lánúin phósta a chónaíonn le chéile iad, go dtagann gach duine díobh, faoi réim na n-aicmí daoine ar féidir ordú uchtála a dhéanamh ina fhabhar nó ina fabhar nó ina bhfabhar de bhua *alt 33* nó uchtáil idir tíortha a aithint de bhua an ailt sin, agus

- (b) maidir leis na nithe a shonraítear in *alt 34* i ndáil leis an iarratasóir, nó i gcás iarratasóirí ar lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile iad, i ndáil le gach duine díobh.

(3) Nuair a bheidh an tÚdarás ag eisiúint dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta, féadfaidh sé ráiteas a áireamh sa dearbhú a bhainfidh le haois nó le bail sláinte linbh ar dóigh leis an Údarás go bhfuil an t-iarratasóir nó na hiarratasóirí oiriúnach chun bheith ina thuismitheoir nó ina tuismitheoir nó ina dtuismitheoirí aige nó aici.

(4) Mura sásaítear an tÚdarás maidir leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, féadfaidh sé diúltú dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint i bhfabhar an duine nó na lánúine pósta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, tar éis dó deis a thabhairt dó, di nó dóibh éisteacht a fháil i dtosach.

(5) Ní eiseofar ná ní dhiúltófar dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta más rud é go mbeidh fógra scoir infheidhme faighte ag an Údarás faoi *alt 21* nó *38*.

41.—(1) Téann dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta in éag—

Dul in éag
dearbhaithe
incháilitheachta
agus oiriúnachta.

- (a) tar éis 24 mhí ó dháta eisiúna an dearbhaithe, nó
- (b) tar éis tréimhse breise nach faide ná 12 mhí a shonróidh an tÚdarás ar iarratas a bheith déanta chuig an Údarás ag an duine nó ag an lánúin phósta lena mbaineann laistigh de na 24 mhí sin.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, más rud é—

- (a) le linn na 24 mhí dá dtagraítear san *fho-alt* sin, mar aon leis an tréimhse bhreise, más ann, a shonróidh an tÚdarás faoin *bhfo-alt* sin, agus
- (b) sula ndéanfar ordú uchtála, nó sula n-aithneofar uchtáil idir tíortha, ar eisíodh an dearbhú dá dtagraítear san *fho-alt* sin ina leith,

go bhfuil faisnéis nua ar fáil, faoi incháilitheacht agus oiriúnacht an iarratasóra nó na n-iarratasóirí chun uchtáil a dhéanamh nó go mbeidh athrú ar na himthosca iomchuí, féadfaidh an tÚdarás, tar éis dó—

- (i) athbhreithniú a dhéanamh ar an dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta, agus
- (ii) deis a thabhairt don duine nó don lánúin phósta lena mbaineann, éisteacht a fháil,
- (I) an dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a leasú trí choinníollacha sonraithe a chur ag gabháil leis, lena n-áirítear coinníoll go ndéanfar athbhreithniú ar incháilitheacht agus oiriúnacht an duine nó na lánúine pósta ag éisteacht os comhair an Údaráis, ach gan a bheith teoranta don choinníoll sin, nó
- (II) an dearbhú a tharraingt siar má mheasann an tÚdarás nár chuí, ag féachaint don Acht seo, an t-ordú

uchtála a dhéanamh nó an uchtáil idir tíortha a aithint.

Cruthúnas ar dhearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta.

42.—Aon doiciméad a airbheartaíonn—

- (a) gur cóip é de dhearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta nó sliocht as, agus
 - (b) a bheith deimhnithe ag oifigeach don Údarás ina chóip dhílis den dearbhú nó sliocht as,
 - (i) glacfar i bhfianaise é in aon imeachtaí dlí, agus
 - (ii) measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur cóip dhílis den dearbhú nó sliocht as an dearbhú é agus gur fianaise ar an dearbhú sin é,
- gan chruthúnas ar shíniú an oifigigh don Údarás.

CUID 5

IMEACHTAÍ UCHTÁLA OS COMHAIR AN ÚDARÁIS

Iarratais a éisteacht.

43.—(1) Beidh na daoine seo a leanas i dteideal éisteacht a fháil ar iarratas a dhéanamh ar ordú uchtála:

- (a) an t-iarratasóir;
 - (b) an leanbh;
 - (c) máthair an linbh;
 - (d) athair an linbh nó an duine a chreideann gurb é athair an linbh é;
 - (e) caomhnóir an linbh;
 - (f) an duine a raibh an leanbh faoina cheannas nó faoina ceannas nó faoina rialú díreach roimh shuíomh an linbh lena uchtáil nó lena huchtáil;
 - (g) gaol leis an leanbh;
 - (h) ionadaí—
 - (i) do chomhlacht measúnaithe, nó
 - (ii) d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- a bhfuil baint nó a raibh baint aon tráth aige nó aici leis an leanbh;
- (i) fostaí de chuid an Údaráis;
 - (j) duine eile a gcinnfidh an Bord, dá rogha féin, éisteacht a thabhairt dó nó di.

(2) Aon duine ag a mbeidh teideal éisteacht a fháil, féadfaidh abhcóide nó atur nae feidhmiú ar a shon nó ar a son.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin, nó ar iarratas ó dhuine leasmhar, an t-iarratas go léir, nó cuid de, a éisteacht go príobháideach.

(4) I gcás fógra a bheith faighte ag an Údarás faoi imeachtaí a bheidh ar feitheamh in aon chúirt maidir le coimeád linbh a bhfuil iarratas ina leith os comhair an Údaráis, ní dhéanfaidh an tÚdarás aon ordú san ábhar go dtí go mbeidh na himeachtaí curtha de láimh.

(5) Chun críocha *alt 53*, déanfar aon tagairt do dhuine i *mír (c)* nó *(d) d'fho-alt (1)* den alt seo a mhéid atá feidhm aige maidir le leanbh a mbeidh ordú uchtála i bhfeidhm ina leith nó is ábhar d'uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a bhfuil aitheantas tugtha di faoin Acht seo, a léamh mar thagairt do na huchtaitheoirí nó don uchtaitheoir marthanach faoin ordú nó faoin uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát.

44.—(1) In imthosca inar dleathach ordú uchtála a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás, ar iarratas ar ordú den sórt sin—

Orduithe eatramhacha maidir le coimeád in imeachtaí uchtála.

(a) an t-iarratas ar an ordú uchtála a chur ar atráth, agus

(b) ordú eatramhach a dhéanamh,

lena dtabharfar coimeád an linbh don iarratasóir ar feadh tréimhse promhaidh nach faide ná 2 bhliain.

(2) Féadfaidh an tÚdarás coinníollacha a chur ag gabháil leis an ordú eatramhach maidir le cothabháil agus oideachas an linbh agus maoirseacht ar leas an linbh.

(3) Tar éis deis a thabhairt don duine ag a bhfuil coimeád an linbh faoin ordú eatramhach éisteacht a fháil, féadfaidh an tÚdarás an t-ordú eatramhach a chúlghairm.

(4) Déanfaidh an tÚdarás an t-ordú eatramhach a chúlghairm ar iarraidh—

(a) ón duine dár tugadh coimeád an linbh, nó

(b) ó mháthair nó caomhnóir an linbh.

(5) Ní mhainneoidh ná ní dhiúltóidh duine coinníoll a ghabhann le hordú eatramhach arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh.

45.—I gcás ina mbeidh uchtaitheoirí linbh tar éis bás a fháil—

Athuchtáil.

(a) féadfar ordú uchtála eile a dhéanamh maidir leis an leanbh, agus

(b) measfar, chun críocha an ordaithe, gur leanbh dleathach leis na huchtaitheoirí éagtha an leanbh.

46.—(1) Chun críocha aon imeachtaí os comhair an Údaráis faoin Acht seo, féadfaidh sé—

Cumhacht chun finnétithe a thoghairm, etc.

(a) finnétithe a thoghairm chun freastal os a chomhair,

(b) na finnétithe a bheidh ag freastal os a chomhair a cheistiú faoi mhionn, nó

(c) a cheangal ar aon fhinné den sórt sin aon doiciméad a beidh faoi chumhacht nó faoi rialú an fhinné a thabhairt ar aird don Údarás.

(2) Beidh finné atá os comhair an Údaráis i dteideal na ndíolúintí agus na bpríbhleáidí céanna a mbeadh sé nó sí ina dteideal dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.

(3) Ní dhéanfaidh duine—

(a) mainneachtain freastal os a chomhair, tar éis é nó í a thoghairm go cuí mar fhinné os comhair an Údaráis, nó

(b) diúltú, agus é nó í ag freastal mar fhinné—

(i) mionn a ghlacadh a cheanglóidh an tÚdarás le dlí a ghlacadh,

(ii) aon doiciméad faoi chumhacht nó faoi rialú an fhinné a thabhairt ar aird, ar doiciméad é a gceanglóidh an tÚdarás le dlí ar an bhfinné é a thabhairt ar aird, nó

(iii) aon cheist a fhreagairt a gceanglóidh an tÚdarás le dlí í a fhreagairt.

(4) I gcás ina bhfreastalóidh finné (seachas iarratasóir ar ordú uchtála nó ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint) os comhair an Údaráis de bhun toghairme arna heisiúint ar thionscnamh an Údaráis, féadfaidh an tÚdarás, más cuí leis, suim a íoc leis an bhfinné—

(a) i leith caiteachas arna dtabhú ag an bhfinné i dtaca leis an bhfreastal, agus

(b) de réir scála a fhorordóidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais.

Doiciméid a sheirbheáil.

47.—Aon toghairm, fógra nó doiciméad eile a gceanglaítear nó a n-údaráítear, leis an Acht seo nó faoi í nó é a eisiúint ag an Údarás d'aon duine féadfar í nó é a sheirbheáil leis an bpost cláraithe.

Fianaise.

48.—Féadfaidh an tÚdarás fianaise a ghlacadh ó bhéal nó trí mhionnscribhinn.

Cás a shonrú don Ard-Chúirt.

49.—(1) Féadfaidh an tÚdarás aon cheist dlí a eascróidh ar iarratas ar ordú uchtála nó ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, a tharchur chuig an Ard-Chúirt lena cinneadh.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, murar dóigh leis an Údarás gur ceist shuaibhreasach ceist dlí a eascróidh as iarratas ar ordú uchtála nó ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, déanfaidh sé an cheist dlí a tharchur chun na hArd-Chúirte lena cinneadh, má iarrann aon duine díobh seo a leanas air déanamh amhlaidh—

(a) iarratasóir ar an ordú nó ar an uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint,

(b) máthair nó caomhnóir an linbh, nó

- (c) aon duine a bhfuil an leanbh faoina cheannas nó faoina ceannas nó faoina rialú.

(3) Déanfaidh an tÚdarás aon cheist dlí i ndáil le beartas poiblí a eascróidh i leith taifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha a tharchur chun na hArd-Chúirte lena cinneadh.

(4) Faoi réir rialacha cúirte, féadfar ceist a bheidh tarchurtha faoin alt seo chun na hArd-Chúirte a éisteacht go príobháideach.

CUID 6

IMEACHTAÍ CÚIRTE GAOLMHARA

50.—(1) Ní dhearbhóidh cúirt uchtáil iomchuí a bheith neamhbhailí más deimhin leis an gcúirt, tar éis éisteacht a thabhairt d’aon daoine ar dóigh leis an gcúirt gur ceart éisteacht a thabhairt dóibh—

Ní dhearbhófar uchtáil iomchuí a bheith neamhbhailí murab é leas an linbh é sin a dhearbhu.

- (a) nárbh é leas an linbh lena mbaineann dearbhú den sórt sin a dhéanamh, agus

- (b) gur chúí gan dearbhú den sórt sin a dhéanamh, ag féachaint don leas sin agus do na ceartha atá ag na daoine go léir lena mbaineann faoin mBunrecht.

(2) Measfar chun gach críche gur uchtáil bhailí, agus gurbh uchtáil bhailí riamh ó rinneadh í, uchtáil iomchuí mura ndearbhóidh cúirt gur uchtáil neamhbhailí í.

(3) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn “uchtáil iomchuí” ordú uchtála, uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát nó taifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha a bhaineann le huchtáil idir tíortha.

51.—(1) Más rud é go ndearbhóidh cúirt in aon imeachtaí go bhfuil ordú uchtála neamhbhailí agus má bhíonn an leanbh lena mbaineann—

Orduithe ó chúirt maidir le coimeád leanaí i gcásanna áirithe.

- (a) i gcoimeád duine nó daoine ar ina fhabhar nó ina fabhar nó ina bhfabhar a rinneadh an t-ordú uchtála, nó

- (b) i gcoimeád aon duine nó daoine eile seachas an duine nó na daoine a d’iarr an dearbhú neamhbhailíochta,

ní dhéanfaidh an chúirt ordú sna himeachtaí sin maidir le coimeád an linbh ach amháin de réir *fho-alt (2)*.

(2) Féadfaidh an chúirt an t-ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh, maidir le coimeád an linbh, más rud é—

- (a) gur iarradh an t-ordú sna himeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, agus

- (b) gur deimhin leis an gcúirt—

- (i) mar gheall ar aon duine a bhfuil an leanbh ina choimeád nó ina coimeád a uamadh sna himeachtaí, agus

- (ii) mar gheall ar na himthosca eile a bhaineann leis an gcás,

go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas ceist coimeádta an linbh a chinneadh sna himeachtaí sin seachas in imeachtaí ar leithligh.

(3) Má thugann an chúirt breith, áfach, de réir *fho-alt (2)*, ceist coimeádta an linbh a chinneadh, déanfaidh an chúirt amhlaidh faoi threoir alt 3 den Acht um Chaomhnóireacht Naíon 1964.

(4) D'ainneoin *fho-alt (1)*, ní dhéanfar, gan toiliú na cúirte—

- (a) an duine nó na daoine ar ina fhabhar nó ina fabhar nó ina bhfabhar a dhéantar an t-ordú uchtála, nó
- (b) aon duine nó daoine eile a bhfuil an t-uchtleanbh ina choimeád nó ina coimeád nó ina gcoimeád,

a uamadh, nó éisteacht a thabhairt dó nó di nó dóibh ar shlí eile, in aon imeachtaí i gcúirt ar saincheist iontu bailíocht an ordaithe.

(5) Féadfaidh an chúirt, le linn breith a thabhairt i dtaobh an dtabharfaidh sí toiliú faoi *fho-alt (4)*, aighneachtaí a chur i gcuntas a bheidh déanta chuici ag an Údarás nó ag aon duine leasmhar eile ar aighneachtaí iad—

- (a) i ndáil leis an duine nó leis na daoine lena mbaineann a chéannú, tráth na haighneachtaí a dhéanamh, nó
- (b) i ndáil le haon ní iomchuí eile.

CUID 7

ORDUITHE UCHTÁLA I GCÁSANNA EISCEACHTÚLA AGUS RÓL NA HARD-CHÚIRTE

Léiriú (*Cuid 7*).

52.—(1) Sa Chuid seo, maidir le “tuismitheoirí”—

- (a) foláíonn sé tuismitheoir marthanach, agus
- (b) i ndáil le leanbh a mbeidh ordú uchtála i bhfeidhm ina leith nó is ábhar d'uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé—
- (i) na huchtaitheoirí, nó
- (ii) an t-uchtaitheoir marthanach,

faoin ordú.

(2) Maidir le tagairtí sa Chuid seo—

- (a) do dhaoine a mbeidh dearbhú faoi *alt 53(1)* déanta ag an Údarás ina bhfabhar, nó
- (b) do dhaoine a bheidh ag déanamh iarratais ar ordú uchtála,

i gcás aon ní díobh seo a leanas—

- (i) dearbhú i bhfabhar duine amháin, nó

(ii) iarratas ó dhuine amháin,

is tagairtí iad don duine sin.

53.—(1) Déanfaidh an tÚdarás iarratas ar ordú uchtála a dhéanfar chuige a chur ar atráth agus dearbhóidh sé go ndéanfaidh sé an t-ordú uchtála má údaraíonn an Ard-Chúirt dó, le hordú faoi *alt 54(2)*, déanamh amhlaidh, más rud é—

Orduithe uchtála i ndáil le leanaí i gcás go mbeidh feidhm le hordú ón Ard-Chúirt faoi *alt 54*.

(a) go mbeidh an tÚdarás tar éis éisteacht a thabhairt—

(i) d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

(ii) d’aon daoine arna sonrú i *míreanna (a) go (h) d’alt 43(1)* ar mian leo éisteacht a fháil, agus

(iii) d’aon duine eile a gcinnfidh an tÚdarás, dá rogha féin, éisteacht a thabhairt dó nó di,

(b) nach mbeadh, murach an Chuid seo, an chumhacht ag an Údarás an t-ordú a dhéanamh, agus

(c) go mbeidh sé sásta gurbh iomchuí an t-ordú uchtála a dhéanamh dá mba rud é go ndéanfaí ordú ón Ard-Chúirt faoi *alt 54(2)* i bhfabhar na n-iarratasóirí maidir leis an leanbh lena mbaineann,

(2) Más rud é—

(a) go ndéanfar ordú ón Ard-Chúirt faoi *alt 54(2)*, agus

(b) nach dtionscnófar achomharc in aghaidh an ordaithe nó go ndaingneoidh an Chúirt Uachtarach an t-ordú ar achomharc,

ansin, faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh an tÚdarás, d’ainneoin *alt 23*, ar iarraidh ón duine nó ó na daoine a ndearnadh an t-ordú ón Ard-Chúirt ina fhabhar nó ina fabhar nó ina bhfabhar, ordú uchtála i ndáil leis an leanbh lena mbaineann an t-ordú ón Ard-Chúirt, i bhfabhar an duine sin nó na ndaoine sin.

(3) Ní dhéanfaidh an tÚdarás ordú uchtála faoi *fho-alt (2)* más deimhin leis an Údarás go bhfuil na himthosca iomchuí athraithe chomh mór sin ó dháta an dearbhaithe faoi *fho-alt (1)* nár chúí, ag féachaint don Acht seo, an t-ordú uchtála a dhéanamh.

(4) Níl feidhm ag *alt 44* i ndáil le hiarraidh chuig an Údarás ar ordú uchtála faoi *fho-alt (2)*.

(5) I gcás ina ndéanfar ordú uchtála faoi *fho-alt (2)* i ndáil le leanbh a mbeidh ordú uchtála roimhe sin déanta ina leith, measfar, chun críocha an ordaithe chéadluaite, gur leanbh dleathach leis na huchtaitheoirí faoin ordú roimhe sin an leanbh.

Orduithe ón Ard-Chúirt lena n-údaraithe don Údarás orduithe uchtála a dhéanamh le haghaidh leanaí a mainníonn a dtuismitheoirí a ndualgas a dhéanamh ina leith.

54.—(1) I gcás ina n-iarrfaidh iarratasóirí, a mbeidh dearbhú déanta ina bhfabhar ag an Údarás faoi *alt 53(1)*, ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú faoin alt seo—

- (a) má mheasann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cuí déanamh amhlaidh agus mura mbeidh iarratas de réir *mhír (b)* déanta ag na hiarratasóirí, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar an ordú, agus
- (b) más rud é, laistigh den tréimhse 3 mhí ón lá a tugadh an iarraidh—
 - (i) go ndiúltoídh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do na hiarratasóirí, géilleadh don iarraidh, nó
 - (ii) nach dtabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte fógra faoi *fhomhír (i)* den mhír seo do na hiarratasóirí i ndáil leis an iarraidh ach nach ndéanfaidh sí iarratas ar an ordú faoi *mhír (a)*,

féadfaidh na hiarratasóirí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar an ordú.

(2) Ar iarratas a bheith déanta faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)*, féadfaidh an Ard-Chúirt le hordú a údarú don Údarás ordú uchtála a dhéanamh i ndáil leis an leanbh i bhfabhar na n-iarratasóirí, agus toiliú aon duine a ligean thar ceal, is duine ar gá a thoiliú nó a toiliú leis an ordú uchtála a dhéanamh, más rud é—

- (a) gur deimhin leis an Ard-Chúirt gurbh é leas an linbh é an t-údarú a dheonú, ag féachaint go cuí do chearta na ndaoine lena mbaineann, cibé acu faoin mBunreacht nó thairis sin, (lena n-áirítear cearta nádúrtha dochloíte an linbh), agus
- (b) go suitear an méid seo a leanas chun sástacht na hArd-Chúirte:
 - (i) (I) gur mhainnigh tuismitheoirí an linbh lena mbaineann an dearbhú faoi *alt 53 (1)*, ar feadh tréimhse leanúnaí 12 mhí ar a laghad díreach roimh an tráth a rinneadh an t-iarratas, a ndualgas a dhéanamh i leith an linbh, ar chúiseanna fisiciúla nó morálta,
 - (II) gur dóigh go leanfar den mhainneachtain sin, gan staonadh, go dtí go mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe ag an leanbh,
 - (III) gurb ionann an mhainneachtain agus tréigean, ar thaobh na dtuismitheoirí, ar chearta uile tuismitheoirí, cibé acu faoin mBunreacht nó thairis sin, i leith an linbh, agus
 - (IV) mar gheall ar an mainneachtain sin, gur chóir don Stát, ós é caomhnóir leas an phobail é, ionad na dtuismitheoirí a líonadh;

- (ii) go raibh an leanbh—

- (I) i gcoimeád na n-iarratasóirí agus cónaí air nó uirthi leo, tráth déanta an iarratais, agus
- (II) i gcoimeád na n-iarratasóirí agus cónaí air nó uirthi leo, ar feadh tréimhse leanúnaí 12 mhí ar a laghad díreach roimh an tráth sin;

agus

- (iii) gur slí chuí le hionad na dtuismitheoirí a líonadh é na hiarratasóirí d'uchtáil an linbh.

(3) Sula ndéanfaidh sí ordú faoi *fho-alt (2)*, tabharfaidh an Ard-Chúirt, a mhéid is indéanta é, aird chuí ar mhianta an linbh lena mbaineann, ag féachaint dá aois nó dá haois agus dá thuiscint nó dá tuiscint.

(4) Féadfaidh an Ard-Chúirt, uaithi féin nó ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici, orduithe a dhéanamh—

- (a) lena gcuirfear daoine eile mar pháirtithe in imeachtaí faoin alt seo, agus
- (b) maidir leis an méid seo a leanas—
 - (i) sa chás gur diúltaíodh cúnamh dlíthiúil i leith na n-imeachtaí faoi aon scéim a oibríonn an Stát nó a oibrítear thar ceann an Stáit chun cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil, aon chostais íoc, i ndáil leis na himeachtaí, a thabhaíonn an duine agus nach ndéanann páirtí eile iad a íoc, nó
 - (ii) an duine d'íoc aon chostas i ndáil leis na himeachtaí a thabhaíonn aon pháirtí eile.

(5) Déanfar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a uamadh mar pháirtí in imeachtaí faoi *fho-alt (1)(b)*.

(6) Éistfear imeachtaí faoin alt seo go príobháideach.

(7) Aon iarraidh chun Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi *fho-alt (1)*—

- (a) féadfar í a thabhairt trína tabhairt de lámh d'fhostaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina háitreabh, nó trína cur leis an bpost réamhíoctha chuige nó chuici, agus
- (b) chun críocha *fho-alt (1)(b)*, is ar an lá a thugtar de lámh í d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó a chuirtear chuici tríd an bpost í, a thugtar di í.

55.—(1) Faoi réir an ailt seo, ní dhéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *alt 54(2)* gan éisteacht a bheith tugtha aici—

Fianaise don Ard-Chúirt.

- (a) do na tuismitheoirí lena mbaineann (nó do cheachtar acu), agus
- (b) d'aon daoine eile ar chóir, i dtuairim na hArd-Chúirte, éisteacht a thabhairt dóibh.

(2) I gcás ina mbeidh iarrtha ar na tuismitheoirí lena mbaineann (nó ar ceachtar acu) fianaise a thabhairt don Ard-Chúirt tráth a mbeidh iarratas ar ordú faoi *alt 54(2)* á éisteacht agus go mainneoidh nó go ndiúltóidh siad (nó ceachtar acu) déanamh amhlaidh, féadfaidh an Ard-Chúirt, más cuí léi, an t-ordú a dhéanamh d'ainneoin nach mbeidh fianaise tugtha ag na tuismitheoirí (nó ag ceachtar acu).

(3) I gcás go mainneoidh nó go ndiúltóidh na tuismitheoirí lena mbaineann (nó ceachtar acu) freagra a thabhairt ar iarraidh faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an Ard-Chúirt a mheas, chun críocha *fho-alt (2)*, gur mainneachtain nó diúltú ag na tuismitheoirí (nó ag ceachtar acu) fianaise a thabhairt don Ard-Chúirt ag an éisteacht lena mbaineann an mhainneachtain nó an diúltú.

(4) Féadfaidh an Ard-Chúirt, más cuí léi, ordú a dhéanamh faoi *alt 54(2)*, d'ainneoin nach mbeidh fianaise tugtha ag tuismitheoirí an linbh lena mbaineann (nó ag ceachtar acu) más rud é—

(a) gur deimhin leis an Ard-Chúirt—

- (i) nach bhfuil céannacht na dtuismitheoirí lena mbaineann (nó ceachtar acu) ar eolas ag na daoine a bheidh ag déanamh iarratais ar ordú faoi *alt 54(2)* agus ag an Údarás araon, agus
- (ii) go ndearnadh na bearta go léir is cuí chun céannacht na dtuismitheoirí lena mbaineann (nó ceachtar acu) a fháil amach, nó

(b) gur deimhin leis an Ard-Chúirt—

- (i) nach eol do na páirtithe a bheidh ag déanamh an iarratais, agus nach eol don Údarás, cá bhfuil nó cá raibh na tuismitheoirí lena mbaineann (nó ceachtar acu)—

(I) tráth déanta an iarratais ar an ordú, agus

(II) i gcaitheamh na tréimhse 12 mhí díreach roimh an tráth sin,

agus

- (ii) go ndearnadh na bearta go léir is cuí chun a fháil amach cá bhfuil nó cá raibh siad.

(5) Más deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil na tuismitheoirí lena mbaineann (nó ceachtar acu) neamhábalta, mar gheall ar éigliocht meabhrach, fianaise iontaofa a thabhairt don Ard-Chúirt an tráth a éistfear iarratas faoi *mhír (a)* nó *(b) d'alt 54(1)*, féadfaidh an Ard-Chúirt—

(a) fianaise na dtuismitheoirí (nó ceachtar acu) a ligean thar ceal, agus

(b) an t-ordú a dhéanamh faoi *alt 54(2)* d'ainneoin nach mbeidh an fhianaise sin tugtha.

- (a) a thabhaíonn siad i ndáil le hiarratas faoi *alt 54 (1)* nó le hachomharc chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh ordú a dhéanamh, nó in aghaidh diúltú ordú a dhéanamh, faoin *alt 54 (2)*,
- (b) nach n-íocann páirtí eile sna himeachtaí, agus
- (c) ar diúltaíodh cúnamh dlíthiúil a thabhairt i ndáil leo faoi aon scéim a oibríonn an Stát, nó a oibrítear thar ceann an Stáit, chun cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil,

cibé ceann acu seo a leanas, de réir mar a shonróidh an Chúirt—

- (i) na costais sin go léir nó cuid díobh a shonraítear amhlaidh, arna bhfómhas nó arna fómhas ag Máistir Fómhais don Ard-Chúirt, nó
- (ii) cibé méid a bheadh, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na dtuismitheoirí sin, comhionann leis an méid, mar a bheidh sonraithe, a bheadh sna costais sin nó i gcuid díobh arna sonrú amhlaidh, dá ndéanfadh Máistir Fómhais don Ard-Chúirt iad a fhómhas.

(2) Más rud é—

- (a) go n-ordóidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Uachtarach go n-íocfaidh tuismitheoirí an linbh lena mbaineann aon chostais de chuid páirtí eile sna himeachtaí i ndáil leis an iarratas faoi *alt 54(1)* nó leis an achomharc, agus
- (b) gur diúltaíodh cúnamh dlíthiúil i leith na gcostas sin faoi aon scéim a oibríonn an Stát nó a oibrítear thar ceann an Stáit maidir le cúnamh dlíthiúil a sholáthar,

íocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an bpáirtí eile sin, i leith na gcostas sin, cibé ceann acu seo a leanas, a shonróidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Uachtarach—

- (i) na costais sin go léir nó cuid díobh a shonraítear amhlaidh, arna bhfómhas nó arna fómhas ag Máistir Fómhais don Ard-Chúirt, nó
- (ii) cibé méid a bheadh, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an pháirtí eile sin, comhionann leis an méid, mar a bheidh sonraithe amhlaidh, a bheidh sna costais sin nó i gcuid díobh arna sonrú amhlaidh, dá ndéanfadh Máistir Fómhais don Ard-Chúirt iad a fhómhas.

(3) Más rud é, ar iarratas faoi *alt 54(1)(b)*—

- (a) go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *alt 54(2)* agus
 - (i) nach dtionscnaítear achomharc in aghaidh an ordaithe nó go ndaingníonn an Chúirt Uachtarach an t-ordú ar achomharc, nó
 - (ii) go ndiúltaíonn an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh faoi *alt 54(2)* ach go ndéantar an t-ordú tar éis achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh an diúltaithe, agus

- (b) gur diúltaíodh cúnamh dlíthiúil do na daoine a rinne an t-iarratas, faoi aon scéim a oibríonn an Stát nó a oibrítear thar ceann an Stáit chun cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil,

íocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis na daoine a rinne an t-iarratas, i leith aon chostas a thabhoídh siad—

- (i) i ndáil leis an iarratas, nó
(ii) i ndáil leis an iarratas agus leis an achomharc,

agus nach n-íocann páirtí eile sna himeachtaí iad, de réir mar a shonróidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Uachtarach—

- (I) na costais sin go léir nó cuid díobh a shonraítear amhlaidh arna bhfómhas nó arna fómhas ag Máistir Fómhais don Ard-Chúirt, nó
(II) cibé méid a bheadh, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na ndaoine sin, comhionann leis an méid, mar a bheadh sonraithe, a bheadh sna costais sin nó gcuid díobh arna sonrú amhlaidh dá ndéanfadh Máistir Fómhais don Ard-Chúirt iad a fhómhas.

CUID 8

ÉIFEACHTAÍ ORDUITHE UCHTÁLA AGUS AITHEANTAIS STÁIT D'UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

Aitheantas agus éifeachtaí uchtála idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát.

57.—(1) San alt seo, folaíonn “údarás inniúil” duine atá ag fónamh i stát eile i gcáil údaráis inniúil chun críocha uchtála idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát.

(2) Faoi réir *fho-ailt* (3) agus (4), aon uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus—

(a) sa chás go ndearnadh í tráth ar bith roimh an lá bunaithe—

- (i) gur uchtáil í a bhí, an tráth sin, de réir an mhíните ar “uchtáil choigríche” in alt 1 den Acht Uchtála 1991, agus
(ii) gur deimhníodh ina leith faoi dheimhniú arna eisiúint ag údarás inniúil stát na huchtála gur uchtáil í a rinneadh faoi dhlí an stáit sin agus de réir dhlí an stáit sin, nó

(b) sa chás go ndéantar í an lá bunaithe nó dá éis, gur deimhníodh ina leith faoi dheimhniú arna eisiúint ag údarás inniúil stát na huchtála—

- (i) i gcás uchtála dá dtagraítear i *mír* (b) den mhíniú ar “uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát” in alt 3(1), gur uchtáil í a rinne uchtaitheoir nó uchtaitheoirí ar a raibh cónaí rialta sa stát sin tráth na huchtála faoi dhlí an stáit sin agus de réir dhlí an stáit sin, agus
(ii) in aon chás eile, gur uchtáil í a rinneadh de réir Choinbhinsiún na Háige nó comhaontú déthaobhach

nó socrú dá dtagraítear in *alt 81*, de réir mar a bheidh,

déantar leis seo, mura bhfuil sí sin in aghaidh beartais phoiblí, í a aithint agus meastar go ndearnadh í le hordú uchtála bailí arna dhéanamh cibé dáta acu seo a leanas is déanaí:

(I) dáta na huchtála;

(II) an dáta a dhéanfaidh an tÚdarás sonraí i dtaobh na huchtála a thaifeadadh, faoi *alt 90*, i gclár na n-uchtálacha idir tíortha.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, más rud é, maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoi *fho-alt (2)* agus a meastar faoi *fho-alt (2)* gur le hordú uchtála bailí a rinneadh í, go bhfuil an éifeacht léi i stát na huchtála go ndéantar caidreamh dlíthiúil tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin a fhoirceannadh, tá an éifeacht chéanna go substaintiúil leis an uchtáil amhail ón dáta a meastar faoin bhfo-alt sin go ndearnadh í agus atá le huchtáil a dhéantar le hordú uchtála.

(4) Más rud é maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoi *fho-alt (2)* agus a meastar faoi *fho-alt (2)* gur le hordú uchtála bailí a rinneadh í, nach bhfuil an éifeacht léi i stát na huchtála go ndéantar caidreamh dlíthiúil tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin a fhoirceannadh, tá an éifeacht leis an uchtáil, amhail ón dáta a meastar faoin bhfo-alt sin go ndearnadh í, go ndéantar alt infheidhmithe *d'alt 58(a)* ach ní *d'alt 58(b)*, i leith an linbh.

58.—Ar ordú uchtála a dhéanamh, nó ar uchtáil a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint faoin Acht seo—

Cearta agus dualgais tuismitheora.

(a) measfar maidir le cearta agus dualgais tuismitheoirí agus leanaí i ndáil lena chéile, gur leanbh leis na huchtaitheoirí, a rugadh dóibh de phósadh dleathach an leanbh lena mbaineann, agus

(b) faoi réir *alt 57*, caillfidh máthair nó caomhnóir an linbh agus athair an linbh gach ceart tuismitheora agus saorfair í nó é ó gach dualgas tuismitheora, maidir leis an leanbh.

59.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*—

Na tuismitheoirí breithe do phósadh ina dhiaidh sin.

(a) ní difear do bhailíocht ordaithe uchtála i ndáil le leanbh a bheirtear do thuismitheoirí nach bhfuil pósta le chéile ná d'fhorálacha an Achta seo maidir le héifeachtaí an ordaithe tuismitheoirí breithe an linbh do phósadh dá éis sin, agus

(b) níl feidhm ag an Acht Dlisteanais 1931 maidir leis an leanbh mura gcuirtear an t-ordú ar ceal.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* i gcás gur duine dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí breithe a d'uchtaigh an leanbh agus go ndéanadh a bpósadh lena chéile dá éis sin dlisteanú ar an leanbh, ar leith ón bhfo-alt sin.

(3) Sa chás sin, tá feidhm ag an Acht Dlisteanais 1931 agus scoireann an t-ordú uchtála de bheith i bhfeidhm.

(4) Ar bhreith an linbh a athchlárú faoi alt 24 den Acht um Chlárú Sibhialta 2004, déanfaidh an tArd-Chlárúitheoir an taifead sa Chlár d'Uchtleanaí lena mbaineann a chealú agus é sin a chur in iúl don Údarás.

Ceartha maoiné.

60.—(1) San alt seo, ní fholáíonn “maoin” maoin faoi réir leasa shainoidhrithe faoi dhiúscairt a rinneadh roimh dháta an ordaithe uchtála nó roimh uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

(2) Más rud é, tráth ar bith tar éis ordú uchtála a dhéanamh nó uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir mar a bheidh, go n-éagfaidh na huchtaitheoirí, an duine uchtaithe nó aon duine eile gan tiomna a dhéanamh i leith aon mhaoine réadaí nó pearsanta cineachfaidh an mhaoin sin ar gach slí amhail is—

(a) dá mba leanbh leis na huchtaitheoirí a rugadh de phósadh dleathach an duine uchtaithe, agus

(b) nár leanbh le haon duine eile an duine uchtaithe.

(3) In aon diúscairt maoiné réadaí nó pearsanta, a dhéanfar, cibé acu trí ionstraim *inter vivos* nó trí uacht (lena n-áirítear codaisíl) é, tar éis dáta ordaithe uchtála nó uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir mar a bheidh—

(a) aon tagairt (cibé acu sainráite nó intuigthe) do leanbh nó do leanaí an uchtaitheora nó na n-uchtaitheoirí, léifear í, mura léir a mhalairt d'intinn, mar thagairt, nó mar thagairt a fholáíonn tagairt, don duine uchtaithe;

(b) aon tagairt (cibé acu sainráite nó intuigthe) do leanbh nó do leanaí le tuismitheoir breithe nó tuismitheoirí breithe an duine uchtaithe, léifear í, mura léir a mhalairt d'intinn, mar thagairt nach tagairt, nó nach bhfoláíonn tagairt, don duine uchtaithe; agus

(c) aon tagairt (cibé acu sainráite nó intuigthe) do dhuine ag a bhfuil aon chol gaoil leis an duine uchtaithe léifear í, mura léir a mhalairt d'intinn, mar thagairt don duine ag a mbeadh an col gaoil sin leis an duine uchtaithe, dá mba rud é—

(i) gur leanbh leis na huchtaitheoirí, a rugadh de phósadh dleathach, an duine uchtaithe, agus

(ii) nár leanbh le haon duine eile an duine uchtaithe.

(4) Chun críocha an mhéid seo a leanas—

(a) cineachadh aon mhaoine de réir an ailt seo, agus

(b) forléiriú aon diúscartha lena mbaineann *fo-alt* (2),

measfar gaol a bheith ag duine uchtaithe le haon duine eile is leanbh nó uchtleanbh leis na huchtaitheoirí nó le ceachtar acu—

- (i) i gcás inar lánúin phósta na huchtaitheoirí agus inar leanbh nó uchtleanbh leis an mbeirt chéile an duine eile, mar dheartháir lánfhola nó mar dheirfiúr lánfhola, agus
- (ii) in aon chás eile, mar dheartháir leathfhola nó mar dheirfiúr leathfhola.

(5) D’ainneoin aon rialach dlí, ní dhéileálfar chun críocha an ailt seo le diúscairt arna déanamh trí uacht nó codaisíl a forghníomhaíodh roimh dháta ordaithe uchtála nó roimh uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir mar a bheidh, mar dhiúscairt arna déanamh tar éis an dáta sin de bhíthin amháin go ndaingnítear an uacht nó an chodaisíl trí chodaisíl arna forghníomhú tar éis an dáta sin.

(6) I gcás ina ndéantar ordú uchtála i leith duine a uchtaíodh roimhe sin, ní thabharfar aird ar an uchtaíl roimhe sin chun críocha an ailt seo—

- (a) i ndáil le cineachadh aon mhaoine ar bhás duine a éagfaidh gan tiomna a dhéanamh tar éis dháta an ordaithe uchtála dá éis sin, agus
- (b) i ndáil le haon diúscairt maoine tar éis an dáta sin.

(7) San alt seo léifear tagairtí d’uchtaitheoirí a bheith ina lánúin phósta mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d’uchtaitheoirí a bheith pósta le chéile an tráth a dhéantar an t-ordú uchtála lena mbaineann nó a aithnítear an uchtaíl idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát lena mbaineann, de réir mar a bheidh, ach nach bhfuil pósta le chéile a thuilleadh an tráth a dhiúscaítear an mhaoine lena mbaineann.

61.—Chun críocha na ndleachtanna stampa is inmhuirearaithe ar thíolacais nó ar aistrithe talún, measfar gur leanbh leis an uchtaitheoir nó leis na huchtaitheoirí a rugadh dó, di nó dóibh de phósadh dleathach duine uchtaithe agus nach leanbh le haon duine eile é nó í.

Dleacht stampa ar thalamh.

62.—I gcás ina ndéanfar ordú uchtála faoin Acht seo, ansin, maidir leis na nithe seo a leanas—

Orduithe íocaíocht a dhéanamh chun sochair linbh.

- (a) aon ordú faoina gceanglaítear ar thuismitheoir breithe an linbh íocaíochtaí a dhéanamh go sonrach chun sochair an linbh, agus
- (b) aon chomhaontú trínar gheall tuismitheoir breithe an linbh íocaíochtaí a dhéanamh go sonrach chun sochair an linbh,

scoirfidh sé d’éifeacht a bheith leis gan dochar do ghnóthú aon riaráistí a bheidh dlite faoin ordú nó faoin gcomhaontú ar dháta an ordaithe uchtála.

63.—(1) San alt seo, ciallaíonn “uchtáil choigríche” uchtaíl choigríche de réir bhrí alt 1 den Acht Uchtála 1991.

Idirthréimhseach — uchtálacha coigríche a bheidh ar siúl díreach roimh an lá bunaithe.

(2) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, nach mbeidh uchtaíl choigríche a thuairiscítear san Acht Uchtála 1991 déanta go fóill ach go mbeidh sí ar siúl fós de réir mar a fhoráiltear faoin Acht sin—

(a) sa chás gur eisíodh dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta do na daoine a rinne iarratas faoin Acht Uchtála 1991 roimh an dáta sin, féadfar leanúint ar aghaidh leis an uchtáil faoin Acht seo—

(i) amhail is dá dtosófaí faoin Acht seo í,

(ii) amhail is dá mbeadh iarratas faoi *alt 37* den Acht seo déanta ag na daoine, agus

(iii) amhail is dá léifí *alt 40(1)(b)* den Acht seo mar “i stát conarthach eile nó i stát ina ndearnadh, i dtuairim an Údaráis, caighdeán a chur i bhfeidhm maidir leis an uchtáil lena mbaineann atá de réir na gcaighdeán i gCoinbhinsiún na Háige”,

agus

(b) in aon chás eile,

féadfar leanúint leis an uchtáil faoin Acht seo amhail is dá dtosófaí faoin Acht seo í.

CUID 9

UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

CAIBIDIL 1

Forálacha a Bhaineann go Ginearálta le hUchtálacha Idir Tíortha

Údarás Inniúil.

64.—Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil sa Stát chun críocha Choinbhinsiún na Háige.

An tÚdarás inniúil chun a dheimhniú go bhfuil uchtálacha de réir Choinbhinsiún na Háige.

65.—Gan dochar do ghinearáltacht *alt 64*, is é an tÚdarás an t-údarás inniúil—

(a) chun uchtálacha a dhéantar sa Stát de réir Choinbhinsiún na Háige a dheimhniú faoi Airteagal 23 (a bhaineann le huchtáil arna deimhniú ag údarás inniúil stát na huchtála a aithint), agus

(b) chun athrú uchtálacha a aithnítear sa Stát a dheimhniú faoi Airteagal 27 (a bhaineann le huchtálacha sa stát tionscnaimh a athrú ina n-uchtálacha lena bhfoirceannar caidrimh dhlíthiúla tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin).

Ról an Údaráis mar an tÚdarás Lárnach.

66.—(1) Ainmnítear an tÚdarás mar an tÚdarás Lárnach chun na feidhmeanna a thugtar don Údarás Lárnach faoin Acht seo nó de bhua Choinbhinsiún na Háige a chomhlíonadh sa Stát.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)* agus Airteagal 22 (a bhaineann le húdaráis phoiblí do chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis Lárnaigh), féadfaidh an tÚdarás aon cheann amháin nó níos mó dá fheidhmeanna mar an tÚdarás Lárnach a tharmligean chun Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó chun cibé comhlachtaí creidiúnaithe a shonróidh an tÚdarás.

(3) Ní fhéadfaidh an tÚdarás na feidhmeanna seo a leanas a tharmligean:

(a) mar Údarás Lárnach an stáit glacaidh—

- (i) dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint de réir mhír (1) d'Airteagal 15 (a bhaineann le tuarascálacha ó Údaráis Lárnacha stát glacaidh), mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear san Airteagal sin, agus
- (ii) a shocrú más gá é chun leas an linbh go dtabharfar leanbh ar ais faoi mhír (1)(c) d'Airteagal 21 (a bhaineann le bearta ag an Údarás Lárnach chun leanaí a chosaint tar éis leanbh a aistriú chuig an Stát glacaidh);

(b) mar Údarás Lárnach an stáit tionscnaimh—

- (i) an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 16 (a bhaineann le tuarascálacha ó Údaráis Lárnacha na stát tionscnaimh), cruthúnas go bhfuarthas na toilithe is gá agus na cúiseanna a bhí le cinneadh an Údaráis maidir leis an suíomh a tharchur chuig Údarás Lárnach an stáit glacaidh, agus
- (ii) cinneadh a dhéanamh, de réir Airteagal 17 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh an stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha), i dtaobh cibé acu ba chóir an leanbh a thabhairt ar iontaoibh d'uchtaitheoirí ionchasacha.

67.—(1) Tá éifeacht le *fo-ailt* (2) go (5) chun Coinbhinsiún na Háige a chur chun feidhme sa Stát.

Socrúithe nós imeachta i gcomhair cásanna inarb é an Stát an stát glacaidh.

(2) Chun críche Airteagal 14 (a bhaineann le hiarratais ar uchtáil a dhéanamh chuig an Údarás Lárnach), déantar iarratas chuig an Údarás (ag daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát) chun leanbh ar a bhfuil cónaí rialta i stát conarthach eile a uchtáil nuair a dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-iarratas a chur ar aghaidh chuig an Údarás thar ceann na ndaoine sin agus na nithe seo a leanas ina theannta—

(a) an tuarascáil mheasúnachta arna hullmhú faoi *alt* 37, agus

(b) an moladh arna dhéanamh faoi *alt* 39,

i ndáil leis na daoine sin.

(3) Chun críocha Airteagal 17 (lena ndéantar foráil maidir le teorainneacha i dtaca leis an stát tionscnaimh do thabhairt leanbh ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha), ceanglaítear ceadú an Údaráis a fháil sula dtugtar aon bhreith sa stát tionscnaimh gur chóir an leanbh a thabhairt ar iontaoibh d'uchtaitheoirí ionchasacha.

(4) D'fhonn a chinneadh an údaraítear nó an údarófar do leanbh teacht isteach sa Stát agus cónaí go buan sa Stát, ní mór a dheimhniú don Údarás go bhfuil Airteagal 5 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfar uchtáil Choinbhinsiúin a dhéanamh) agus Airteagal 17 comhlíonta.

(5) Gan dochar d'fheidhmeanna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi aon achtachán eile, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte feidhmeanna an Údaráis mar an tÚdarás Lárnach a chomhlíonadh thar ceann an Údaráis—

- (a) maidir leis na hÚdaráis Lárnacha eile a choimeád ar an eolas mar atá leagtha amach in Airteagal 20 (lena gceanglaítear ar Údaráis Lárnacha a chéile a choimeád ar an eolas), agus
- (b) i ndáil le leanaí a chosaint tar éis iad a aistriú chuig an Stát mar an stát glacaidh mar atá leagtha amach i mír (1) d'Airteagal 21 (a bhaineann le bearta ag an Údarás Lárnach chun leanaí a chosaint tar éis leanbh a aistriú chuig an Stát glacaidh).

An Stát mar stát glacaidh: orduithe uchtála le haghaidh leanaí arna suíomh lena n-uchtáil sa Stát.

68.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), féadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh i ndáil le leanbh—

- (a) a aistríodh chuig an Stát ó stát tionscnaimh an linbh, de réir Airteagal 17 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh an stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha), agus
- (b) a suíodh, de réir Choinbhinsiún na Háige agus an Achta seo, le huchtaitheoirí ionchasacha ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát.

(2) Ní fhéadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh faoi *fho-alt* (1) ach amháin ar iarratas a bheith déanta ag na huchtaitheoirí ionchasacha lena suíodh an leanbh agus sna cásanna seo a leanas amháin—

- (a) más deimhin leis gur comhlíonadh Airteagal 4 (a bhaineann leis an tráth is féidir uchtáil a dhéanamh) agus na forálacha iomchuí den Acht seo, agus
- (b) i gcás inar gá toiliú a fháil ó thuismitheoir breithe de chuid an linbh agus nár tugadh é, má rinne an Ard-Chúirt ordú —
 - (i) faoi *alt* 31(3)(b) á údarú don Údarás toiliú a ligean thar ceal mar a thuairiscítear san fhoráil sin, nó
 - (ii) faoi *alt* 54 á údarú don Údarás ordú uchtála a dhéanamh i ndáil leis an leanbh.

Uchtálacha áirithe a dhéantar i stáit chonartha agus a aithnítear sa Stát a athrú.

69.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), féadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh chun uchtáil Choinbhinsiúin, nach bhfuil d'éifeacht léi caidreamh dlíthiúil tuismiteora-linbh a bhí ann roimhe sin a fhoirceannadh, a athrú, de réir Airteagal 27 (a bhaineann le huchtálacha sa stát tionscnaimh a athrú ina n-uchtálacha lena bhfoirceanntar caidrimh dhlíthiúla tuismiteora-linbh a bhí ann roimhe sin), ina huchtáil a bhfuil an éifeacht sin léi, i ndáil le leanbh—

- (a) a aistríodh chuig an Stát ó stát tionscnaimh an linbh, de réir Airteagal 17 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh an stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha), agus

- (b) a suíodh, de réir Choinbhinsiún na Háige agus an Achta seo, le huchtaitheoirí ionchasacha ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát.

(2) Ní fhéadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* ach amháin ar iarratas a bheith déanta ag uchtaitheoirí an linbh agus sna cásanna seo a leanas amháin—

- (a) más deimhin leis gur comhlíonadh Airteagal 4 (a bhaineann leis an tráth is féidir uchtáil a dhéanamh) agus na forálacha iomchuí den Acht seo, agus
- (b) i gcás inar gá toiliú a fháil ó thuismitheoir breithe de chuid an linbh agus nár tugadh é, má rinne an Ard-Chúirt ordú—
- (i) faoi *alt 31(3)(b)* á údarú don Údarás toiliú a ligean thar ceal mar a thuairiscítear san fhoráil sin, nó
- (ii) faoi *alt 54* á údarú don Údarás ordú uchtála a dhéanamh i ndáil leis an leanbh.

70.—Féadfar leanbh a aistriú ón Stát go dtí stát conarthach eile chun é nó í a uchtáil sa stát sin de réir Choinbhinsiún na Háige, ach ní fhéadfar aistriú den sórt sin a dhéanamh ach amháin—

Leanbh a aistriú ón Stát chun é nó í a uchtáil sa stát glacaidh.

- (a) má chomhlíontar na hAirteagail seo a leanas:
- (i) Airteagal 4 (a bhaineann leis an tráth is féidir uchtáil a dhéanamh);
- (ii) Airteagal 5 (a bhaineann a thuilleadh leis an tráth is féidir uchtáil a dhéanamh);
- (iii) Airteagal 15 (a bhaineann le tuarascálacha ó Údaráis Lárnacha stát glacaidh);
- (iv) Airteagal 16 (a bhaineann le tuarascálacha ó Údaráis Lárnacha stát tionscnaimh);
- (v) Airteagal 17 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh an stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha);
- (vi) Airteagal 18 (a bhaineann le hÚdaráis Lárnacha d'fháil ceadanna chun go bhféadfaidh leanbh a stát tionscnaimh),
- (b) de réir Airteagal 17 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh an stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha)—
- (i) má thugann an tÚdarás breith gur chóir an leanbh a thabhairt ar iontaoibh do na huchtaitheoirí ionchasacha, agus
- (ii) má cheadaíonn Údarás Lárnach an stáit glacaidh an bhreith sin, agus
- (c) má dhéantar an t-aistriú in imthosca sábháilte iomchuí agus i gcuideachta na n-uchtaitheoirí nó na n-uchtaitheoirí ionchasacha.

Pléítí a bhaineann le comhaontuithe faoi Airteagal 39.

71.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú roimh ré ón Aire, dul i mbun pléítí le haon stát conarthach maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) an fhéidearthacht go ndéanfadh an Stát comhaontú faoi mhír (2) d'Airteagal 39 (lena ndéantar foráil maidir le hionstraimí idirnáisiúnta ar nithe atá faoi rialú Choinbhinsiún na Háige) leis an stát conarthach sin, agus
- (b) téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe.

(2) Más rud é go mbeidh comhaontú déanta ag an Stát le stát conarthach, roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, faoi mhír (2) d'Airteagal 39, d'fhonn feidhmiú an Choinbhinsiúin ina gcaidreamh frithpháirteach a fheabhsú, cuirfidh an tAire faoi deara an comhaontú a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(3) Má leasaítear comhaontú dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2), cuirfidh an tAire faoi deara an comhaontú leasaithe a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(4) Tá feidhm dlí ag an gcomhaontú, agus ag aon chomhaontú leasaithe, ón dáta a dhéanfar é agus fad a bheidh éifeacht leis.

(5) Tabharfar aird bhreithiúnach ar chomhaontú, nó ar chomhaontú leasaithe, faoi mhír (2) d'Airteagal 39 (lena ndéantar foráil maidir le hionstraimí idirnáisiúnta ar nithe a rialaítear le Coinbhinsiún na Háige).

Socruithe riaracháin le stáit chonarhacha.

72.—(1) Féadfaidh an tÚdarás socruithe riaracháin a dhéanamh le haon stát conarthach maidir le próiseáil iarratas—

- (a) a dhéanfaidh daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát chuig an Údarás chun leanbh ar a bhfuil cónaí rialta sa stát conarthach a uchtáil, nó
- (b) a dhéanfaidh daoine ar a bhfuil cónaí rialta i stát conarthach chuig Údarás Lárnach an stáit chonarthaigh chun leanbh ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát a uchtáil.

(2) Féadfaidh an tÚdarás aon socrú riaracháin a dhéanfar faoin alt seo a fhoirceannadh.

CAIBIDIL 2

Comhaontuithe Déthaobhacha agus Socruithe eile i dtaca le hUchtálacha Idir Tíortha

Pléítí agus comhaontuithe le stáit neamhchonarthacha.

73.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú roimh ré ón Aire agus ag féachaint do phrionsabail Choinbhinsiún na Háige, dul i mbun pléítí le haon stát neamhchonarthach i dtaca leis an bhféidearthacht go ndéanfadh an Rialtas comhaontú déthaobhach leis an stát sin.

(2) Más rud é go mbeidh comhaontú déthaobhach déanta ag an Rialtas, roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, le stát neamhchonarthach maidir le huchtáil idir tíortha, cuirfidh an tAire faoi deara an comhaontú a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(3) Má leasaítear comhaontú déthaobhach dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, cuirfidh an tAire faoi deara an comhaontú leasaithe a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(4) Tabharfar aird bhreithiúnach ar chomhaontú déthaobhach, nó ar chomhaontú déthaobhach leasaithe, ón dáta a leagfar é faoi bhráid na dTithe.

74.—(1) Féadfaidh an tÚdarás socrú riaracháin a dhéanamh le stát eile is páirtí i gcomhaontú déthaobhach más rud é go mbaineann an socrú sin le próiseáil iarratas—

Socrúithe riaracháin le stáit a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha acu.

- (a) a dhéanfaidh daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát chuig an Údarás chun leanbh ar a bhfuil cónaí rialta sa stát eile sin a uchtáil, nó
- (b) a dhéanfaidh daoine ar a bhfuil cónaí rialta i stát eile chuig Údarás Lárnach an stáit eile sin chun leanbh ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát a uchtáil.

(2) Féadfaidh an tÚdarás aon socrú riaracháin a dhéanfar faoin alt seo a fhoirceannadh.

75.—(1) Ainmnítear an tÚdarás mar an tÚdarás Lárnach a chomhlíonfaidh sa Stát na feidhmeanna a thugtar don Údarás Lárnach leis an gCaibidil seo nó faoi chomhaontú déthaobhach.

Ról an Údaráis mar Údarás Lárnach faoi chomhaontú déthaobhach.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)* agus aon srianta sa chomhaontú déthaobhach, féadfaidh an tÚdarás feidhm amháin nó níos mo dá fheidhmeanna mar an tÚdarás Lárnach faoi chomhaontú déthaobhach a tharmligean i scríbhinn chun Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó chun cibé comhlachtaí creidiúnaithe a shonróidh an tÚdarás.

(3) Ní fhéadfaidh an tÚdarás na feidhmeanna seo a leanas a tharmligean:

- (a) mar Údarás Lárnach an stáit glacaidh—
 - (i) dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint, sna himthosca a thuairiscítear i mír (1) d'Airteagal 15 (a bhaineann le tuarascálacha ó Údaráis Lárnacha stát glacaidh),
 - (ii) suíomh nua linbh, nó cúram fadtéarma malartach do leanbh, a shocrú, má tharraingítear siar an leanbh ó shuíomh lena uchtaitheoirí ionchasacha nó lena huchtaitheoirí ionchasacha de réir an chomhaontaithe dhéthaobhaigh, agus
 - (iii) a shocrú leanbh a chur ar ais chuig a stát tionscnaimh, más gá é sin chun leas an linbh;
- (b) mar Údarás Lárnach an stáit tionscnaimh agus de réir comhaontú déthaobhach—
 - (i) a chinntiú go bhfuarthas na toilithe is gá,
 - (ii) cinneadh a dhéanamh i dtaobh an chun leas an linbh lena mbaineann an suíomh beartaithe,

- (iii) an tuarascáil faoin leanbh, cruthúnas go bhfuarthas na toilithe is gá agus na cúiseanna a bhí le cinneadh an Údaráis i dtaobh an chun leas an linbh an suíomh beartaithe, a tharchur chuig Údarás Lárnach an stáit glacaidh, agus
- (iv) breith a thabhairt i dtaobh ar chóir an leanbh a thabhairt ar iontaoibh d'uchtaitheoirí ionchasacha.

An t-údarás inniúil chun a dheimhniú go bhfuil uchtálacha de réir comhaontú déthaobhach.

76.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 64*, is é an tÚdarás an t-údarás inniúil chun na nithe seo a leanas a dheimhniú—

- (a) uchtálacha a dhéantar sa Stát de réir comhaontú déthaobhach, agus
- (b) uchtálacha a rinneadh i stát eile is páirtí i gcomhaontú déthaobhach agus a aithnítear sa Stát a athrú.

(2) I ndeimhniú ón Údarás go ndearnadh uchtáil de réir comhaontú déthaobhach sonrúfhar cathain a chomhaontaigh an tÚdarás agus Údarás Lárnach an stáit eile go rachfaí ar aghaidh leis an uchtáil.

Socrúithe nós imeachta i gcás inarb é an Stát an stát glacaidh faoi chomhaontú déthaobhach.

77.—(1) Tá éifeacht leis an alt seo chun comhaontú déthaobhach a chur chun feidhme sa Stát.

(2) Chun críocha comhaontaithe dhéthaobhaigh, déantar iarratas chuig an Údarás (ag daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát) chun leanbh ar a bhfuil cónaí rialta i stát eile (is páirtí sa chomhaontú) a uchtáil nuair a dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-iarratas a chur ar aghaidh chuig an Údarás thar ceann na ndaoine sin agus na nithe seo a leanas ina theannta—

- (a) an tuarascáil mheasúnachta arna hullmhú faoi *alt 37*, agus
- (b) an moladh arna dhéanamh faoi *alt 39*,

i ndáil leis na daoine sin.

(3) Ceanglaítear ceadú an Údaráis a fháil sula dtabharfar aon bhreith sa stát tionscnaimh gur chóir an leanbh a thabhairt ar iontaoibh d'uchtaitheoirí ionchasacha.

(4) D'fhonn a chinneadh an údaraítear nó an údarófar do leanbh teacht isteach sa Stát agus cónaí go buan sa Stát, ní mór a dheimhniú don Údarás—

- (a) go bhfuil na huchtaitheoirí ionchasacha incháilithe agus oiriúnach chun uchtáil a dhéanamh,
- (b) gur tugadh comhairliúchán do na huchtaitheoirí ionchasacha de réir mar ba ghá, agus
- (c) go n-údaraítear don leanbh nó go n-údarófar don leanbh faoin dlí teacht isteach sa Stát agus cónaí go buan sa Stát.

(5) Gan dochar d'fheidhmeanna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi aon achtachán eile, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte feidhmeanna an Údaráis mar an tÚdarás Lárnach a chomhlíonadh thar ceann an Údaráis—

- (a) maidir leis na hÚdaráis Lárnacha eile a choimeád ar an eolas mar atá leagtha amach in Airteagal 20 (a bhaineann le hÚdaráis Lárnacha do choimeád a chéile ar an eolas), agus
- (b) i ndáil le leanaí a chosaint tar éis iad a aistriú chuig an Stát mar an stát glacaidh mar atá leagtha amach i mír (1) d'Airteagal 21 (a bhaineann le bearta ag an Údarás Lárnach chun leanaí a chosaint tar éis leanbh a aistriú chuig an stát glacaidh).

78.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh i ndáil le leanbh—

- (a) a aistríodh chuig an Stát ó stát tionscnaimh an linbh de réir comhaontú déthaobhach, agus
- (b) a suíodh, de réir an chomhaontaithe dhéthaobhaigh agus an Achta seo, le huchtaitheoirí ionchasacha ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát.

An Stát mar an stát glacaidh faoi chomhaontú déthaobhach: orduithe uchtála le haghaidh leanaí arna suíomh lena n-uchtáil sa Stát.

(2) Ní fhéadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* ach amháin ar iarratas a bheith déanta ag na huchtaitheoirí ionchasacha ar suíodh an leanbh leo agus sna cásanna seo amháin—

- (a) más deimhin leis gur comhlíonadh Airteagal 4 (a bhaineann leis an tráth is féidir uchtáil a dhéanamh) agus na forálacha iomchuí den Acht seo, agus
- (b) i gcás inar gá toiliú a fháil ó thuismitheoir breithe de chuid an linbh agus nár tugadh é, má tá ordú déanta ag an Ard-Chúirt—
 - (i) faoi *alt 31(3)(b)* á údarú don Údarás an toiliú a ligean thar ceal mar a thuairiscítear san fhoráil sin, nó
 - (ii) faoi *alt 54* á údarú don Údarás ordú uchtála a dhéanamh i ndáil leis an leanbh.

(3) Chun críche an ailt seo, tá Airteagal 4 (a bhaineann leis an tráth is féidir uchtáil a dhéanamh) infheidhme i leith comhaontú déthaobhach.

79.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh chun uchtáil comhaontaithe dhéthaobhaigh, nach bhfuil d'éifeacht léi caidreamh dlíthiúil tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin a fhoirceannadh, a athrú, de réir Airteagal 27 (a bhaineann le huchtálacha sa stát tionscnaimh a athrú ina n-uchtálacha lena bhfoirceannantar caidrimh dhlíthiúla tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin), ina huchtáil a bhfuil an éifeacht sin léi, i ndáil le leanbh—

Uchtálacha áirithe a dhéantar faoi chomhaontú déthaobhach i stát eile agus a aithnítear sa Stát a athrú.

- (a) a aistríodh chuig an Stát ó stát tionscnaimh an linbh de réir comhaontú déthaobhach, agus
- (b) a suíodh, de réir an chomhaontaithe dhéthaobhaigh agus an Achta seo, le huchtaitheoirí ionchasacha ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát.

(2) Ní fhéadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* ach amháin ar iarratas a bheith déanta ag uchtaitheoirí an linbh agus sna cásanna seo amháin—

- (a) más deimhin leis gur comhlíonadh Airteagal 4 (a bhaineann leis an tráth is féidir uchtáil a dhéanamh) agus forálacha iomchuí an Achta seo, agus
- (b) i gcás inar gá toiliú a fháil ó thuismitheoir breithe de chuid an linbh agus nár tugadh é, má bhíonn ordú déanta ag an Ard-Chúirt—
 - (i) faoi *alt 31(3)(b)* á údarú don Údarás an toiliú a ligean thar ceal mar a thuairiscítear san fhoráil sin, nó
 - (ii) faoi *alt 54* á údarú don Údarás ordú uchtála a dhéanamh i ndáil leis an leanbh.

(3) Chun críche an ailt seo, tá Airteagal 17 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh an stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha) agus Airteagal 4 infheidhme i leith comhaontú déthaobhach.

Leanbh a aistriú ón Stát chun é nó í a uchtáil sa stát glacaidh.

80.—Féadfar leanbh a aistriú ón Stát chuig stát neamhchonarthach chun críche uchtála sa stát sin de réir comhaontú déthaobhach, ach ní fhéadfar aistriú den sórt sin a dhéanamh ach amháin de réir an chomhaontaithe, agus, go háirithe, más rud é—

- (a) go mbeidh ceanglais an chomhaontaithe maidir le toilithe leis an uchtáil comhlíonta,
- (b) go mbeidh Údarás Lárnach an stáit glacaidh tar éis—
 - (i) a chinneadh go bhfuil na huchtaitheoirí ionchasacha incháilithe agus oiriúnach chun uchtáil a dhéanamh,
 - (ii) a chinntiú go bhfuil comhairliúchán tugtha do na huchtaitheoirí ionchasacha de réir mar ba ghá, agus
 - (iii) a chinneadh go n-údaráítear don leanbh nó go n-údarófar don leanbh dul isteach sa stát glacaidh agus cónaí go buan ann,
- (c) go mbeidh cinneadh déanta ag an Údarás, de réir an chomhaontaithe, gur chóir an leanbh a thabhairt ar iontaoibh do na huchtaitheoirí ionchasacha,
- (d) go mbeidh an cinneadh sin ceadaithe ag Údarás Lárnach an stáit glacaidh, agus
- (e) go ndéanfar an t-aistriú in imthosca sábháilte iomchuí agus i gcuideachta na n-uchtaitheoirí nó na n-uchtaitheoirí ionchasacha.

CAIBIDIL 3

Socrú i gCás Eisceachtúil le Stát Neamhchonarthach

Cás eisceachtúil ina bhfuil leanbh sonrach i gceist.

81.—(1) Féadfaidh an tÚdarás socrú a dhéanamh le stát neamhchonarthach nach páirtí i gcomhaontú déthaobhach más rud é—

- (a) go mbaineann an socrú le huchtáil linbh shonraigh ag uchtaitheoirí ionchasacha ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát nó sa stát neamhchonarthach,
- (b) gur eisíodh dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta sa Stát, nó ionstraim choibhéiseach sa stát neamhchonarthach, i leith na n-uchtaitheoirí ionchasacha
- (c) gur gaolta leis an leanbh na huchtaitheoirí ionchasacha, agus
- (d) gur deimhin leis an Údarás gur caighdeán atá de réir chaighdeáin Choinbhinsiún na Háige na caighdeáin atá nó a bheidh á gcur chun feidhme maidir leis an uchtáil.

(2) Ní fhéadfaidh an tÚdarás socrú a dhéanfar faoi *fho-alt (1)* a úsáid chun na gcríoch seo—

- (a) uchtáil faoi ordú uchtála, nó
- (b) uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint,

seachas chun an leanbh sonrach lena mbaineann an socrú a uchtáil, nó uchtáil an linbh sin a aithint.

CAIBIDIL 4

Dualgas é a Chur in iúl don Stát nuair a Thagann Uchtleanbh Isteach sa Stát den Chéad Uair

82.—(1) I gcás ina dtiocfaidh leanbh isteach sa Stát den chéad uair tar éis d'uchtaitheoirí ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát é nó í a uchtáil, cuirfidh siad in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Údarás a luaithe is indéanta gur tháinig an leanbh isteach sa Stát agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta a tháinig an leanbh isteach.

Dualgas a chur in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Údarás go bhfuil leanbh ag teacht isteach sa Stát.

(2) I gcás ina dtiocfaidh leanbh isteach sa Stát chun bheith uchtaithe sa Stát ag uchtaitheoirí ionchasacha ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát, cuirfidh siad in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Údarás a luaithe is indéanta gur tháinig an leanbh isteach sa Stát agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta a tháinig an leanbh isteach.

CUID 10

AN CLÁR D'UCHTLEANÁI AGUS CLÁR NA NUCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

CAIBIDIL 1

An Clár d'Uchtleanaí

83.—Cuirfidh an tÚdarás chuig an Ard-Chláraitheoir na sonraí is gá chun a chumasú dó nó di an Chuid seo a chomhlíonadh.

Cuirfidh an tÚdarás sonraí chuig an Ard-Chláraitheoir i gcomhair taifead sa Chlár d'Uchtleanaí.

84.—(1) Maidir leis an gClár d'Uchtleanaí arna choimeád ag an Ard-Chláraitheoir de réir alt 22 den Acht Uchtála 1952, d'ainneoin aisghairm an ailt sin le *halt 7(1)*—

An Clár d'Uchtleanaí.

- (a) leanfaidh sé ar marthain, agus
 - (b) coinneoidh agus coimeádfaidh an tArd-Chláraitheoir é de réir na Caibidle seo.
- (2) Déanfar taifead sa Chlár d'Uchtleanaí maidir le gach uchtleanbh is ábhar d'ordú uchtála arna dhéanamh ag an Údarás.
- (3) Beidh na sonraí a shonraítear i *Scideal 3* i ngach taifead.
 - (4) Murab eol dáta breithe an uchtlinbh—
 - (a) cinnfidh an tÚdarás an dáta is dócha a rugadh an leanbh, agus
 - (b) taifeadfar an dáta sin sa Chlár d'Uchtleanaí mar dháta breithe an uchtlinbh.
 - (5) Má fhionnann an tÚdarás dá éis sin dáta breithe iarbhair an linbh—
 - (a) cealófar an cinneadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, agus
 - (b) déanfar an t-ordú uchtála i leith an linbh agus an taifead sa Chlár d'Uchtleanaí arna dhéanamh faoi *fho-alt (4)* a leasú dá réir sin chun an dáta iarbhair sin a thaispeáint.
 - (6) Taifeadfar tír bhreithe an linbh sa Chlár d'Uchtleanaí má ordaíonn an tÚdarás amhlaidh ar a bheith deimhin dó ina taobh.
 - (7) Má leasaítear ordú uchtála, leasófar dá réir sin an taifead a bhaineann leis an uchtáil.
 - (8) Má chuirtear ordú uchtála ar ceal, cealófar an taifead a bhaineann leis an uchtáil.
 - (9) Má ordaíonn an tÚdarás dó nó di déanamh amhlaidh, ceartóidh an tArd-Chláraitheoir earráid in aon taifead sa Chlár d'Uchtleanaí.
 - (10) Féadfar fianaise ar thaifead sa Chlár d'Uchtleanaí agus ar na fíorais a bheidh ráite ann a thabhairt trí dhoiciméad a thabhairt ar aird a airbheartóidh a bheith ina chóip inléite den taifead agus a airbheartóidh go bhfuil sé deimhnithe ina leith gur cóip dhílis é ag an Ard-Chláraitheoir nó ag duine a bheidh údaraithe chuige sin.

Treoir don Chlár
d'Uchtleanaí.

85.—(1) Coinneoidh an tArd-Chláraitheoir treoir don Chlár d'Uchtleanaí ina oifig nó ina hoifig.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, tar éis do dhuine iarratas chuige sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an Ard-Chláraitheoir, i bhfoirm arna ceadú ag an Ard-Chláraitheoir, agus—

- (a) ar an táille fhorordaithe a íoc leis an Ard-Chláraitheoir, féadfaidh sé nó sí, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a bheidh arna gcinneadh ag an Ard-Chláraitheoir, an treoir don Chlár d'Uchtleanaí a chuardach,
- (b) ar an táille fhorordaithe a íoc leis an Ard-Chláraitheoir, tabharfaidh an tArd-Chláraitheoir dó nó di—

(i) cóip a bheidh deimhnithe aige nó aici a bheith ina cóip dhílis,

(ii) cóip, nó

(iii) sliocht deimhnithe,

de thaifead nó as taifead sa Chlár d'Uchtleanaí, is taifead a bheidh sonraithe ag an duine.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, déanfaidh an tArd-Chláraitheoir, ar iarratas chuige sin a bheith déanta i scríbhinn chuige nó chuici ag duine agus—

(a) ar an táille fhorordaithe a íoc leis nó léi, an Clár d'Uchtleanaí agus an treoir don Chlár sin a chuardach, nó

(b) ar an táille fhorordaithe a íoc leis nó léi, na nithe seo a leanas a thabhairt don duine—

(i) cóip a bheidh deimhnithe aige nó aici a bheith ina cóip dhílis,

(ii) cóip, nó

(iii) sliocht deimhnithe,

de thaifead nó as taifead sa Chlár d'Uchtleanaí, is taifead a bheidh sonraithe ag an duine.

(4) Déanfar aon tagairt d'uimhir phearsanta seirbhíse poiblí nó do shonraí i dtaobh uimhreach pearsanta seirbhíse poiblí a fhágáil ar lár as cóip de thaifead nó as sliocht as taifead dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)* nó *(3)(b)* agus forléireofar “cóip dhílis” dá réir sin sna forálacha sin.

(5) Féadfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, na sonraí a áireofar i sliocht deimhnithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)(iii)* nó *(3)(b)(iii)* a shonrú le rialacháin faoin Acht seo.

86.—(1) Coinneoidh an tArd-Chláraitheoir treoir chun go mbeidh an ceangal idir gach taifead sa Chlár d'Uchtleanaí agus an taifead comhréire i gclár na mbreitheanna inrianaithe.

Treoir ar leith de cheangail idir an Clár d'Uchtleanaí agus clár na mbreitheanna.

(2) D'ainneoin *alt 85*, ní bheidh an treoir a choinneofar faoi *fho-alt (1)* ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal, agus ní thabharfar aon fhaisnéis as an treoir sin d'aon duine ach amháin le hordú ó chúirt nó ón Údarás.

87.—Déanfar cóip dheimhnithe de thaifead sa Chlár d'Uchtleanaí, má airbheartaíonn sí a bheith arna heisiúint faoi shéala Oifig an Ard-Chláraitheora, a ghlacadh, gan a thuilleadh cruthúnais, mar fhianaise ar na fíorais a bheidh luaite sa chóip dheimhnithe agus is comhlíonadh ar aon cheanglas dlí i dtaobh deimhniú breithe a thabhairt ar aird an chóip dheimhnithe sin a thabhairt ar aird.

Beidh cóip dheimhnithe de thaifead sa Chlár d'Uchtleanaí ina fianaise ar na fíorais a bheidh luaite.

88.—Ní dhéanfaidh cúirt ordú—

Príobháideacht taifead uchtála.

(a) dá dtagraítear in *alt 86(2)*,

- (b) chun aon leabhar, doiciméad nó taifead de chuid an Údaráis (nó aon sleachta as aon cheann acu) a fhollasú, a iniúchadh, a thabhairt ar aird nó a chóipeáil, nó thairis sin i ndáil le faisnéis as aon ceann acu a thabhairt nó a fháil,

mura deimhin leis an gcúirt gurb é leas aon linbh lena mbaineann an t-ordú a dhéanamh.

Gearr-Dheimhniú ar thaifead sa Chlár d'Uchtleanaí.

89.—(1) Féadfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, a fhoráil le rialacháin faoin Acht seo go ndéanfaidh an tArd-Chláraitheoir, maidir le haon taifead sa Chlár d'Uchtleanaí, deimhniú a eisiúint i dtaobh cibé sonraí sa taifead a shonrófar sna rialacháin.

(2) Ní fhéadfar a nochtadh i ndeimhniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* gur duine uchtaithe an duine lena mbaineann an deimhniú.

(3) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo go ndéanfar táille de cibé méid a chinnfidh an tAire Coimirce Sóisialaí, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc as deimhniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

CAIBIDIL 2

Clár na nUchtálacha idir Tíortha

Clár na nUchtálacha idir Tíortha.

90.—(1) San alt seo, foláionn “údarás inniúil” duine atá ag fónamh i stát eile i gcáil údaráis inniúil chun críocha comhaontaithe dhéthaobhaigh nó socraithe dá dtagraítear in *alt 81*.

(2) Maidir le Clár na nUchtálacha Coigríche arna chothabháil ag an mBord Uchtála go dtí an lá bunaithe faoi alt 6 den Acht Uchtála 1991, leanfaidh sé ar marthain faoin Acht seo, d’ainneoin an t-alt sin a aisghairm le *halt 7(1)*, agus, ar an lá bunaithe agus dá éis—

(a) tabharfar clár na n-uchtálacha idir tíortha air, agus

(b) coinneoidh agus cothabhálfaidh an tÚdarás é faoin Acht seo.

(3) Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh chuig an Údarás chun sonraí i dtaobh uchtála idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a thaifeadadh i gclár na n-uchtálacha idir tíortha:

(a) an duine uchtaithe;

(b) duine a d’uchtaiigh an duine uchtaithe;

(c) aon duine eile a mbeidh leas aige nó aici sa ní.

(4) Tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh leabh isteach sa Stát den chéad uair tar éis do thuismitheoirí ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát é nó í a uchtáil trí uchtáil idir tíortha i stát eile, cinnteoidh na huchtaitheoirí go ndéanfar iarratas chuig an Údarás faoi *fho-alt (3)* chun sonraí i dtaobh na huchtála a thaifeadadh i gclár na n-uchtálacha idir tíortha.

(5) Má dhéanann aon duine de na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* iarratas de réir an ailt seo ar shonraí i dtaobh uchtála dá

dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a thaifeadadh i gclár na n-uchtálacha idir tíortha—

- (a) más duine a luaitear i *mír (a)* nó (*c*) *d'fho-alt (3)* an t-iarratasóir, saortar an bheirt uchtaitheoir leis an iarratas ón dualgas faoi *fho-alt (4)*, nó
- (b) más duine de na huchtaitheoirí an t-iarratasóir, saortar an t-uchtaitheoir eile leis an iarratas ón dualgas faoi *fho-alt (4)*.

(6) Beidh an deimhniú arna eisiúint ag údarás inniúil stát na huchtála, agus dá dtagraítear in *alt 57*, ag gabháil le hiarratas faoi *fho-alt (3)*.

(7) Más deimhin leis an Údarás gur uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a chomhlíonann ceanglais an Achta seo i ndáil le huchtáil den sórt sin an uchtáil, taifeadfaidh an tÚdarás sonraí i dtaobh na huchtála i gclár na n-uchtálacha idir tíortha, maille le cóip den deimhniú lena mbaineann dá dtagraítear in *alt 57*.

(8) Má ordaíonn an Ard-Chúirt amhlaidh faoi *alt 92(1)*, déanfar taifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha maidir le huchtáil shonraithe is uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát.

(9) Beidh taifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha i cibé foirm agus beidh cibé sonraí ann a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 152*.

(10) Ceanglaítear ar dhuine a dhéanfaidh iarratas chuig an Údarás faoi *fho-alt (3)* cibé faisnéis a thabhairt don Údarás a theastóidh le réasún ón Údarás agus beidh an fhaisnéis i cibé foirm (más ann) a shonróidh an tÚdarás.

(11) Féadfar earráid i dtaifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha a cheartú agus, má ordaíonn an Ard-Chúirt amhlaidh, déanfar ceartú sonraithe sa chlár.

91.—(1) Aon doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina chóip, agus a airbheartaíonn go bhfuil sé deimhnithe ina leith ag fostaí de chuid an Údaráis gur cóip dhílis é, de thaifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha—

- (a) is fianaise é gur uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát an uchtáil lena mbaineann sé agus go measfar leis an Acht seo go ndearnadh é le hordú uchtála arna dhéanamh ar an dáta a shonraítear sa chóip, agus
- (b) eiseoidh an tÚdarás é chuig aon duine ar iarratas chuige sin a bheith déanta aige nó aici chuig an Údarás agus ar é nó í d'foc cibé táille leis an Údarás a shonróidh an tÚdarás le toiliú an Aire.

Beidh cóip dheimhnithe de thaifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha ina fianaise ar na fórais a bheidh luaite.

(2) Aon cheanglas dlí i dtaobh deimhniú breithe a thabhairt ar aird, comhlíontar é trí dhoiciméad a thuairiscítear i *bhfo-alt (1)* agus a dheimhnítear a bheith ina chóip dhílis de thaifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha de réir an fho-ailt sin a thabhairt ar aird.

CAIBIDIL 3

Ordacháin ón Ard-Chúirt i nDáil le Clár na nUchtálacha idir
Tíortha

Ordacháin ón Ard-Chúirt i ndáil le taifid i gclár na n-uchtálacha idir tíortha.

92.—(1) Más rud é, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuig an Ard-Chúirt ag duine a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh chuig an Údarás faoi *alt 90(3)*, gur deimhin leis an Ard-Chúirt gur chóir taifead maidir le huchtáil i gclár na n-uchtálacha idir tíortha a dhéanamh, a chealú nó a cheartú, féadfaidh an Ard-Chúirt le hordú, mar is cuí—

- (a) a ordú don Údarás a chur faoi deara taifead sonraithe a dhéanamh i gclár na n-uchtálacha idir tíortha,
- (b) faoi réir *fho-alt (2)*, a ordú don Údarás a chur faoi deara an taifead lena mbaineann i gclár na n-uchtálacha idir tíortha a chealú, nó
- (c) a ordú don Údarás ceartú sonraithe a dhéanamh i gclár na n-uchtálacha idir tíortha.

(2) Ní dhéanfaidh an Ard-Chúirt, mura deimhin léi gurbh é leas an duine uchtaithe é déanamh amhlaidh, ordachán a thabhairt faoi *fho-alt (1)(b)* ar an mbonn go ndearnadh uchtáil a chur ar ceal, a chúlghairm, a fhoirceannadh, a neamhniú nó a chur ar neamhniú ar shlí eile faoi dhlí an stáit ina ndearnadh an uchtáil agus ar an mbonn sin amháin.

(3) I gcás ina dtabharfaidh an Ard-Chúirt ordachán faoi *fho-alt (1)(b)*, féadfaidh sí orduithe a dhéanamh i leith an duine uchtaithe ar dealraitheach don Ard-Chúirt—

- (a) go bhfuil siad riachtanach sna himthosca, agus
- (b) gurb iad leas an duine iad,

lena n-áirítear orduithe a bhaineann le caomhnóireacht, coimeád, cothabháil agus saoránacht an duine.

(4) Tá feidhm ag ordú faoi *fho-alt (3)*, d'ainneoin aon ní in aon Acht eile, agus cuirfear i gcrích é a mhéid is gá chun éifeacht a thabhairt don ordú.

(5) Más rud é—

- (a) go ndiúltóidh an Ard-Chúirt ordachán a thabhairt faoi *fho-alt (1)(a)*, nó
- (b) go dtabharfaidh an Ard-Chúirt ordachán faoi *fho-alt (1)(b)*,

ní dhéanfar an uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint faoin Acht seo.

(6) Féadfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) a ordú go dtabharfaidh an duine a bheidh ag déanamh iarratais faoi *fho-alt (1)* fógra faoin iarratas do cibé daoine eile (lena n-áirítear an tArd-Aighne agus an tÚdarás) a chinnfidh an Ard-Chúirt, agus

- (b) uaithi féin nó ar iarratas chuici ón duine lena mbaineann nó ó pháirtí sna himeachtaí maidir leis an iarratas, aon duine a chur leis na himeachtaí mar pháirtí iontu.

(7) Féadfaidh an tArd-Aighne—

(a) uaidh féin nó uaithi féin, nó

(b) má iarrann an Ard-Chúirt air nó uirthi amhlaidh,

aighneachtaí a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt i ndáil leis an iarratas, gan é nó í a chur leis na himeachtaí maidir leis an iarratas mar pháirtí iontu.

(8) Má chinneann an Ard-Chúirt amhlaidh, éistfear imeachtaí faoin alt seo go príobháideach.

CUID 11

CRUTHÚNAS AR UCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA A DHÉANTAR LASMUIGH DEN STÁT AGUS IAD A CHLÁRÚ

93.—(1) Maidir le doiciméid a bheidh fíordheimhnithe go cuí agus a airbheartóidh a bheith ina gcóipeanna de na doiciméid lena ndearnadh uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát—

Cruthúnas ar uchtálacha idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát.

(a) meastar gan a thuilleadh cruthúnais gur cóipeanna dílse iad de na doiciméid mura suífead a mhalairt, agus

(b) tá siad inghlactha mar fhianaise ar an uchtáil.

(2) Doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina chóip de dhoiciméad nó de cheann de na doiciméid lena ndéantar uchtáil a dhéantar lasmuigh den Stát measfar, chun críocha an ailt seo, é a bheith fíordheimhnithe go cuí má airbheartaíonn an doiciméad—

(a) séala na cúirte nó an údaráis eile nó an duine nó na ndaoine a d'eisigh nó a d'fhorghníomhaigh é a bheith air, nó

(b) a bheith deimhnithe—

(i) ag duine ina cháil nó ina cáil mar bhreitheamh nó mar oifigeach den chúirt sin nó ina cháil nó ina cáil mar an t-údarás sin nó mar chomhalta den údarás sin nó mar oifigeach dó, nó

(ii) ag an duine nó ag na daoine a d'eisigh nó a d'fhorghníomhaigh é.

(3) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh i ndáil leis an gcruthúnas ar uchtálacha idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus féadfar foráil éagsúil a dhéanamh leis na rialacháin maidir le stáit éagsúla agus aicmí éagsúla uchtálacha.

(4) Más rud é maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát gur i stát eile a dhéantar í, toimhdeofar, mura suífead a mhalairt, go ndearnadh í faoi dhlí an stáit sin agus de réir dhlí an stáit sin.

CUID 12

AN TÚDARÁS UCHTÁLA

CAIBIDIL 1

An tÚdarás arna Bhunú

An tÚdarás Uchtála
a Bhunú.

94.—(1) Ar an lá bunaithe, bunaítear comhlacht ar a dtabharfar Údarás Uchtála na hÉireann nó, sa Bhéarla, *The Adoption Authority of Ireland* chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Tá an tÚdarás ina chomhlacht corpraithe a bhfuil comharbas suthain aige agus—

- (a) féadfaidh sé agairt a dhéanamh agus beidh sé inagartha in ainm an Údaráis féin,
- (b) féadfaidh sé talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus
- (c) féadfaidh sé aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Séala an Údaráis.

95.—(1) Soláthróidh an tÚdarás séala dó féin a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe.

(2) Déanfar séala an Údaráis a fhíordheimhniú—

- (a) le sínithe 2 chomhalta den Údarás, nó
- (b) le sínithe na beirte seo a leanas—
 - (i) comhalta den Údarás, agus
 - (ii) fostaí de chuid an Údaráis a bheidh údaraithe ag an Údarás chun an séala a fhíordheimhniú.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus, mura suítear a mhalairt, gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an tÚdarás agus a bheith séalaithe le séala an Údaráis arna fhíordheimhniú de réir an ailt seo, glacfar i bhfianaise é agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais.

Feidhmeanna an
Údaráis.

96.—(1) Gan dochar do na feidhmeanna a shanntar don Údarás faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, áireofar na feidhmeanna seo a leanas i bhfeidhmeanna an Údaráis:

- (a) na feidhmeanna i ndáil le huchtálacha a chomhlíon an Bord Uchtála roimh an lá bunaithe a chomhlíonadh an lá bunaithe agus dá éis;
- (b) mar a shonraítear in *alt 66*, ról Údaráis Lárnaigh faoi Choinbhinsiún na Háige a chomhlíonadh sa Stát;
- (c) ar an Aire í a iarraidh, comhairle ghinearálta faoi nithe maidir le huchtáil a thabhairt dó nó di;

- (d) tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí uchtála a ghabháil de láimh, nó cabhrú leis an gcéanna;
- (e) faisnéis staidrimh agus taifid eile a thiomsú maidir leis na seirbhísí uchtála sin a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar go cuí;
- (f) an clár de chomhlachtaí creidiúnaithe a chothabháil; agus
- (g) clár na n-uchtálacha idir tíortha a chothabháil.

(2) Beidh na cumhachtaí go léir ag an Údarás is gá nó is fóirsteanach maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna aige.

(3) Féadfaidh an tÚdarás cibé fiosruithe is dóigh leis is gá a dhéanamh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Féachfaidh an tÚdarás lena chinntiú go seolfar a fhiosruithe uchtála faoin Acht seo agus éisteachtaí uchtála os comhair an Údaráis ar mhodh neamhsháraíochta.

97.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, rialacha a Rialacha dhéanamh—

- (a) maidir lena nós imeachta, agus
- (b) lena rialófar an chomhchomhairle a cheanglaítear leis an Acht seo a sheoladh le hathair linbh, nó leis an duine a chreideann gurb é athair an linbh é, sula ndéantar an leanbh a shuíomh le huchtáil nó sula ndéantar ordú uchtála i leith an linbh.

(2) Cinnteoidh an tAire go ndéanfar gach riail arna déanamh ag an Údarás faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an riail a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialach, beidh an riail ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin riail.

98.—(1) Is é a bheidh san Údarás 7 gcomhalta, arb iad an cathaoirleach, an leaschathaoirleach agus 5 ghnáthchomhalta, arna gceapadh ag an Aire de réir an ailt seo, iad. Comhaltas an Údaráis.

(2) Níl duine incheaptha mar chathaoirleach nó mar leaschathaoirleach mura rud é—

- (a) go bhfuil nó go raibh an duine, aon tráth i gcaitheamh an 2 bhliain díreach roimh an gceapachán, ina Bhreitheamh nó ina Breitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche, nó
- (b) go bhfuil seasamh 10 mbliana ar a laghad aige nó aici mar abhcóide nó aturnae.

(3) Maidir leis an 5 ghnáthchomhalta a cheapfaidh an tAire—

- (a) oibrí sóisialach a bhfuil tairbhí aige nó aici ar chleachtas uchtála a bheidh i nduine acu,

- (b) oibrí sóisialach a bhfuil saineolas taighde aige nó aici ar leas leanaí, ar chosaint leanaí nó ar an dá ní sin, a bheidh i nduine acu,
- (c) abhcóide nó aturnae a bhfuil taithí aige nó aici ar chleachtadh an dlí i ndáil le teaghlaigh agus leanaí, a bheidh i nduine acu,
- (d) lia-chleachtóir a bhfuil a ainm nó a hainm ar áireamh, de thuras na huaire, i rannán i gclár na lia-chleachtóirí dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (2) d'alt 43 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 (arna leasú leis an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 Uimh. 42 de 2007), a bheidh i nduine acu, agus
- (e) duine a bhfuil oiliúint chuí sa tsíceolaíocht aige nó aici a bheidh i nduine acu.

(4) Féachfaidh an tAire, a mhéid is indéanta, lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i gcomhaltas an Údaráis.

(5) Beidh gach comhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh tréimhse a chinnfidh an tAire, is tréimhse nach faide ná 5 bliana ón dáta a cheapfar an comhalta chun na hoifige.

(6) Beidh comhalta ceaptha a chríochnóidh téarma oifige inathcheaptha chun an Údaráis, ach ní fhéadfaidh sé nó sí fónamh mar chomhalta ar feadh níos mó ná 2 théarma chomhleanúnacha.

(7) Féadfaidh comhalta ceaptha éirí as oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta is déanaí díobh seo a leanas—

(a) an dáta a shonrófar sa litir, nó

(b) an dáta a gheobhaidh an tAire an litir.

(8) Más rud é go n-éireoidh comhalta ceaptha as oifig, go bhfaighidh sé nó sí bás, go scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú (seachas ar théarma oifige a chríochnú), go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige nó go gcuirfear as oifig é nó í, déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, duine a cheapadh chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh.

(9) Beidh duine a cheapfar faoi *fho-alt* (8) i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaí.

(10) Féadfaidh comhalta ceaptha, le toiliú an Údaráis, scaradh lena oifig nó lena hoifig go ceann tréimhse sonraithe ama más rud é, i dtuairim an chomhalta sin, go bhfuil easaontacht leasa aige nó aici i ndáil le ní a bheidh á bhreithniú ag an Údarás.

(11) Féadfaidh an tAire, aon tráth, comhalta ceaptha den Údarás a chur as oifig, más rud é—

(a) i dtuairim an Aire—

- (i) go mbeidh an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, mar gheall ar easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh,

- (ii) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó
- (iii) gur gá an comhalta a chur as oifig chun go gcomhlíonadh an tÚdarás a fheidhmeanna ar shlí éifeachtach,
- (b) gur sháraigh an comhalta foráil den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 a bhaineann leis an gcomhalta sin mar gheall ar rialachán arna dhéanamh faoi alt 3 den Acht sin, nó gur mhainnigh sé nó sí dualgas a fhorchuirtear léi a chomhlíonadh, nó
- (c) le linn feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, nach ndearna an comhalta de réir cóid iompair faoi alt 10(3) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

(12) Scoirfidh duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás láithreach—

- (a) má bhreithnítear an duine ina fhéimheach nó ina féimheach,
- (b) má dhéanann an duine imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
- (c) má chiontaítear an duine i gcion indíotáilte,
- (d) má chiontaítear an duine i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,
- (e) má dhéantar dearbhú faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí 1990 i gcoinne an duine nó má tá an duine nó má mheastar an duine a bheith faoi réir ordú dícháilfochta de bhua Chuid VII den Acht sin,
- (f) má chuireann cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta ar an duine, nó
- (g) má dhéanann údarás inniúil, ar aon chúis (seachas mainneachtain táille a íoc), an duine a bhaint d'aon chlár arna bhunú chun comhaltaí de ghairm a chlárú.

99.—(1) Níl duine incheaptha mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás, más rud é—

- (a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa an duine,
- (b) go meastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, an duine a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
- (c) gur comhalta d'údarás áitiúil an duine.

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.

(2) Scoirfidh comhalta ceaptha den Údarás nó comhalta de choiste den Údarás láithreach de bheith i seilbh oifige—

- (a) ar é nó í a ainmniú mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) ar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,

- (c) an tráth a mheastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
- (d) ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

Cruinnithe den Údarás.

100.—(1) Déanfaidh an tAire, i gcomhairle leis an Údarás, dáta, am agus áit chéadchruinniú an Údaráis a shocrú.

(2) Tionólfaidh an tÚdarás cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ach tionólfaidh sé 12 chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana.

(3) Féadfaidh an cathaoirleach cruinniú den Údarás a ghairm aon tráth réasúnach.

(4) Féadfaidh aon 4 chomhalta den Údarás cruinniú den Údarás a ghairm más rud é—

- (a) go ndiúltóidh an cathaoirleach cruinniú a ghairm tar éis foréileamh chun na críche sin arna shíniú ag 4 chomhalta ar a laghad a bheith tíolactha, nó
- (b) d'ainneoin nach ndiúltóidh an cathaoirleach cruinniú a ghairm, nach ndéanfaidh sé nó sí cruinniú a ghairm laistigh de 7 lá tar éis an foréileamh a thíolacadh dó nó di.

(5) Déanfaidh na comhaltaí a bheidh i láthair ag cruinniú arna ghairm faoi *fho-alt (4)* duine dá líon a roghnú chun bheith i gceannas ar an gcruinniú.

(6) Is é is córam do chruinniú den Údarás—

- (a) an cathaoirleach nó an leaschathaoirleach, nó
- (b) i gcás cruinnithe arna ghairm faoi *fho-alt (4)*, an duine a roghnófar faoi *fho-alt (5)* chun bheith i gceannas ar an gcruinniú agus a mheasfar, le haghaidh an chruinnithe sin, a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach chun críocha *fho-alt (9)* agus *(10)*,

agus 2 ghnáthchomhalta, ar duine a thuiriscítear i *mír (a)* nó *(b) d'alt 98(3)* duine acu.

(7) Beidh an cathaoirleach i gceannas ag na cruinnithe go léir den Údarás a mbeidh sé nó sí i láthair acu.

(8) Déanfar gach ceist ag cruinniú a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist.

(9) I gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach nó, má bhíonn an cathaoirleach as láthair, ag an leaschathaoirleach.

(10) Is é nó is í an cathaoirleach, an leaschathaoirleach nó an comhalta eile a bheidh údaraithe ag an gcathaoirleach a fhógróidh gach breith a thabharfaidh an tÚdarás agus ní nochtfar aon tuairim a bhí ag aon chomhalta eile, ná cad í an tuairim í, cibé acu is tuairim ag aontú ná ag easaontú í.

(11) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás nósanna imeachta agus gnó an Údaráis a rialáil trí bhuanorduithe nó ar shlí eile.

101.—(1) Féadfaidh an tÚdarás—

Coistí den Údarás.

(a) coiste amháin nó níos mó a bhunú chun cúnaimh agus comhairle a sholáthar don Údarás i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis, agus

(b) comhaltas agus téarmaí tagartha gach coiste a chinneadh.

(2) Maidir le gach coiste—

(a) is comhalta den Údarás a bheidh mar chathaoirleach air,

(b) féadfaidh daoine nach comhaltaí den Údarás ná fostaithe dá chuid a bheith ina gcomhaltaí de, agus

(c) is é a bheidh ann cathaoirleach an choiste agus na daoine eile, cibé acu is comhaltaí den Údarás iad nó nach ea, a cheapfaidh an tÚdarás.

(3) Féadfaidh an tÚdarás nós imeachta gach coiste a rialáil ach féadfaidh coiste, faoi réir aon rialála den sórt sin, a nós imeachta féin a rialáil.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, tráth ar bith—

(a) aon cheann de na coistí a dhíscaoileadh, nó

(b) comhalta d'aon cheann de na coistí a chur as a chomhaltas nó a comhaltas.

102.—(1) Aon duine—

Luach saothair agus caiteachais comhaltaí den Údarás agus de choistí.

(a) a cheapfar ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an Údarás, nó

(b) atá ina leaschathaoirleach ar an Údarás, i leith aon tréimhse a bhfeidhmíonn sé nó sí mar chathaoirleach ar an Údarás lena linn,

íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, as airgead a bheidh faoina réir aige, cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Íocfaidh an tÚdarás le comhalta den Údarás agus le comhalta de choiste den Údarás, as airgead a bheidh faoina réir aige, cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

CAIBIDIL 2

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

103.—(1) Ceapfaidh an tÚdarás duine a earcófar de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 chun bheith ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás.

An príomhoifigeach feidhmiúcháin.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire an chéad phríomhoifigeach feidhmiúcháin a cheapadh go ceann téarma a bheidh le cinneadh ag an Aire.

(3) Níl duine incheaptha mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin más rud é—

(a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa an duine,

(b) go meastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó

(c) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í.

(4) Beidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin i seilbh oifige, faoi réir *fho-alt (3)*, ar na téarmaí agus na coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a bheidh le cinneadh ag an Údarás le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) Féadfaidh an tÚdarás an príomhoifigeach feidhmiúcháin a chur as oifig, le ceadú an Aire, ar chúiseanna sonraithe.

(6) Féadfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin freastal ar aon chruinniú den Údarás nó de choiste den Údarás.

Feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin.

104.—(1) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin—

(a) riarachán agus gnó an Údaráis a sheoladh agus a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,

(b) cibé feidhmeanna eile a shannfar dó nó di leis an Acht seo nó faoi, nó le haon achtachán eile nó faoi, nó a chinnfidh an tÚdarás, a chomhlíonadh, agus

(c) faisnéis (lena n-áirítear faisnéis airgeadais) i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna de réir mar a éileoidh an tÚdarás í a sholáthar don Údarás.

(2) Tá an príomhoifigeach feidhmiúcháin freagrach don Údarás—

(a) as feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin a chomhlíonadh agus as beartais an Údaráis a chur i ngníomh,

(b) as tacú leis an Údarás sna feidhmeanna go léir de chineál breithiúnach a thugtar don Údarás leis an Acht seo,

(c) as na nithe seo a leanas a chothabháil thar ceann an Údaráis—

(i) an clár de chomhlachtaí creidiúnaithe, agus

(ii) clár na n-uchtálacha idir tíortha.

(3) Féadfaidh cibé fostaí de chuid an Údaráis a údaróidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin cibé feidhmeanna d'fheidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin a shonróidh sé nó sí ó am go ham a chomhlíonadh, le toiliú an Údaráis.

(4) Má bhíonn an príomhoifigeach feidhmiúcháin as láthair nó má bhíonn post an phríomhoifigigh feidhmiúcháin folamh, féadfaidh fostaí de chuid an Údaráis a ainmneoidh an tÚdarás feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin faoin alt seo a chomhlíonadh.

105.—(1) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, aon uair a cheanglófar air nó uirthi déanamh amhlaidh ag an gCoiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann, fianaise a thabhairt don choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin don Choiste um Chuntais Phoiblí.

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart arna dtaifeadadh nó a cheanglaítear a thairfeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear ar an Údarás leis an Acht seo a ullmhú,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca le húsáid a acmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don Údarás agus dá dtagraítear—
 - (i) in aon tuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d’Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, nó
 - (ii) in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a), (b) nó (c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) Le linn dualgais an phríomhoifigigh feidhmiúcháin faoin alt seo a chomhlíonadh, ní dhéanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin ceist a chur nó tuairim a nochtadh—

- (a) i dtaobh tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas, nó
- (b) i dtaobh cuspóirí beartais den sórt sin.

106.—(1) San alt seo, ciallaíonn “coiste” coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, seachas—

Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin do Choistí Oireachtais eile.

- (a) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann,
- (b) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann, agus
- (c) an Coiste dá dtagraítear in *alt 105(1)*,

nó fochoiste de choiste den sórt sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, freastalóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, ar iarraidh i scríbhinn ó choiste, os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis.

(3) Ní cheanglaítear ar an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin cuntas a thabhairt os comhair coiste ar aon ní atá, a bhí nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát.

(4) Más é tuairim an phríomhoifigigh feidhmiúcháin gur ní lena mbaineann *fo-alt (3)* aon ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina leith os comhair coiste—

(a) cuirfidh sé nó sí an tuairim agus na cúiseanna atá leis an tuairim in iúl don choiste, agus

(b) mura dtabharfar an fhaisnéis don choiste tráth a bheidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.

(5) I gcás ina mbeidh a thuairim nó a tuairim curtha in iúl do choiste ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin de réir *fho-alt (4)* agus nach dtarraingeoidh an coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a mhéid a bhainfidh sí le ní is ábhar don tuairim sin—

(a) féadfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don choiste a bhreith gan an iarraidh a tharraingt siar a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar mhodh achomair chun an cheist i dtaobh an ní lena mbaineann *fo-alt (3)* é an ní a chinneadh, nó

(b) féadfaidh cathaoirleach an choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an choiste,

agus cinnfidh an Ard-Chúirt an ní.

(6) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (5)*, ní fhreastalóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(7) Má chinneann an Ard-Chúirt gur ní a bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis an ní, tarraingeoidh an coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, freastalóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

(8) Le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh faoin alt seo, ní dhéanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin ceist a chur nó tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanas cuspóirí beartais den sórt sin.

CAIBIDIL 3

Cuntasacht, Pleananna, Tuarascálacha agus Maoiniú

Ordacháin don Údarás.

107.—(1) Féadfaidh an tAire ordacháin ginearálta i scríbhinn a thabhairt don Údarás chun críche ar bith i ndáil le forálacha an Achta seo, nó aon achtacháin eile, agus le haghaidh aon ní nó ruda dá dtagraítear san Acht seo—

- (a) mar ní nó rud atá sonraithe nó le sonrú, nó
- (b) mar ní nó rud atá cinnte nó le cinneadh.

(2) Féadfaidh an tAire a ordú don Údarás faisnéis, tuarascálacha nó staitisticí a sholáthar don Aire, ar an modh agus laistigh den tréimhse, de réir mar a chinnfidh an tAire iad araon, i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna a shanntar don Údarás leis an Acht seo nó faoi.

(3) Déanfaidh an tÚdarás de réir ordacháin a thabharfaidh an tAire faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*.

108.—(1) Déanfaidh an tÚdarás plean corparáideach a ullmhú, a ghlacadh agus ag na tráthanna a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú, ar plean é i gcomhair na 3 bliana díreach tar éis an dáta a chuirfear faoi bhráid an Aire é. Plean corparáideach an Údaráis.

(2) Cuirfear plean corparáideach faoi bhráid an Aire ag na tráthanna seo a leanas:

- (a) laistigh de 6 mhí tar éis an lae bunaithe;
- (b) laistigh de 6 mhí tar éis Aire nua Sláinte agus Leanaí a cheapadh má iarrann sé nó sí plean corparáideach nua a chur faoina bhráid nó faoina bráid;
- (c) ag deireadh na tréimhse 3 bliana ó cuireadh an plean corparáideach deireanach faoi bhráid an Aire.

(3) Ullmhófar an plean corparáideach i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordacháin a thabharfaidh an tAire agus sonrófar na nithe seo a leanas sa phlean—

- (a) cuspóirí fíorthábhachtacha an Údaráis don tréimhse 3 bliana lena mbaineann agus na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus
- (b) na húsáidí a bheartaíonn an tÚdarás a bhaint as a chuid acmhainní.

(4) Le linn dó an plean corparáideach a ullmhú, beidh aird ag an Údarás ar bheartais an Rialtais nó ar bheartais de chuid Aire den Rialtas a mhéid a dhéanfaidh na beartais sin difear d'fheidhmeanna an Údaráis nó a mbeidh baint acu leo.

(5) Laistigh de 3 mhí tar éis plean corparáideach a fháil, déanfaidh an tAire—

- (a) an plean a cheadú, nó
- (b) diúltú an plean a cheadú mura ndéanfar an plean a leasú de réir aon ordachán a thabharfaidh an tAire don Údarás.

(6) Féadfaidh an tAire plean corparáideach ceadaithe a leasú aon tráth nó féadfaidh an tÚdarás é a leasú ach sa chás deiridh sin, ní leasófar é ach amháin tar éis—

- (a) don Údarás an leasú beartaithe a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú, agus

(b) don Aire an leasú a cheadú.

(7) Beidh feidhm ag *fo-ailt* (3) go (6), fara na modhnuithe is gá, maidir le leasú ag an Údarás ar phlean corparáideach ceadaithe.

(8) Ní mheasfar go ndéanann aon ní i bplean corparáideach cosc a chur ar an Údarás a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh nó teorainn a chur leis i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(9) Cinnteoidh an tAire go ndéanfar cóip de phlean corparáideach ceadaithe a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais—

(a) laistigh de 21 lá tar éis don Aire an plean a cheadú, agus

(b) má leasaítear an plean faoi *fho-alt* (6) tar éis don Aire é a cheadú—

(i) i gcás leasú arna dhéanamh ag an Aire, laistigh de 21 lá tar éis an leasú a dhéanamh, nó

(ii) i gcás leasú arna dhéanamh ag an Údarás, laistigh de 21 lá tar éis don Aire an leasú a cheadú.

(10) Cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna de phlean ceadaithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, an plean a fhoilsiú—

(a) ar an Idirlíon, agus

(b) de réir cibé socruithe eile a shonróidh an tAire.

(11) Déanfaidh an tÚdarás i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis agus, ar an Aire á iarraidh, ag tráthanna eile a shonróidh an tAire, tuarascáil a sholáthar don Aire faoi dhul chun cinn maidir le plean corparáideach ceadaithe don Údarás a chur i ngníomh.

Deontais don Údarás.

109.—Déanfaidh an tAire cibé suim a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, chun críocha caiteachais ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, a airleacan chuig an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Plean gnó a chur faoi bhráid an Aire.

110.—(1) Féadfaidh an tAire, aon tráth roimh thosach bliana airgeadais, iarraidh ar an Údarás plean gnó don bhliain airgeadais sin a chur faoi bhráid an Aire, agus déanfaidh an tÚdarás de réir iarrata den sórt sin.

(2) Maidir le plean gnó—

(a) ullmhófar é san fhoirm agus ar an modh agus de réir aon ordachán a thabharfaidh an tAire,

(b) léireofar ann gníomhaíochtaí an Údaráis don tréimhse lena mbaineann an plean gnó,

(c) beidh meastacháin ann ar líon fostaithe an Údaráis don tréimhse lena mbaineann an plean,

(d) beidh aon fhaisnéis eile ann a shonróidh an tAire, agus

- (e) beidh sé de réir beartas agus cuspóirí de chuid an Aire agus an Rialtais.

(3) Le linn an plean gnó a ullmhú, beidh aird ag an Údarás ar an bplean corparáideach a bheidh i ngníomh ag an am sin agus a bheidh ceadaithe faoi *alt 108* agus ar aon ordachán arna thabhairt ag an Aire faoi *alt 107*.

(4) Tabharfaidh an tÚdarás éifeacht don phlean gnó mura n-ordóidh an tAire i scríbhinn don Údarás, laistigh de 30 lá tar éis an plean a chur faoina bhráid nó faoina bráid, an plean a leasú nó gan éifeacht a thabhairt dó.

(5) Déanfaidh an tAire, an tráth céanna a thabharfaidh sé nó sí ordachán don Údarás faoi *fho-alt (4)*, na cúiseanna a bhí aige nó aici leis an ordachán a thabhairt don Údarás a thabhairt i scríbhinn.

(6) Déanfaidh an tÚdarás de réir ordacháin faoi *fho-alt (4)*.

111.—(1) A luaithe is indéanta tar éis an tÚdarás a bhunú, cuirfidh sé cód rialachais ina mbeidh sracléiriú ar na nithe seo a leanas faoi bhráid an Aire lena cheadú— Cód rialachais.

- (a) na treoirphrionsabail is infheidhme maidir leis an Údarás mar chomhlacht poiblí a bhfuil na feidhmeanna a thuiriscítear in *alt 96* aige,
- (b) struchtúr an Údaráis, lena n-áirítear ról agus freagrachtaí an Údaráis agus an príomhoifigigh feidhmiúcháin,
- (c) na próisis agus na treoirlínte a leanfar chun a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar an Údarás leis an Acht seo nó faoi, agus
- (d) rialuithe inmheánacha an Údaráis, lena n-áirítear a nósanna imeachta maidir le hiniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca, soláthar poiblí agus tuairiscíú airgeadais.

(2) Déanfaidh an tÚdarás an cód rialachais a athbhreithniú go tréimhsiúil ag na tráthanna a shonróidh an tAire agus déanfaidh sé an cód a athmheas de réir mar is cuí leis an Údarás.

(3) Le linn dó athmheas ar an gcód rialachais a ullmhú nó a dhéanamh, beidh aird ag an Údarás ar aon ordachán a bheidh tugtha ag an Aire faoi *alt 107*.

(4) Tar éis don Aire an cód rialachais nó aon athmheas air a cheadú, déanfaidh an tÚdarás socrú chun an cód nó an cód athmheasta a fhoilsiú.

(5) Cuirfidh an tÚdarás in iúl ina thuarascáil bhliantúil na socruithe atá aige chun an cód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis.

112.—(1) Cuirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin faoi deara go gcoimeádfar na leabhair nó na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách— Cuntais an Údaráis.

- (a) ar ioncam agus caiteachas uile an Údaráis,

(b) ar fhoinse an ioncain sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus

(c) ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais an Údaráis.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, coimeádfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin freisin cibé cuntais speisialta a ordóidh an tAire.

(3) Maidir leis na leabhair, na taifid agus na cuntais speisialta a choimeádtar faoin alt seo—

(a) coimeádfar iad san fhoirm, agus

(b) is taifid agus cuntais iad i leith na dtréimhsí cuntasaíochta,

a shonróidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

(4) Déanfar cuntais an Údaráis arna n-ullmhú ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin agus arna gceadú ag an mBord a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais.

(5) Laistigh de mhí amháin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste deimhniú iniúchta i leith chuntais an Údaráis a eisiúint, déanfar cóip—

(a) de na cuntais, agus

(b) de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais,

a thíolacadh don Aire, agus cuirfidh sé nó sí faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 2 mhí tar éis iad a fháil.

(6) Má cheanglaíonn an tAire air é, tabharfaidh an tÚdarás don Aire an fhaisnéis a éileoidh sé nó sí i leith aon chláir comhardaithe, aon chuntais nó aon tuarascála de chuid an Údaráis.

(7) Déanfaidh an tÚdarás, an príomhoifigeach feidhmiúcháin agus na fostaithe eile de chuid an Údaráis—

(a) aon uair a iarrfaidh an tAire orthu é, cead a thabhairt d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire leabhair nó taifid chuntais eile an Údaráis a scrúdú i leith aon bhliana airgeadais nó tréimhse eile, agus

(b) an scrúdú a éascú,

agus íocfaidh an tÚdarás cibé táille a shocróidh an tAire i leith an scrúdaithe.

CAIBIDIL 4

Caighdeáin, Cóid Iompair, Dícháiliú, etc.

Caighdeáin
ionracais.

113.—(1) Le linn feidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh—

(a) mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás,

- (b) mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin an Údaráis, nó mar fhostaí de chuid an Údaráis,
- (c) mar dhuine atá ar fostú ag an Údarás faoi *alt 124* mar chomhairleoir, nó
- (d) mar fhostaí de chuid duine dá dtagraítear i *mír (c)*,

coimeádfaidh duine caighdeáin chúí ionracais, iompair agus airde ar leas an phobail.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le fostaí de chuid duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* i leith dualgas fostaíochta a bhaineann leis na críocha a mbeidh an duine sin fostaithe ag an tÚdarás chucu.

114.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, chun críocha *alt 113(1)*, cóid iompair. Cód iompair a eisiúint mar threoir do dhaoine—

- (a) is comhaltaí de choiste den Údarás ach nach comhaltaí den Údarás iad,
- (b) is fostaithe de chuid an Údaráis seachas fostaithe lena mbaineann cóid iompair faoi *alt 10(3)* den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001,
- (c) atá ar fostú faoi *alt 124* ag an Údarás mar chomhairleoirí, nó
- (d) is fostaithe de chuid daoine dá dtagraítear i *mír (c)*.

(2) Déanfar in aon chód iompair a eiseofar faoin *alt seo* mar threoir do dhaoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* léiriú a thabhairt ar na caighdeáin ionracais agus iompair a bheidh le coimeád acu le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile.

(3) Aon duine lena mbaineann an cóid iompair, ceanglaítear air nó uirthi aird a bheith aige nó aici ar an gcód agus é a bheith mar threoir aige nó aici le linn dó nó di feidhmeanna a chomhlíonadh faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile.

(4) Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha ar a bhfuil duine fostaithe ag an Údarás nó ag duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* nó ar a bhfuil duine ar fostú ag an Údarás mar chomhairleoir, meastar go bhfolaíonn siad na ceanglais a bhaineann leis an duine sin faoi *fho-alt (3)*.

115.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis cóid iompair a eisiúint, an cóid a chur ar fáil do na daoine ar mar threoir dóibh a eisiódh é. Cód iompair a bheith ar fáil.

(2) Déanfaidh an tÚdarás cóid iompair mar threoir d'fhostaithe de chuid duine atá ar fostú ag an Údarás mar chomhairleoir a eisiúint chuig an bhfostóir agus cuirfidh an fostóir ar fáil do na fostaithe sin é.

(3) Cheal fianaise ar a mhalairt, maidir le doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chód iompair arna eisiúint faoin *alt seo*—

- (a) is é an cóid iompair sin é, agus

- (b) beidh sé inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile,

agus féadfaidh an chúirt nó an binse eile aon fhoráil den chód iompair is dealraitheach don chúirt nó don bhinse a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.

Bronntanais.

116.—(1) Féadfaidh an tÚdarás bronntanais airgid, talún nó maoin eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais nó coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.

(2) Ní ghlacfaidh an tÚdarás bronntanas más rud é go mbeadh na hiontaobhais nó na coinníollacha atá ag gabháil leis ar neamhréir—

- (a) le feidhmeanna an Údaráis, nó
(b) le hoibleagáidí an Údaráis,

faoin Acht seo nó faoi achtachán ar bith eile.

Tuarascáil
bhliantúil.

117.—(1) Déanfaidh an tÚdarás tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil bhliantúil i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis le linn na bliana féilire díreach roimhe sin a ullmhú agus a ghlacadh.

(2) Beidh na nithe seo a leanas i dtuarascáil bhliantúil—

- (a) ráiteas faoi na gníomhaíochtaí a ndearna an tÚdarás iad a ghabháil de láimh,
(b) tuarascáil maidir le plean corparáideach an Údaráis, arna cheadú faoi *alt 108*, a chur i ngníomh,
(c) tuarascáil maidir le plean gnó an Údaráis, arna chur faoi bhráid an Aire faoi *alt 110*, a chur i ngníomh,
(d) tuarascáil maidir leis na socrúithe atá ag an Údarás chun a chód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis,
(e) sonraí eile is cuí leis an Údarás nó a shonróidh an tAire, lena n-áirítear ráitis airgeadais, ach gan a bheith teoranta do ráitis airgeadais,
(f) an líon iarratas ar uchtáil agus breitheanna an Údaráis orthu sin,
(g) ainmneacha na gcomhlachtaí creidiúnaithe lena mbaineann sna hiarratais,
(h) an líon iarratas ar chomhlachtaí creidiúnaithe a chlárú, agus breitheanna an Údaráis ar na hiarratais sin, agus
(i) ainm agus seoladh—
(i) gach ceann de na comhlachtaí creidiúnaithe atá taifeadta sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe, agus

- (ii) gach ceann de na comhlachtaí creidiúnaithe ar baineadh a ainm den chlár,

le linn na bliana díreach roimhe sin.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is féidir, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an tuarascáil bhliantúil a ghlacadh, cóip den tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Cinnteoidh an tAire go leagfar cóipeanna den tuarascáil bhliantúil faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 21 lá tar éis don Aire an tuarascáil a fháil.

(5) Cinnteoidh an tÚdarás go bhfoilseofar an tuarascáil bhliantúil—

- (a) ar an Idirlíon, agus
(b) de réir aon socrúithe eile a shonróidh an tAire,

a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

118.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, aon uair a iarrfaidh an tAire air é, aon fhaisnéis a éileoidh an tAire i ndáil le beartais agus le gníomhaíochtaí an Údaráis a thabhairt don Aire.

Faisnéis atá le tabhairt don Aire agus an rogha atá ag an Údarás tuarascálacha eile a fhoilsiú.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, de réir mar is iomchuí agus is cuí leis, i dteannta na tuarascála bliantúla, tuarascálacha a fhoilsiú i dtaobh nithe a bhaineann le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna an Údaráis.

119.—(1) San alt seo, ciallaíonn “faisnéis faoi rún”—

Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaráithe faisnéise faoi rún.

- (a) faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an Údarás ina leith go bhfuil sí faoi rún maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d’aicme nó de thuirisc áirithe, nó
(b) tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a chuirfidh aon duine faoi bhráid an Údaráis.

(2) Ach amháin sna himthosca a shonraítear i *bhfo-alt* (3), ní nochtfaidh duine faisnéis faoi rún a gheofar le linn dó nó di feidhmeanna a chomhlíonadh—

- (a) mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás,
(b) mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin an Údaráis nó mar aon fhostaí eile de chuid an Údaráis,
(c) mar dhuine a bheidh ar fostú ag an Údarás mar chomhairleoir, nó
(d) mar fhostaí de chuid duine dá dtagraítear i *mír* (c).

(3) Ní sháraíonn duine *fo-alt* (2) trí fhaisnéis faoi rún a nochtadh más rud é maidir leis an nochtadh—

- (a) gur don Údarás a dhéanfar é nó má bhíonn sé údaráithe ag an Údarás,

- (b) go ndéanfar don Aire é ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis nó i gcomhlíonadh an Achta seo, nó
- (c) go gceanglaítear le dlí é a dhéanamh.

Dícháiliú de thoradh comhaltais de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.

120.—Scoirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin láithreach de bheith i seilbh oifige—

- (a) ar é nó í a ainmniú mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) ar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) an tráth a mheastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chuig Parlaimint na hEorpa d'fhonn folúntas a líonadh, nó
- (d) ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

Fostaithe a bheith ar iasacht de thoradh comhaltais de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.

121.—(1) Beidh fostaí den Údarás (seachas an príomhoifigeach feidhmiúcháin) ar iasacht láithreach ó fhostaíocht leis an Údarás—

- (a) ar é nó í a ainmniú mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) ar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) an tráth a mheastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chuig Parlaimint na hEorpa d'fhonn folúntas a líonadh, nó
- (d) ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

(2) Ní bheidh aon luach saothair nó liúntais infoctha ag an Údarás i leith na tréimhse iasachta ó fhostaíocht faoi *fho-alt (1)* agus ní dhéanfar an tréimhse sin a áireamh mar sheirbhís leis an Údarás chun críocha aon sochair aoisliúntais.

(3) Maidir le duine a bheidh ar iasacht faoi *fho-alt (1)* ó fhostaíocht, tosaíonn an tréimhse iasachta ar an teagmhas iomchuí dá dtagraítear san *fho-alt* sin tarlú agus críochnaíonn sí an tráth a scoirfidh an duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil, de réir mar a bheidh.

CAIBIDIL 5

Fostaithe an Údaráis, etc.

Fostaithe an Údaráis.

122.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir *fho-ailt (2)* agus (3), daoine a cheapadh chun bheith ina bhfostaithe de chuid an Údaráis agus féadfaidh sé a ndualgais a chinneadh.

(2) Déanfar fostaithe a cheapfar faoin alt seo a earcú de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt* (2) maidir le fostaithe a cheapfar faoin alt seo le linn na 3 mhí dar tosach an lá bunaithe nó le linn tréimhse is giorra a shonróidh an tAire.

(4) Cinnfidh an tÚdarás, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais—

- (a) téarmaí agus coinníollacha fostaíochta (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) fostaithe a cheapfar faoin alt seo, agus
- (b) na gráid d'fhostaithe an Údaráis agus an líon fostaithe i ngach grád.

(5) Níl duine cáilithe lena cheapadh nó lena ceapadh mar fhostaí de chuid an Údaráis más rud é—

- (a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa an duine,
- (b) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997 an duine a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
- (c) gur comhalta d'údarás áitiúil an duine.

(6) Tá luach saothair agus liúntais fhostaithe an Údaráis iníoctha ag an Údarás leis na fostaithe as cistí a bheidh faoina réir ag an Údarás.

123.—(1) San alt seo, ciallaíonn “sochar aoisliúntais” pinsean, Aoisliúntas. aisce nó liúntas eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás.

(2) Déanfaidh an tÚdarás scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do cibé fostaithe, nó i leith cibé fostaithe, de chuid an Údaráis is cúf leis a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(3) Déanfar le gach scéim den sórt sin an tráth scoir agus na coinníollacha scoir a shocrú do na duine go léir a bhfuil sochair aoisliúntais iníoctha leo, nó ina leith, faoin scéim, agus féadfar téarmaí éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(4) Féadfar gach scéim den sórt sin a leasú nó a chúlghairm le scéim ina dhiaidh sin a ullmhófar, a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.

(5) Má cheadaíonn an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a chuirfidh an tÚdarás faoi bhráid an Aire faoin alt seo, déanfaidh an tÚdarás í a chur i grích de réir théarmaí na scéime.

(6) Ní dhéanfaidh an tÚdarás sochar aoisliúntais ar bith a dheonú, ná ní dhéanfaidh an tÚdarás socruithe ar bith eile chun sochar den sórt sin a sholáthar, d'fhostaí, nó ina leith, ach amháin—

- (a) de réir scéime faoin alt seo, nó
- (b) le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(7) Déanfar foráil maidir le hachomhairc le gach scéim a dhéanfar faoin alt seo.

(8) Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialófar sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna a dhéanfar faoin alt seo do dhaoine a d'aistrigh chuig an Údarás faoi *alt 137*, ní lú fabhar iad ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh na daoine sin ina dteideal díreach sular aistríodh iad.

(9) Más rud é, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh thosach feidhme scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le híoc le duine, nó i leith duine, a aistríodh chuig an Údarás faoi *alt 137*—

(a) déanfaidh an tÚdarás an sochar a ríomh de réir cibé scéime, nó de réir cibé achtachán i ndáil le haoisliúntas, ag a raibh feidhm maidir leis an duine díreach roimh an aistriú, agus

(b) déanfar seirbhís inphinsin an duine leis an Údarás a chomhiomlánú le seirbhís inphinsin roimhe an duine agus íocfaidh an Údarás an sochar, arna ríomh amhlaidh.

(10) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe.

Comhairleoirí.

124.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, cibé comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh an tÚdarás is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Aon táillí a bheidh dlíthe do chomhairleoir a fhostófar faoin alt seo, beidh siad iníoctha ag an Údarás as cistí a bheidh faoina réir ag an Údarás.

CUID 13

COMHLACHTAÍ CREIDIÚNAITHE A CHLÁRÚ

CAIBIDIL 1

Socrúithe le haghaidh Uchtála

Srianta ar shocrúithe a dhéanamh le haghaidh uchtála.

125.—(1) Ní dhéanfaidh duine—

(a) socrú, ná ní fhéachfaidh duine le socrú a dhéanamh, maidir le leanbh a uchtáil,

(b) chun go n-uchtófar leanbh—

(i) an leanbh a choinneáil i gcoimeád an duine, nó

(ii) a shocrú go gcoinneofar an leanbh i gcoimeád duine eile, nó

(c) páirt a ghlacadh i mbainistiú nó i rialú comhlachta daoine arb é is aon-chuspóir dó, nó ar ceann dá chuspóirí é, socrúithe a dhéanamh le haghaidh uchtála.

(2) Ní dhéanfaidh duine leanbh a thabhairt, nó a chur faoi deara leanbh a thabhairt, do dhuine eile chun go n-uchtófar an leanbh mura rud é—

- (a) gur duine de thuismitheoirí an linbh an duine céadluaite, agus
- (b) maidir leis an duine a bheartaíonn an leanbh a uchtáil—
 - (i) gur duine de thuismitheoirí an linbh é nó í,
 - (ii) gur gaol leis an leanbh é nó í, nó
 - (iii) gur céile duine de thuismitheoirí an linbh é nó í.

(3) Ní ghlacfaidh duine leanbh chun an leanbh a uchtáil mura rud é—

- (a) gur duine de thuismitheoirí an linbh an duine,
- (b) gur gaol leis an leanbh an duine,
- (c) gur céile duine de thuismitheoirí an linbh é nó í, nó
- (d) gur duine é nó í lena ndéanann comhlacht creidiúnaithe nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanbh a shuíomh an duine.

(4) D'ainneoin *fho-ailt (1)* agus (2), féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte aon cheann de na gníomhaíochtaí a thuairiscítear sna fo-ailt sin a sheoladh.

(5) D'ainneoin *fho-ailt (1)* agus (2), féadfaidh comhlacht creidiúnaithe aon cheann de na gníomhaíochtaí a thuairiscítear sna fo-ailt sin, agus is gníomhaíochtaí a bhfuil an comhlacht creidiúnaithe cláraithe sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe ina leith, a sheoladh.

(6) D'ainneoin *fho-alt (1)(a)*, féadfaidh duine gníomhaíocht a thuairiscítear i *mír (g), (h)* nó *(i) d'alt 4* a sheoladh fad nach mbeidh gníomhaíocht a thuairiscítear i *míreanna (a)* go *(f), (j)* nó *(k)* den alt sin, nó aon cheann de na gníomhaíochtaí a thuairiscítear in *alt 5*, á seoladh ag an duine sin freisin.

CAIBIDIL 2

An Clár de Chomhlachtaí Creidiúnaithe

126.—(1) Leanfaidh an Clár de Chumainn Uchtála a choimeádann an Bord Uchtála faoi alt 35 den Acht Uchtála 1952 ar marthain, agus ar an lá bunaithe agus dá éis—

An clár de chomhlachtaí creidiúnaithe.

- (a) tabharfar an clár de chomhlachtaí creidiúnaithe air, agus
- (b) coimeádfaidh agus cothabhálfaidh an tÚdarás é faoin Acht seo.

(2) Beidh taifid sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe san fhoirm agus beidh iontu na sonraí a cheanglaítear faoi *alt 127*.

(3) Déanfar an clár de chomhlachtaí creidiúnaithe a chur ar fáil lena iniúchadh ag aon duine gach tráth réasúnach.

(4) Gach doiciméad a airbheartaíonn gur cóip é de thaifead nó gur sliocht é as taifead sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe agus a airbheartaíonn a bheith deimhnithe ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin mar chóip dhílis den chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe nó mar shliocht dílis as—

- (a) glacfar i bhfianaise é in aon imeachtaí dlíthiúla, agus
- (b) go dtí go gcruthófar a mhalairt, measfar gur cóip dhílis é den taifead sin nó gur sliocht dílis as an taifead sin é, agus gur fianaise é ar an taifead sin,

gan cruthúnas ar shíniú an phríomhoifigigh feidhmiúcháin.

Comhlachtaí
creidiúnaithe a
chlárú.

127.—(1) Faoi réir an ailt seo, taifeadfaidh an tÚdarás sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe—

- (a) ainm aon chomhlachta daoine a dhéanfaidh iarratas ar chlárú agus a thabharfaidh don Údarás cibé faisnéis a mheasfaidh an tÚdarás is gá chun a chinneadh an bhfuil an comhlacht daoine i dteideal a chlárú,
- (b) sonraí i dtaobh na gníomhaíochta nó na ngníomhaíochtaí a bhfuil an comhlacht daoine clárúithe ina leith, agus
- (c) sonraí i dtaobh an stáit tionscnaimh nó na stát tionscnaimh lena mbaineann an clárú in aon chás ina bhfuil clárú an chomhlachta daoine á dhéanamh i gcomhair aon ghníomhaíochta nó aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le huchtáil nó cothabháil linbh ar ceann acu seo a stát tionscnaimh—
 - (i) stát conarthach eile, nó
 - (ii) stát a bhfuil comhaontú déthaobhach aige leis an Stát.

(2) Ní chláróidh an tÚdarás aon chomhlacht daoine sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe i leith aon ghníomhaíochta nó aon ghníomhaíochtaí mura deimhin leis go gcomhlíonann an comhlacht daoine na ceanglais atá forordaithe de thuras na huaire faoi *alt 151* i leith na gníomhaíochta sin, na ngníomhaíochtaí sin nó aon teaghlaim de na gníomhaíochtaí sin.

(3) Féadfaidh an tÚdarás diúltú aon chomhlacht daoine a chlárú sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe i leith aon ghníomhaíochta nó aon ghníomhaíochtaí—

- (a) mura gcomhlíonann an comhlacht daoine sin na ceanglais dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* agus is infheidhme maidir leis an gcomhlacht daoine sin, nó
- (b) más dealraitheach don Údarás maidir le haon duine—
 - (i) a ghlacann páirt i mbainistiú nó i rialú an chomhlachta daoine, nó
 - (ii) atá fostaithe thar ceann an chomhlachta daoine i dtaca leis an ngníomhaíocht sin,

nach duine cuí cóir é nó í chun gníomhú sa cháil sin.

(4) Maidir le comhlacht daoine atá cláraithe sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe—

- (a) i leith ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a shonraítear i míreanna (e) go (g) d'alt 4, nó
- (b) i leith gníomhaíochta a shonraítear in alt (5)(b),

tá sé dícháilithe chun clárú i leith aon ghníomhaíochta eile.

(5) Ar chomhlacht daoine a chlárú sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe, eiseoidh an tÚdarás deimhniú cláraithe chuig an gcomhlacht daoine agus sonrófar sa deimhniú—

- (a) an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí a bhfuil an comhlacht daoine sin cláraithe ina leith, agus
- (b) má tá an comhlacht daoine cláraithe i leith aon ghníomhaíochta nó gníomhaíochtaí a shonraítear in alt 4 nó 5 agus a bhaineann le huchtáil nó cothabháil linbh—
 - (i) ar stát conarthach eile a stát tionscnaimh, nó
 - (ii) ar stát a bhfuil comhaontú déthaobhach aige leis an Stát a stát tionscnaimh,

an stát tionscnaimh nó na stáit tionscnaimh lena mbaineann an clárú.

(6) D'ainneoin aon fhorála eile den alt seo, féadfaidh an tÚdarás—

- (a) faoi Airteagal 12 (a bhaineann leis an tráth a fhéadfaidh comhlacht creidiúnaithe i stát conarthach amháin gníomhú i stát conarthach eile), a údarú do chomhlacht creidiúnaithe gníomhú i stát eile, agus
- (b) faoi réir aon fhorála is infheidhme de chomhaontú déthaobhach, a údarú do chomhlacht creidiúnaithe gníomhú i stát a mbeidh comhaontú déthaobhach déanta aige leis an Stát.

128.—(1) Faoi réir alt 130, is é is tréimhse cláraithe comhlachta chreidiúnaithe 5 bliana ó dháta an chláraithe. Clárú a athnuachan.

(2) Faoi réir aon rialachán arna ndéanamh faoi alt 151, féadfaidh comhlacht creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ar chlárú a athnuachan ar feadh tréimhsí breise, nach faide ná 3 bliana aon tréimhse acu.

(3) Tabharfaidh comhlacht creidiúnaithe cibé faisnéis don Údarás is dóigh leis an Údarás is gá d'fhonn a chinneadh ar cheart clárú an chomhlachta a athnuachan.

(4) Tá feidhm ag fo-ailt (2), (3) agus (4) d'alt 127 i ndáil le hiarratas ar chlárú a athnuachan mar atá feidhm ag na fo-ailt sin i ndáil le hiarratas ar chlárú.

(5) Is ó thráth éagtha an chláraithe roimhe sin a bheidh éifeacht le téarma athnuachana ar chlárú, lena n-áirítear athnuachan de bhun iarratais ar chlárú a athnuachan dá dtagraítear in alt 129.

Clárú a chealú mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh ar athnuachan.

129.—(1) Mura ndéanfaidh comhlacht creidiúnaithe iarratas ar chlárú a athnuachan nuair a cheanglaítear air faoi *alt 128* déanamh amhlaidh, cuirfidh an tÚdarás in iúl don chomhlacht creidiúnaithe le fógra i scríbhinn go gcealófar a chlárú mí amháin tar éis dháta an fhógra mura bhfaighfear iarratas ar chlárú a athnuachan laistigh den mhí sin.

(2) Mura ndéanfaidh an comhlacht creidiúnaithe iarratas ar chlárú a athnuachan laistigh de mhí amháin ó dháta an fhógra faoi *fho-alt (1)*, cealóidh an tÚdarás clárú an chomhlachta.

Clárú a chealú ar chúiseanna eile.

130.—Féadfaidh an tÚdarás clárú comhlachta chreidiúnaithe maidir le aon cheann de na gníomhaíochtaí nó na gníomhaíochtaí go léir a bhfuil sé cláraithe ina leith a chealú más rud é—

- (a) go bhfuil forais ann ar a mbeadh an tÚdarás i dteideal nó ar a gceanglófaí ar an Údarás diúltú d'iarratas chun an comhlacht creidiúnaithe a chlárú,
- (b) gur dealraitheach don Údarás nach bhfuil an tAcht seo, nó na rialacháin faoi *alt 151*, á gcomhlíonadh ag an gcomhlacht creidiúnaithe, nó
- (c) go ndéanann an comhlacht creidiúnaithe, nó aon duine a bheidh ag gníomhú thar a cheann, cion faoin Acht seo.

Clárú a leasú.

131.—Féadfaidh an tÚdarás taifead a bhaineann le comhlacht creidiúnaithe sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe, a leasú má mheasann an tÚdarás gur gá nó gurb inmhianaithe an leasú a dhéanamh sna himthosca.

Dualgas fógra a thabhairt i dtaobh breitheanna maidir le clárú.

132.—(1) I gcás ina mbeartaíonn an tÚdarás maidir le gníomhaíocht—

- (a) diúltú iarratasóir a chlárú i gclár na gcomhlachtaí creidiúnaithe,
- (b) diúltú clárú comhlachta chreidiúnaithe a athnuachan,
- (c) clárú comhlachta chreidiúnaithe a leasú, nó
- (d) clárú comhlachta chreidiúnaithe a chealú,

maidir leis an ngníomhaíocht sin, tabharfaidh an tÚdarás fógra scríofa don iarratasóir nó don chomhlacht creidiúnaithe lena mbaineann maidir leis an togra agus na cúiseanna atá leis.

(2) San fhógra maidir le togra an Údaráis beidh ráiteas á rá go bhféadfaidh an t-iarratasóir nó an comhlacht creidiúnaithe lena mbaineann uirill i scríbhinn a dhéanamh chuig an Údarás laistigh de 21 lá tar éis an fógra a fháil.

(3) Déanfaidh an tÚdarás—

- (a) sula dtabharfar aon bhreith maidir le togra a dtugtar fógra maidir leis faoi *fho-alt (1)*, aon uirill a bheidh déanta chuig an Údarás ag an iarratasóir nó ag an gcomhlacht creidiúnaithe lena mbaineann laistigh den 21 lá dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a chur i gcuntas, agus

- (b) ar an togra a chur i gcrích, fógra scríofa a thabhairt don iarratasóir nó don chomhlacht creidiúnaithe maidir le breith an Údaráis agus maidir leis na cúiseanna a bhí leis an mbreith.

(4) San fhógra faoi bhreith an Údaráis beidh ráiteas á rá go bhféadfaidh an t-iarratasóir nó an comhlacht creidiúnaithe lena mbaineann achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche in aghaidh na breithe laistigh de 21 lá tar éis an fógra a fháil.

133.—Déanfaidh comhlacht creidiúnaithe, gach oifigeach don chomhlacht creidiúnaithe agus gach duine eile a ghlacann páirt ina bhainistiú nó ina rialú—

Tabharfaidh comhlachtaí creidiúnaithe faisnéis don Údarás agus ceadóidh siad iniúchadh ar a dtaifid.

- (a) cibé faisnéis a éileoidh an tÚdarás le fógra i scríbhinn ó am go ham i dtaca le bunreacht, comhaltas, fostaithe, eagrú agus gníomhaíochtaí an chomhlachta chreidiúnaithe a thabhairt don Údarás, agus
- (b) cead a thabhairt gach tráth réasúnach do chomhalta den Údarás nó d'fhostaí de chuid an Údaráis a bheidh údaraithe ag an Údarás na leabhair agus na doiciméid go léir a bhaineann le huchtáil agus atá faoi rialú an chomhlachta chreidiúnaithe a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh.

134.—Cuirfidh an tÚdarás faoi deara go bhfoirseofar fógra san Iris Oifigiúil san fhoirm fhorordaithe i dtaobh gach clárú agus gach cealú ar chlárú sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe.

Fógraí san Iris Oifigiúil faoi chlárú agus cealú.

CAIBIDIL 3

Achomhairc maidir le Clárú Comhlachtaí Creidiúnaithe

135.—(1) Féadfaidh aon chomhlacht daoine achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche in aghaidh breithe ón Údarás faoi *alt 132*, maidir le gníomhaíocht—

Achomhairc in aghaidh breitheanna a bhaineann le clárú.

- (a) diúltú an chomhlacht daoine sin a chlárú sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe,
- (b) diúltú clárú an chomhlachta daoine sin a athnuachan sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe,
- (c) clárú an chomhlachta daoine sin sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe a leasú, nó
- (d) clárú an chomhlachta daoine sin a chealú sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe,

i leith na gníomhaíochta sin.

(2) Tionscnófar an t-achomharc tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don chomhlacht daoine lena mbaineann fógra scríofa a fháil i dtaobh na breithe agus tabharfaidh an comhlacht daoine sin fógra don Údarás i dtaobh an achomhairc.

(3) Tar éis an t-achomhairc a éisteacht, féadfaidh an Chúirt Dúiche—

- (a) an bhreith a bheidh faoi achomharc a dhaingniú, nó
 - (b) a ordú don Údarás, de réir mar is cuí, maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann—
 - (i) an comhlacht daoine a chlárú sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe,
 - (ii) clárú an chomhlachta daoine a athnuachan,
 - (iii) an leasú ar an gclárú a tharraingt siar, nó
 - (iv) an clárú a cealaíodh a chur ar ais ar an gclár.
- (4) Is breith chríochnaitheach breith ón gCúirt Dúiche ar fhóras faoin alt seo.
- (5) Tá an tÚdarás i dteideal—
- (a) go dtabharfar fógra dó maidir le hachomharc faoin alt seo, agus
 - (b) láithriú, éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird ag an éisteacht ar an achomharc.

CUID 14

AN BORD UCHTÁLA A DHÍSCAOILEADH

An Bord Uchtála a dhíscaoileadh.

136.—Déantar, leis an Acht seo, an Bord Uchtála a dhíscaoileadh ar an lá bunaithe.

Daoine a aistriú chun bheith ina bhfostaithe de chuid an Údaráis.

137.—(1) San alt seo—
ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas fostaithe aitheanta”—

- (a) ceardchumann, nó
- (b) comhlachas fostaithe,

atá aitheanta ag an Údarás chun críocha caibidlí a bhaineann leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta;

folaíonn “téarmaí agus coinníollacha seirbhíse” téarmaí agus coinníollacha maidir le seilbh oifige, luach saothair agus nithe gaolmhara.

(2) Déanfaidh an tAire, i ndáil le státseirbhísigh atá ag fónamh sa Roinn Sláinte agus Leanaí, agus déanfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, i ndáil le státseirbhísigh atá ag fónamh sa Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, státseirbhísigh a ainmniú díreach roimh an lá bunaithe lena n-aistriú chuig an Údarás ar an lá bunaithe.

(3) Measfar gur seirbhísigh phoiblí ar fostú ag an Údarás comhaltaí foirne a aistreofar de réir *fho-alt* (2).

(4) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann agus comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine a aistreofar chuig an Údarás faoi *fho-alt*

(2), ní bhfaighidh sé nó sí pá de réir scála pá is lú, tráth an aistrithe, ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a mbeidh sé nó sí faoina réir ná an scála pá a raibh teideal ag an duine chuige nó na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an aistriú.

(5) Déanfar seirbhís roimhe sa státseirbhís ag duine a aistrítear faoin alt seo a áireamh mar sheirbhís chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh atá iontu:

- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007;
- (b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001;
- (c) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003;
- (d) an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997;
- (e) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005;
- (f) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007;
- (g) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004;
- (h) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006;
- (i) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005;
- (j) an tAcht um Shaoire Cúramóra 2001;
- (k) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001.

138.—(1) Déanfar, ar an lá bunaithe, an mhaoin go léir ar mhaoin leis an mBord Uchtála í díreach roimh an lá sin, a aistriú chuig an Údarás agus a dhílsíú don Údarás gan aon tíolacas ná sannadh.

Maoin agus dliteanas a aistriú chuig an Údarás.

(2) Na cearta agus na dliteanas go léir de chuid an Bhoird Uchtála, a éireoidh de bhua aon chonartha, comhaontaithe nó socraithe—

- (a) a bheidh déanta ag an mBord Uchtála nó thar a cheann roimh an lá bunaithe, agus
- (b) a mbeidh éifeacht leis díreach roimh an lá sin,

aistrítear chuig an Údarás ar an lá bunaithe iad.

(3) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear faoin alt seo, féadfaidh an tÚdarás ar é a aistriú nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú, nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne an Údaráis, in ainm an Údaráis féin.

(4) Ní gá don Údarás fógra i dtaobh an aistrithe a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas.

Conarthaí a choimeád i bhfeidhm, etc., agus tagairtí a oiriúnu.

139.—(1) Gach Conradh, comhaontú nó socrú arna dhéanamh idir an Bord Uchtála agus duine ar bith eile agus atá i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe—

- (a) leanfaidh sé i bhfeidhm an lá sin agus dá éis,
- (b) tá éifeacht leis amhail is dá gcuirfí ainm an Údaráis in ionad ainm an Bhoird Uchtála sa chonradh, sa chomhaontú nó sa socrú, agus
- (c) tá sé infhorfheidhmithe ag an Údarás nó ina choinne.

(2) D’ainneoin *fho-alt (1)*, duine a bhfuil Conradh, comhaontú, nó socrú aige nó aici leis an mBord Uchtála díreach roimh an lá bunaithe, tá sé nó sí i dteideal, amhail ón lá sin, gan aon iarmhairtí dlí, an Conradh a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn arna sheachadadh ar an Údarás.

Taifid de chuid an Bhoird Uchtála.

140.—Gach taifead a shealbhóidh an Bord Uchtála díreach roimh an lá bunaithe—

- (a) aistrefar é chuig an Údarás ar an lá sin, agus
- (b) ar an agus ón lá sin, is maoin de chuid an Údaráis é agus is é an tÚdarás a shealbhóidh é.

Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.

141.—(1) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar páirtí iontu an Bord Uchtála ar feitheamh in aon chúirt nó binse—

- (a) cuirfear ainm an Údaráis in ionad ainm an Bhoird Uchtála san himeachtaí, agus
- (b) ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad.

(2) Aon tagairt don Bhord Uchtála in ordú arna dhéanamh ag cúirt nó ag binse roimh an lá bunaithe, léifear é, ar an agus ón lá bunaithe, mar thagairt don Údarás.

Imeachtaí uchtála atá ar feitheamh.

142.—Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go bhfuil aon imeachtaí arna dtionscnamh ag iarratasóir nó iarratasóirí chuig an mBord Uchtála ar ordú uchtála ar leanúint—

- (a) cuirfear ainm an Údaráis in ionad ainm an Bhoird Uchtála san himeachtaí, agus
- (b) ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad.

Tagairtí don Bhord Uchtála in achtacháin arna ndéanamh roimh an lá bunaithe.

143.—(1) I *bhfo-alt (2)*, ní fholaíonn “ionstraim reachtúil” ordú uchtála nó aon leasú ar ordú uchtála.

(2) Faoi réir an Achta, seo déanfar, an lá bunaithe agus dá éis, tagairtí don Bhord Uchtála nó don *Adoption Board*—

- (a) in aon Acht arna rith roimh an lá bunaithe, nó
- (b) in aon ionstraim reachtúil arna déanamh roimh an lá sin faoi Acht,

a léamh mar thagairtí don Údarás, mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt.

CUID 15

CIONTA

CAIBIDIL 1

Sárúithe agus Neamhchomhlíonadh Seachas mar a Fhoráiltear i gCodanna Eile

144.—Ní fhoilseoidh duine fógrán, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara fógrán a fhoilsiú, ina gcuirfear in iúl— Toirmeasc ar fhógráin áirithe.

- (a) gur mian le tuismitheoir nó caomhnóir linbh go n-uchtófaí an leanbh,
- (b) gur mian le duine leanbh a uchtáil, nó
- (c) go bhfuil duine (nach comhlacht creidiúnaithe, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ná an tÚdarás) toilteanach socruithe a dhéanamh chun leanbh a uchtáil.

145.—(1) Aon duine is—

- (a) uchtaitheoir linbh,
- (b) uchtaitheoir ionchasach linbh,
- (c) tuismitheoir linbh, nó
- (d) caomhnóir linbh,

Toirmeasc ar íocaíochtaí agus luaíochtaí áirithe a ghlacadh, a dhéanamh nó a thabhairt nó ar aontú déanamh amhlaidh.

ní ghlacfaidh sé ná sí aon íocaíocht ná luaíocht eile, ná ní chomhaontóidh sé ná sí lena glacadh, i gcomaoin an leanbh a uchtáil,

(2) Maidir leis na nithe seo a leanas, ní dhéanfaidh ná ní thabharfaidh duine aon ní acu, ná ní chomhaontóidh duine aon ní acu a dhéanamh ná a thabhairt—

- (a) aon íocaíocht, ná
- (b) aon luaíocht eile,

is íocaíocht nó luaíocht a dtairmistear í a ghlacadh le *fo-alt* (1).

(3) Ní dhéanfaidh duine—

- (a) aon íocaíocht nó luaíocht eile a ghlacadh nó a dhéanamh nó a thabhairt, ná
- (b) ní chomhaontóidh sé ná sí aon íocaíocht nó luaíocht eile a ghlacadh, a dhéanamh nó a thabhairt,

i gcomaoin sócruithe a dhéanamh chun leanbh a uchtáil.

(4) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt* (2) agus (3) maidir le comhlachtaí creidiúnaithe—

- (a) i leith costas agus caiteachas réasúnach a bhaineann lena bhfeidhmeanna, lena n-áirítear táillí réasúnacha arna n-íoc mar luach saothair as seirbhísí gairmiúla, agus
- (b) bronnánais airgid a ghlacadh le ceadú roimh ré ón Údarás.

(5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i leith focaíochtaí a dhéantar chun leanbh dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) a chothabháil.

Toirmeasc ar ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha nó ar fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach.

146.—Ní dhéanfaidh duine—

- (a) aon ráiteas bréagach nó míthreorach go feasach nó aon fhaisnéis bhréagach ná mhíthreorach a thabhairt go feasach, nó
- (b) cabhrú nó neartú le duine eile aon ráiteas bréagach nó míthreorach a dhéanamh, ná aon fhaisnéis bhréagach ná mhíthreorach a thabhairt,

don Údarás, do chomhlacht creidiúnaithe nó do dhuine a bheidh ag gníomhú thar ceann ceachtar acu.

CAIBIDIL 2

Cionta agus Pionóis

Cionta.

147.—(1) Beidh comhlacht creidiúnaithe ciontach i gcion—

- (a) má sháraíonn an comhlacht creidiúnaithe *alt* 13, nó
- (b) má mhainníonn an comhlacht creidiúnaithe dualgas a chomhall a bhfuil sé faoina réir faoi *alt* 14, 17 nó 18 nó faoi fhoráil de na rialacháin dá dtagraítear in *alt* 15(1).

(2) Beidh duine ciontach i gcion—

- (a) má sháraíonn an duine *alt* 44(5) nó 119, *fo-alt* (1), (2) nó (3) *d'alt* 125, *fo-alt* (1), (2) nó (3) *d'alt* 145 nó *alt* 146,
- (b) má mhainníonn an duine dualgas a chomhall a bhfuil an duine faoina réir faoi *fho-alt* (1) nó (2) *d'alt* 82 nó faoi *alt* 133, nó
- (c) má sháraíonn an duine foráil de na rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo, nó má mhainníonn an duine dualgas a chomhall a bhfuil an duine faoina réir faoi fhoráil de na rialacháin sin.

(3) Beidh duine ciontach i gcion má sháraíonn an duine *alt* 46(3).

(4) Beidh duine ciontach i gcion má mhainníonn an duine dualgas a chomhall a bhfuil an duine faoina réir faoi *alt* 90(4).

(5) Beidh duine ciontach i gcion má sháraíonn an duine *alt* 144.

(6) Le linn di a chinneadh, chun críocha *fho-alt (2)*, ar sháraigh duine *alt 125(1)(a)*, beidh aird ag an gcúirt ar na nithe atá leagtha amach in *ailt 4* agus *5* agus freisin ar cibé acu a rinne an duine aon cheann de na nithe seo a leanas, nó iad go léir:

- (a) doiciméadacht a ullmhú chun cúnaimh a thabhairt d'aon uchtaitheoir ionchasach ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát i gcomhlíonadh dhlíthe uchtála stát tionscnaimh an linbh lena mbaineann;
- (b) cúnaimh a sholáthar d'aon uchtaitheoir ionchasach ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát i ndáil le haon cheist dlí a d'eascair i stát tionscnaimh an linbh lena mbaineann agus is ceist dlí a bhaineann leis an uchtáil a dhéanamh sa stát sin nó leis an leanbh a scaoileadh as an stát sin chun críche uchtála sa Stát;
- (c) cúnaimh a sholáthar le linn an leanbh lena mbaineann a aistriú chuig an Stát;
- (d) aon ghníomhaíocht eile a sheoladh arbh í an chríoch a bhí léi cúnaimh a thabhairt d'aon uchtaitheoir ionchasach ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát an leanbh lena mbaineann a uchtáil ar leanbh é nó í ar stát conarthach eile nó stát a bhfuil comhaontú déthaobhach aige leis an Stát a stát tionscnaimh.

148.—(1) Aon chomhlacht creidiúnaithe a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 147(1)*, dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air. Pionóis.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 147(2)*, dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 147(3)*, dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €3,000 a chur air nó uirthi.

(4) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 147(4)*, dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €2,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 147(5)*, dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

149.—(1) D'ainneoin *alt 10(4)* den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, féadfar imeachtaí mar gheall ar chion faoin Acht seo a thionscnamh aon tráth laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona nó, más déanaí ná sin é, laistigh de 12 mhí ón dáta a thiocfaidh fianaise ar iúl an duine a thionscnaíonn na himeachtaí, ar fianaise í is leor, i dtuairim an duine sin, chun gur cóir na himeachtaí a thionscnamh. Imeachtaí i leith cionta.

(2) I gcás ina ndéanfaidh comhlacht corpraithe, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann comhlachta chorpraithe nó comhlachta neamhchorpraithe daoine, cion faoin Acht seo agus ina gcruithófar go ndearnadh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh,

aon duine arb éard a bhí ann nó inti nuair a rinneadh an cion stiúrthóir nó comhalta de choiste bainistíochta nó d'údarás rialaithe eile an chomhlachta lena mbaineann, nó bainisteoir nó rúnaí an chomhlachta, nó oifigeach eile don chomhlacht, nó duine a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin ciontach i gcion freisin agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

CUID 16

RIALACHÁIN

Rialacháin.

150.—(1) Faoi réir *ailt 85(5)* agus *89*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—

- (a) chun aon chríche a bhforáiltear san Acht seo do rialacháin i ndáil léi,
- (b) d'fhorordú aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú, agus
- (c) i gcoitinne chun éifeacht a thabhairt don Acht seo.

(2) Féadfar cibé forálacha iarmhartacha, forlíontacha agus coimhdeacha is dóigh leis an Aire den Rialtas a bheidh ag déanamh na rialachán atá riachtanacha nó is fóirsteanacha a bheith i rialacháin faoin Acht seo.

Rialacháin a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe.

151.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 150*, déanfaidh an tAire cibé rialacháin is cuí leis nó léi chun a chinntiú gur comhlachtaí creidiúnaithe amháin a sheolfaidh na gníomhaíochtaí a shonraítear in *ailt 4* agus *5*.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar, le rialacháin faoin alt seo—

- (a) foirm na dtairfead sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe agus na sonraí a bheidh sna taifid sin a fhorordú,
- (b) ceanglais a fhorordú i leith iarratas chuig an Údarás ar chlárú, agus ar chlárú a athnuachan, sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe,
- (c) ceanglais a fhorordú chun críche *alt 127(2)*,
- (d) dualgais a fhorchur ar chomhlachtaí creidiúnaithe agus ar a n-oifigigh nó a bhfostaithe faisnéis a thabhairt don Údarás maidir lena mbunrechtanna, lena gcomhaltas, lena bhfostaithe, lena n-eagrú agus lena ngníomhaíochtaí,
- (e) na coinníollacha agus na teorainneacha a fhorordú nach saothróidh comhlachtaí creidiúnaithe dá réir ach cuspóirí neamhbhrabúsacha, agus
- (f) foráil a dhéanamh maidir le comhdhéanamh, oibriú agus bainistiú airgeadais comhlachtaí creidiúnaithe a iniúchadh.

(3) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás sula ndéanfaidh sé nó sí rialacháin faoin alt seo.

(4) Féadfar socrú éagsúil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le comhlachtaí daoine a bheidh ag déanamh iarratais ar chlárú, nó ar athnuachan ar chlárú, sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe, i ndáil le hearnálacha éagsúla gníomhaíochtaí nó maidir le comhlachtaí creidiúnaithe atá cláraithe i leith earnálacha éagsúla gníomhaíochtaí.

152.—Gan dochar do ghinearáltacht *alt 150*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar foirm taifead i gclár na n-uchtálacha idir tíortha agus na sonraí a bheidh sna taifid sin.

Rialacháin a bhaineann le clár na n-uchtálacha idir tíortha.

153.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 150*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun a chumasú lánéifeacht a bheith leis an Acht seo agus le Coinbhinsiún na Háige.

Rialacháin a bhaineann le Coinbhinsiún na Háige.

(2) Áirítear sa chumhacht a thugtar le *fo-alt(1)* cumhacht chun gearradh agus bailiú táillí agus luacha saothair eile a thoirmeasc agus cumhacht chun teorainn a chur le méid aon táillí nó luacha saothair.

154.—Gan dochar do ghinearáltacht *alt 150*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar nósanna imeachta maidir le leanbh a aistriú chuig stát conarthach eile faoi *alt 70*.

Rialacháin a bhaineann le leanbh a aistriú ón Stát lena uchtáil nó lena huchtáil i stát glacaidh.

155.—Cinnteoídh an tAire go ndéanfar gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin gCuid seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach laistigh den 21 lá suí tar éis an lae a shuigh an teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

CUID 17

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

156.—(1) Gach tagairt in aon Acht nó in aon ionstraim arna déanamh faoi aon Acht, cibé slí a bheidh sí sainráite, d'uchtálacha nó d'orduithe uchtála nó do dhaoine uchtaithe faoi aon cheann nó faoi gach ceann de na hAchtanna Uchtála 1952 go 1998, déanfar í a léamh mar thagairt d'uchtálacha nó d'orduithe uchtála arna ndéanamh faoin Acht seo, nó do dhaoine a uchtófar faoi ordú uchtála arna dhéanamh faoin Acht seo, de réir mar a bheidh.

Tagairtí d'uchtálacha, etc.

(2) Gach tagairt in aon Acht nó in aon ionstraim arna déanamh faoi aon Acht, cibé slí a bheidh sí sainráite, d'uchtálacha coigríche a aithnítear de réir dlí, déanfar í a léamh mar thagairt d'uchtálacha idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht seo.

(3) Gach tagairt in aon Acht nó in aon ionstraim arna déanamh faoi aon Acht, cibé slí a bheidh sí sainráite, do chumann uchtála cláraithe, déanfar í a léamh mar thagairt do chomhlacht creidiúnaithe.

(4) Gach tagairt in aon Acht nó in aon ionstraim arna déanamh faoi aon Acht, don Bhord Uchtála, déanfar í a léamh mar thagairt don Údarás.

Leasú ar an Acht
um Shaoire
Uchtaíoch 1995.

157.—Leasaítear an tAcht um Shaoire Uchtaíoch 1995—

(a) in alt 2(1)—

(i) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘comhlacht creidiúnaithe’ comhlacht daoine a bhfuil a ainm taifeadta sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe arna chothabháil faoi *Chuid 13* den *Acht Uchtála 2010*;

ciallaíonn ‘ordú uchtaíoch’ ordú uchtaíoch de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*;

tá le ‘Údarás’ an bhrí a shanntar dó le *halt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*;

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ‘uchtaíoch choigríche’:

“ ciallaíonn ‘uchtaíoch choigríche’ uchtaíoch idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*,” agus

(iii) tríd an míniú ar “cumann uchtaíoch cláraithe” a scriosadh,

(b) in alt 7(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c)(i);

“(c) (i) do chur faoi deara cóip de ‘dhearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta’ (de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*) is infheidhme a sholáthar dá fostóir roimh an lá suímh tuartha, murar soláthraíodh í cheana féin, agus”

(c) in alt 8(6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) do chur faoi deara cóip d’ionstraim is infheidhme, arna hullmhú ag Údarás Lárnach stát na huchtála nó thar a cheann, atá comhionann le ‘dearbhu incháilitheachta agus oiriúnachta’ (de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*) a sholáthar dá fostóir.”

(d) in alt 9(2)(c), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii)(I);

“(I) do chur faoi deara cóip d’ionstraim is infheidhme, arna hullmhú ag Údarás Lárnach stát na huchtála nó thar a cheann, atá comhionann le ‘dearbhu incháilitheachta agus oiriúnachta’ (de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*) a sholáthar dá fhostóir a luaithe is indéanta le réasún ach tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis thosach na saoire, agus”

- (e) in alt 11(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) do chur faoi deara cóip d’ionstraim is infheidhme, arna hullmhú ag Údarás Lárnach stát na huchtála, nó thar a cheann, is comhionann le ‘dearbhuí incháilitheachta agus oiriúnachta’ (de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*) a sholáthar dá fhostóir a luaithe is indéanta le réasún ach tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis thosach na saoire, agus”,

agus

- (f) in alt 13(1)—

(i) tríd an leagan cuí gramadaí de “comhlacht creidiúnaithe” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “cumann uchtála cláraithe” gach áit a bhfuil sé i bhfo-ailt (1)(b), (2) agus (6), agus

(ii) tríd an leagan cuí gramadaí de “an tÚdarás” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “an Bord Uchtála” gach áit a bhfuil sé i bhfo-ailt (6), (7) agus (8).

158.—Leasaítear an tAcht um Chúram Leanaí 1991—

Leasú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991.

- (a) in alt 6, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó cinnteoidh sí go ndéanfar, seirbhís a sholáthar le haghaidh leanaí a uchtáil de réir an *Achta Uchtála 2010*.”

(2) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte socruithe a dhéanamh le comhlacht creidiúnaithe de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*.”,

- (b) in alt 23O, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g) den mhíniú ar “socrú cúraim altrama phríobháidigh”:

“(g) á shuíomh nó á suíomh lena uchtáil nó lena huchtáil faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó ina ábhar nó ina hábhar d’uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear leis an Acht sin,”

- (c) in alt 23V(1), trí “faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* ná faoi uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear leis an Acht sin” a chur in ionad “faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998.”,

- (d) in alt 23V(2)(d), trí “faoi *Acht Uchtála 2010*” a chur in ionad “faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998”, agus

- (e) in alt 44, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) I gcás ina n-uchtófar leanbh faoin *Acht Uchtála 2010* agus ina raibh an leanbh, díreach roimh an uchtáil, á chothabháil nó á cothabháil faoi chúram altrama ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an uchtaitheoir nó leis na huchtaitheoirí, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte—

(a) faoi réir aon ordachán ginearálta a thabharfaidh an tAire, agus

(b) faoi réir aon choinníollacha a fhorchuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

ranníoc a dhéanamh i leith chothabháil an linbh amhail is dá leanfadh an leanbh de bheith faoi chúram altrama.

(2) I gcás ina n-uchtófar leanbh faoin *Acht Uchtála 2010*, scoirfidh aon ordú cúraim a bheidh i bhfeidhm i leith an linbh d’éifeacht a bheith leis.”.

Leasú ar an Acht um Chlárú Sibhialta 2004.

159.—Leasaítear an tAcht um Chlárú Sibhialta 2004—

(a) in alt 2—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) trí na mínithe ar “uchtáil” agus ar “uchtáil choigríche” a scriosadh,

(II) sa mhíniú ar “ócáid”, trí na tagairtí d’uchtáil agus d’uchtáil choigríche a scriosadh,

(III) trí mhír (c) den mhíniú ar “cláraitheoir” a scriosadh, agus

(IV) trí mhíreanna (c) agus (d) den mhíniú ar “na sonraí is gá” a scriosadh,

(ii) i bhfo-alt (3)(a), trí “d’uchtáil, d’uchtáil choigríche”, a scriosadh,

(b) in alt 8—

(i) i bhfo-alt (1)(a), trí “uchtálacha” a scriosadh,

(ii) i bhfo-alt (2), trí “básanna agus póstaí” a chur in ionad “básanna, póstaí, uchtálacha agus uchtálacha coigríche”,

(iii) i bhfo-alt (4), trí “, lena n-áirítear a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 10* den *Acht Uchtála 2010*” a chur isteach i ndiaidh “i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna”,

(iv) i bhfo-alt (5), trí “, lena n-áirítear a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 10* den *Acht Uchtála 2010*,” a chur isteach i ndiaidh “chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna”, agus

(v) i bhfo-alt (6), trí “, lena n-áirítear a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 10* den *Acht*

Uchtála 2010,” a chur isteach i ndiaidh “cibé feidhmeanna dá chuid nó dá cuid”,

- (c) trí fho-alt (1)(c) agus (5) d’alt 13 a scriosadh,
- (d) in alt 61, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):
 - “(3) Níl feidhm ag an alt seo maidir le clár na marbh-bhreitheanna nó maidir le treoir a ghabhann leis an glár sin nó maidir le treoir arna coimeád—
 - (a) faoi alt 22(5) den Acht Uchtála 1952, nó
 - (b) faoi alt 86 den *Acht Uchtála 2010*.”,
- (e) in alt 73—
 - (i) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (f) go (h):
 - “(f) foraitheanta neamhnithe, nó
 - (g) aon nithe forordaithe eile.”,
 - (ii) i bhfo-alt (3)(a), trí “foraithne colscartha nó foraithne neamhnithe” a chur in ionad “foraithne colscartha, foraithne neamhnithe nó uchtála” agus trí “foraithne cholscartha nó foraithne neamhnithe” a chur in ionad “foraithne cholscartha, foraithne neamhnithe nó an uchtáil”, agus
 - (iii) i bhfo-alt (7), trí “le foraithne cholscartha nó le foraithne neamhnithe” a chur in ionad “le foraithne cholscartha, le foraithne neamhnithe nó le huchtáil”,
- (f) sa Chéad Sceideal, trí Chodanna 3 agus 4 a scriosadh, agus
- (g) sa Dara Sceideal, trí na tagairtí do na hachtacháin atá sonraithe i *Sceideal 4* a scriosadh.

160.—Leasaítear alt 99(1) (arna leasú le halt 24(2) den Acht um Stádas Leanáí 1987) den Acht Cosanta 1954 trí “faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010*, nó faoi uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin” a chur in ionad “faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1976”.

Leasú ar alt 99(1) den Acht Cosanta 1954.

161.—Leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise in alt 46 (1) (arna leasú le halt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 agus le halt 74 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (dc):

Leasú ar alt 46(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

“(dd) maidir le taifead a shealbhaíonn nó a chruthaigh an tÚdarás Uchtála nó fostaí de chuid an Údaráis faoi na forálacha reachtúla iomchuí, a bhaineann le hordú uchtála a dhéanamh nó le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir bhrí an *Achta Uchtála 2010* (seachas taifead a bhaineann le haon fheidhmeanna eile de chuid an Údaráis nó le riarachán ginearálta an Údaráis), nó a eascraíonn as an gcéanna.”.

Leasú ar alt 2(1) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon 1964.

162.—Leasaítear alt 2(1) (a cuireadh isteach le halt 4 d’Acht na Leanaí 1997) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon 1964 tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ordú uchtála”:

“ciallaíonn ‘ordú uchtála’—

(a) ordú uchtála de réir bhrí an *Achta Uchtála 2010*; nó

(b) uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin;

agus atá i bhfeidhm de thuras na huaire;”

Leasú ar an Acht um Stádas Ban Pósta 1957.

163.—Leasaítear an tAcht um Stádas Ban Pósta 1957—

(a) in alt 7(8), trí “leanbh arna uchtáil nó arna huchtáil faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó is ábhar d’uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin” a chur in ionad “duine uchtaithe (do réir bhrí an *Achta Uchtála 1952* (Uimh. 25 de 1952))”, agus

(b) in alt 8(5), trí “leanbh arna uchtáil nó arna huchtáil faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó leanbh is ábhar d’uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin” a chur in ionad “duine uchtaithe (do réir bhrí an *Achta Uchtála 1952* (Uimh. 25 de 1952))”.

Leasú ar alt 20(9) den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte 1938.

164.—Leasaítear fo-alt (9) d’alt 20 (a cuireadh isteach le halt 15(1) den Acht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001) den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte 1938 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “leanbh uchtaithe”:

“ciallaíonn ‘uchtleanbh’ leanbh arna uchtáil nó arna huchtáil faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó is ábhar d’uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin;”

Leasú ar mhír 1(2) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

165.—Leasaítear mír 1(2) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003—

(a) sa téacs Gaeilge, trí “An Bord Uchtála” a scriosadh agus trí “Údarás Uchtála na hÉireann” a chur isteach, agus

(b) sa téacs Béarla, trí “An Bord Uchtála” a scriosadh agus trí “Údarás Uchtála na hÉireann” a chur isteach.

Leasú ar alt 6A(6)(b) d’Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí) 1938.

166.—Leasaítear mír (b) d’alt 6A(6) (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht um an Oireachtas (Liúntaisí do Chomhaltaí) (Leasú) 1968) d’Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí) 1938, trí “ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó aitheantas ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát de réir bhrí an *Achta sin*” a chur in ionad “ordú uchtála faoin Acht Uchtála 1952”.

167.—Leasaítear an tAcht Ombudsman 1980—

- (a) i gCuid II den Chéad Sceideal, trí “An Bord Uchtála” a scriosadh, agus
- (b) sa Dara Sceideal, trí “Údarás Uchtála na hÉireann” a chur isteach.

Leasú ar Chuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman 1980.

168.—Leasaítear Cuid 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, tríd an méid seo a leanas a scriosadh:

“Ní fholaíonn an tagairt sa Chuid sin I don Roinn Sláinte agus Leanaí tagairt don Bhord Uchtála.”.

Leasú ar Chuid 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002.

169.—Leasaítear alt 2(1) den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíneithe ar “ordú uchtála”:

“ciallaíonn ‘ordú uchtála’ ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó aitheantas ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát de réir bhrí an Achta sin;”.

Leasú ar alt 2(1) den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998.

170.—Leasaítear alt 6(2)(b) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 trí “de réir bhí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó aitheantas ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát de réir bhrí an Achta sin” a chur in ionad “faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 agus 1964”.

Leasú ar alt 6(2)(b) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974.

171.—Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005—

- (a) in alt 3(6), trí “faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó inarb ábhar é nó í d’uchtáil idir tíortha a dhéanamh lasmuigh den Stát, agus a aithnítear faoin Acht sin” a chur in ionad “faoi na hAchtanna Uchtála 1952 go 1998”,
- (b) i ngach ceann d’fhomhíreanna (i), (ii) agus (iii) de mhír (b) den mhíniú ar “tuismitheoir uchtála” in alt 58(1), trí “d’fhonn ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* a dhéanamh nó d’fhonn aitheantas a thabhairt d’uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát de réir bhrí an Achta sin” a chur in ionad “d’fhonn ordú uchtála a dhéanamh nó d’fhonn uchtáil choigríche a dhéanamh”,
- (c) in alt 58(1), tríd an míniú ar “uchtáil choigríche” a scriosadh, agus
- (d) in alt 82(9), trí “ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den Acht Uchtála 2010 nó inarb ábhar é nó í d’uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin” a chur in ionad “na hAchtanna Uchtála 1952 go 1998”.

Leasú ar an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

172.—Leasaítear an tAcht um Stádas Leanaí 1987—

- (a) in alt 3(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

Leasú ar an Acht um Stádas Leanaí 1987.

“(b) San fho-alt seo ciallaíonn ‘duine uchtaíthe’ duine a uchtaíodh faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó, i gcás gur uchtaíodh an duine lasmuigh den Stát, a n-aithnítear a uchtaíl nó a huchtáil de bhua an dlí atá i bhfeidhm de thuras na huair sa Stát.”

(b) in alt 27(3), trí “*alt 60* den *Acht Uchtála 2010* (a bhaineann le cearta maoinne daoine a uchtaíodh faoin *Acht Uchtála 2010*)” a chur in ionad “forálacha alt 26 den Acht Uchtála 1952 (a bhaineann le cearta maoinne daoine a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála 1952 go 1976)”, agus

(c) in alt 27(4)(a), trí “*d’alt 60* (arna fhorléiriú de réir fho-alt (3) den alt seo) den *Acht Uchtála 2010*” a chur in ionad “*d’alt 26* (arna fhorléiriú de réir fho-alt (3) den alt seo) den Acht Uchtála, 1952”.

Leasú ar alt 4A den Acht Comharbais 1965.

173.—Leasaítear alt 4A (a cuireadh isteach le halt 29 den Acht um Stádas Leanaí 1987) den Acht Comharbais 1965 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Ní dochar an t-alt seo *d’alt 60* (ar alt é, mar a fhorléirítear é de réir alt 27(3) d’Acht 1987, a bhaineann le cearta maoinne daoine uchtaíthe) den *Acht Uchtála 2010*.

Leasú ar an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

174.—Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997—

(a) in alt 6(a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) do leanbh a uchtaítear faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3(1)* den *Acht Uchtála 2010* nó is ábhar d’uchtaíl idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin,”

agus

(b) i Sceideal 13, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 106:

“106. Údarás Uchtála na hÉireann.”

Leasú ar reachtanna éagsúla eile.

175.—Leasaítear iad seo a leanas trí “faoi ordú uchtála de réir bhrí *alt 3* den *Acht Uchtála 2010* nó uchtaíl idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát is uchtaíl a aithnítear de réir bhrí an Achta sin” a chur in ionad “faoi Acht Uchtála, 1952 (Uimh. 25 de 1952),” nó in ionad “faoi Acht Uchtála 1952”, de réir mar a bheidh:

(a) alt 13(1) den Acht Arm-Phinsean 1959;

(b) alt 47(2) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961;

(c) alt 7(1)(b) d’Acht na gCúirteanna Breithiúnas agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas) 1961;

(d) alt 11(1) d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956.

176.—(1) Aon iarratas a bheidh déanta chuig an mBord Uchtála Cosaint. faoi na hAchtanna Uchtála—

(a) ar ordú uchtála, nó

(b) ar uchtáil a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint,

roimh an lá bunaithe agus nár cinneadh roimh an lá sin measfar, ar an lá sin, gur iarratas é ar ordú uchtála, nó ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir mar a bheidh, faoin Acht seo agus beidh feidhm ag an Acht seo maidir leis an iarratas dá réir sin.

(2) Aon iarratas a bheidh déanta faoi na hAchtanna Uchtála roimh an lá bunaithe ag duine nó ag daoine ar mheasúnacht ar a incháilitheacht agus a oiriúnacht, ar a hincháilitheacht agus a hoiriúnacht, nó ar a n-incháilitheacht agus a n-oiriúnacht, chun leanbh a uchtáil agus nach mbeidh cinneadh déanta ina leith roimh an lá sin measfar, ar an lá sin, gur iarratas é ar mheasúnacht den sórt sin agus ar dhearbhuí incháilitheachta agus oiriúnachta a eisiúint faoin Acht seo agus beidh feidhm ag an Acht seo maidir leis an iarratas dá réir sin.

(3) Más rud é go mbeidh bearta déanta ag an mBord Uchtála, roimh an lá bunaithe, chun a dheimhniú dó féin go raibh duine nó daoine incháilithe nó oiriúnach chun leanbh a uchtáil faoi na hAchtanna Uchtála ach nach mbeidh cinneadh déanta aige maidir le hincháilitheacht nó oiriúnacht an duine sin nó na ndaoine sin roimh an lá sin, measfar iarratas a bheidh déanta ag an duine nó na daoine lena mbaineann ar mheasúnú ar a incháilitheacht agus a oiriúnacht, ar a hincháilitheacht agus a hoiriúnacht nó ar a n-incháilitheacht agus a n-oiriúnacht faoin Acht seo agus beidh feidhm ag an Acht seo dá réir sin.

(4) Aon ní a bheidh tosaithe ach nach mbeidh críochnaithe ag cumann uchtála cláraithe (de réir bhrí alt 3 den Acht Uchtála 1952) faoi na hAchtanna Uchtála roimh thosach feidhme *Chuid 13*, féadfaidh comhlacht daoine den sórt sin leanúint leis agus é a chríochnú faoin Acht seo má tá an comhlacht daoine cláraithe sa chlár de chomhlachtaí creidiúnaithe i leith na gníomhaíochta lena mbaineann.

(5) Aon toghairm, fógra nó doiciméad eile a bheidh eisithe chuig aon duine, nó tugtha d'aon duine, ag an mBord Uchtála faoi na hAchtanna Uchtála roimh an lá bunaithe measfar, ar an lá sin nó dá éis, gur toghairm, fógra nó doiciméad eile í nó é a d'eisigh an tÚdarás chuig an duine nó a thug sé dó nó di faoin bhforáil chomhréire den Acht seo.

(6) Aon fhógra nó doiciméad eile a bheidh seolta chuig an mBord Uchtála nó chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó a bheidh tugtha don Bhord Uchtála nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoi na hAchtanna Uchtála ag aon duine roimh an lá bunaithe measfar, ar an lá sin nó dá éis, gur fógra nó doiciméad eile é arna sheoladh chuig an Údarás nó chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó arna thabhairt don Údarás nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, de réir mar a bheidh, faoin bhforáil chomhréire den Acht seo.

Alt 7.

SCEIDEAL 1

AISGHAIRM AGUS CÚLGHAIRM

CUID 1

NA hACHTANNA A AISGHAIRTEAR

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 25 de 1952	An tAcht Uchtála 1952	An tAcht iomlán.
Uimh. 2 de 1964	An tAcht Uchtála 1964	An tAcht iomlán.
Uimh. 24 de 1974	An tAcht Uchtála 1974	An tAcht iomlán.
Uimh. 29 de 1976	An tAcht Uchtála 1976	An tAcht iomlán.
Uimh. 30 de 1988	An tAcht Uchtála 1988	An tAcht iomlán.
Uimh. 14 de 1991	An tAcht Uchtála 1991	An tAcht iomlán.
Uimh. 10 de 1998	An tAcht Uchtála 1998	An tAcht iomlán.
Uimh. 3 de 2004	An tAcht um Chlárú Sibhialta 2004	Ailt 31 go 35.

CUID 2

NA hIONSTRAIMÍ REACHTÚLA A CHÚLGHAIRTEAR

Teideal (1)	Uimhir na hIonstraime Reachtúla (2)	Méid na Cúlghairme (3)
Na Rialacha Uchtála 1988	I.R. Uimh. 304 de 1988	Na Rialacha go léir.
Na Rialacha Uchtála 1990	I.R. Uimh. 170 de 1990	Na Rialacha go léir.
Na Rialacha Uchtála 1991	I.R. Uimh. 247 de 1991	Na Rialacha go léir.
Na Rialacháin Uchtála 1993	I.R. Uimh. 254 de 1993	Na Rialacháin go léir.
Na Rialacha Uchtála 1996	I.R. Uimh. 223 de 1996	Na Rialacha go léir.
Na Rialacha Uchtála 1999	I.R. Uimh. 315 de 1999	Na Rialacha go léir.

SCEIDEAL 2

TÉACS CHOINBHINSIÚN NA HÁIGE

AN COINBHINSIÚN UM CHOSAINT LEANAÍ AGUS COMHAR I LEITH
UCHTÁLA IDIR TÍORTHA

(Arna thabhairt i gcrích an 29 Bealtaine 1993)

(A Tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 1995)

Tá na Stáit a shínigh an Coinbhinsiún seo,

Á aithint dóibh gur chóir, ar mhaithe lena phearsantacht nó lena pearsantacht a fhorbairt go hiomlán agus go comhchuí, go bhfásadh leanbh aníos i dtimpeallacht teaghlaigh, ar scáth an tsonais, an ghrá agus na tuisceana,

Á mheabhrú dóibh gur chóir do gach Stát, mar ábhar tosaíochta, bearta cuí a ghlacadh chun gur féidir le leanbh fanacht faoi chúram an teaghlaigh dar de é nó í,

Á aithint dóibh go bhféadfaí, trí bhíthin uchtála idir tíortha, an buntáiste arb é teaghlach buan a thabhairt do leanbh nach féidir teaghlach oiriúnach a aimsiú dó nó di, ina stát tionscnaimh,

Ós deimhin leo gur gá bearta a ghlacadh lena chinntiú gur chun leas an linbh agus le hurraim do chearta bunúsacha an linbh, agus chun fuadach, díol nó gáinneáil ar leanaí a chosc, a dhéanfar uchtálacha idir tíortha,

Ós mian leo forálacha comhchoiteanna a bhunú chuige seo, á chur i gcuntas na prionsabail atá leagtha amach in ionstraimí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, an 20 Samhain 1989, agus Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Prionsabail Shóisialta agus Dhlíthiúla a bhaineann le Cosaint agus Leas Leanaí, ag Tagairt go Speisialta do Shuíomh Altrama agus d'Uchtáil go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta (Rún 41/85 ón Olltíonól Ginearálta, an 3 Nollaig 1986),

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas—

CAIBIDIL I

Raon an Choinbhinsiúin

Airteagal 1 — Cuspóirí.

Is iad cuspóirí an Choinbhinsiúin láithrigh—

- (a) cosaintí a bhunú d'fhonn a chinntiú gur chun leas an linbh agus le hurraim do chearta bunúsacha an linbh mar a aithnítear sa dlí idirnáisiúnta iad a tharlaíonn uchtálacha idir tíortha;
- (b) córas comhoibríthe idir Stáit Chonarhacha a bhunú d'fhonn a chinntiú go n-urramaítear na cosaintí sin agus chun fuadach, díol nó gáinneáil ar leanaí a chosc ar an tslí sin;
- (c) a áirithiú go n-aithneofar uchtálacha arna ndéanamh de réir an Choinbhinsiúin i Stáit Chonarhacha.

Alt 3(1) (an míniú ar "Coinbhinsiún na Háige") agus alt 3(2).

Airteagal 2 — Feidhm an choinbhinsiúin.

(1) Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún i gcás ina raibh, nó ina bhfuil nó ina mbeidh leanbh ar a bhfuil cónaí rialta i Stát Conarthach amháin (“an Stát tionscnaimh”) á aistriú nó á haistriú chuig Stát Conarthach eile (“an Stát glacaidh”) tar éis é nó í a uchtáil sa Stát tionscnaimh ag céilí nó ag duine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát glacaidh, nó chun críocha uchtála den sórt sin sa Stát glacaidh nó sa Stát tionscnaimh.

(2) Ní thagann faoi réim an Choinbhinsiúin ach uchtálacha lena mbunaítear buanchaidreamh tuismitheora-linbh.

Airteagal 3 — An tráth a scoireann an Coinbhinsiún d’fheidhm a bheith aige.

Scoireann an Coinbhinsiún d’fheidhm a bheith aige mura mbeidh na comhaontuithe a luaitear in Airteagal 17 fomhír c, tugtha sula slánaíonn an leanbh ocht mbliana déag d’aois.

CAIBIDIL II

Ceanglais le haghaidh Uchtálacha Idir Tíortha

Airteagal 4 — An tráth a fhéadfar uchtáil a dhéanamh.

Ní dhéanfar uchtáil a thagann faoi réim an Choinbhinsiúin ach amháin sa chás go mbeidh na nithe seo a leanas déanta ag údaráis inniúla an Stáit tionscnaimh—

- (a) a shuíomh gur leanbh inuchtála an leanbh;
- (b) a chinneadh, tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar dheiseanna chun an leanbh a shuíomh laistigh den Stát tionscnaimh, gurb é leas an linbh uchtáil idir tíortha a dhéanamh;
- (c) an méid seo a leanas a cinntiú;

(1) gur tugadh comhairliúchán, de réir mar is gá, do na daoine, na forais agus na húdaráis ar gá a dtoiliú a fháil leis an uchtáil a dhéanamh, agus gur cuireadh éifeachtaí a dtoilithe in iúl dóibh go cuí, go háirithe i dtaobh cibé acu a fhoirceannfar nó nach bhfoirceannfar an caidreamh dlí idir an leanbh agus an teaghlach dar de é nó í de thoradh uchtála,

(2) gur thug na daoine, na forais, agus ag na húdaráis sin a dtoiliú go deonach, san fhoirm dhlí riachtanach, agus é sainráite, nó fianaithe, i scríbhinn,

(3) nár aslaíodh na toilithe trí íocaíocht nó trí chúiteamh d’aon chineál, agus nár tarraingíodh siar iad, agus

(4) i gcás go gceanglaítear toiliú na máthar a fháil, nár tugadh é go dtí tar éis bhreith an linbh agus ansin amháin, agus

- (a) an méid seo a chinntiú, ag féachaint d’aois agus d’aibíocht an linbh,

(1) gur tugadh comhairliúchán dó nó di agus gur cuireadh éifeachtaí na huchtála agus éifeachtaí a thoilithe nó a toilithe leis an uchtáil, i gcás go gceanglaítear an toiliú sin a fháil, in iúl dó nó di go cuí,

(2) gur tugadh aird ar mhianta agus tuairimí an linbh,

(3) i gcás go gceanglaítear toiliú an linbh a fháil leis an uchtáil a dhéanamh, gur tugadh an toiliú sin go deonach, san fhoirm dhlí a cheanglaítear, agus é sainráite, nó fianaithe, i scríbhinn, agus

(4) nár aslaíodh an toiliú sin trí íocaíocht nó trí chúiteamh d'aon chineál.

Airteagal 5 — Tuilleadh maidir leis an tráth a fhéadfar uchtáil a dhéanamh.

Ní dhéanfar uchtáil a thagann faoi réim an Choinbhinsiúin ach amháin má tá na nithe seo a leanas déanta ag údaráis inniúla an Stáit glacadh—

- (a) a chinneadh go bhfuil na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha incháilithe agus oiriúnach chun uchtáil a dhéanamh;
- (b) a chinntiú gur tugadh comhairliúchán mar is gá do na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha; agus
- (c) a chinneadh go n-údaráítear nó go n-údarófar don leanbh dul isteach sa Stát sin agus cónaí go buan ann.

CAIBIDIL III

Údaráis Lárnacha agus Comhlachtaí Creidiúnaithe

Airteagal 6 — Údaráis Lárnacha a ainmniú agus a cheapadh.

(1) Ainmneoidh Stát Conarthach Údarás Lárnach chun na dualgais a fhorchuirtear leis an gCoinbhinsiúin ar údaráis den sórt sin a chomhall.

(2) Beidh saorchead ag Stáit Chónaidhme, Stáit a bhfuil níos mó ná aon chóras dlí amháin acu nó Stáit a bhfuil aonaid chríche uathrialacha acu níos mó ná Údarás Lárnach amháin a cheapadh agus méid críochach nó pearsanta a bhfeidhmeanna a shonrú. I gcás go mbeidh níos mó ná Údarás Lárnach amháin ceaptha ag Stát, ainmneoidh sé an tÚdarás Lárnach a bhféadfar aon chumarsáid a dhíriú chuige lena tarchur chuig an Údarás Lárnach cuí laistigh den Stát sin.

Airteagal 7 — Comhoibriú idir Údaráis Lárnacha.

(1) Comhoibreoidh Údaráis Lárnacha lena chéile agus déanfaidh siad comhoibriú idir na húdaráis inniúla ina Stáit a chur chun cinn chun leanaí a chosaint agus cuspóirí eile an Choinbhinsiúin a bhaint amach.

(2) Déanfaidh siad go díreach gach beart cuí—

- (a) chun faisnéis a sholáthar i dtaobh dhlíthe a Stát maidir le huchtáil agus faisnéis ghinearálta eile, amhail staitisticí agus foirmeacha caighdeánacha;
- (b) a chéile a choimeád ar an eolas i dtaobh oibriú an Choinbhinsiúin agus, a mhéid is féidir é, deireadh a chur le aon bhacainní le feidhm an Choinbhinsiúin.

Airteagal 8 — Ní ghabhfaidh aon ghnóchan míchuí airgeadais nó gnóchan míchuí eile le huchtáil.

Déanfaidh Údarás Lárnacha, go díreach nó trí údaráis phoiblí, gach beart cuí chun gnóchan airgeadais míchuí nó gnóchan míchuí eile a chosc i dtaca le huchtáil agus daoine a chur ó gach cleachtas atá contrártha do chuspóirí an Choinbhinsiúin.

Airteagal 9 — Dualgas ar Údaráis Lárnacha bearta cuí a dhéanamh.

Déanfaidh Údarás Lárnacha, go díreach nó trí údaráis phoiblí nó trí chomhlachtaí eile arna gcreidiúnú go cuí ina Stát, gach beart cuí, go háirithe chun na nithe seo a dhéanamh—

- (a) faisnéis a bhailiú, a chaomhnú agus a mhalartú faoi chor an linbh agus na dtuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha, a mhéid is gá chun an uchtáil a thabhairt i gcrích;
- (b) imeachtaí a éascú, a choimeád ar siúl agus a luathú d'fhonn an uchtáil a bhaint amach;
- (c) forbairt comhairliúcháin uchtála agus seirbhísí iar-uchtála a chur chun cinn ina Stáit;
- (d) tuarascálacha meastóireachta ginearálta faoina dtaithe maidir le huchtáil idir tíortha a sholáthar dá chéile;
- (e) freagra a thabhairt, a mhéid a cheadaítear le dlí a Stáit, ar iarrataí córa ó Údarás Lárnacha eile nó ó údaráis phoiblí ar fhaisnéis faoi chor áirithe uchtála.

Airteagal 10 — Ní thabharfar creidiúnú ach amháin do chomhlachtaí inniúla.

Ní dhéanfar creidiúnú a dheonú ach amháin do chomhlachtaí, agus ní dhéanfar creidiúnú a chothabháil ach amháin ag comhlachtaí, a léiríonn a n-inniúlacht chun na tascanna a thabharfar ar iontaoibh dóibh a sheoladh mar is cóir.

Airteagal 11 — Ceanglais le haghaidh comhlachtaí creidiúnaithe.

Maidir le comhlacht creidiúnaithe—

- (a) ní shaothróidh sé ach cuspóirí neamhbhrabúsacha de réir cibé coinníollacha agus laistigh de cibé teorainneacha a bhunóidh údarás inniúla Stát an chreidiúnaithe;
- (b) is daoine atá cáilithe mar gheall ar a gcaighdeáin eiteiciúla agus mar gheall ar oiliúint nó taithí chun bheith ag obair i réimse na huchtála idir tíortha a dhéanfaidh é a stiúradh agus a bheidh ar a fhoireann; agus
- (c) beidh sé faoi réir a mhaoirsithe ag údaráis inniúla an Stáit sin maidir lena chomhdhéanamh, lena oibriú agus lena chor airgeadais.

Airteagal 12 — An tráth a fhéadfaidh comhlacht creidiúnaithe i stát conarthach amháin gníomhú i gceann eile.

Ní fhéadfaidh comhlacht atá creidiúnaithe i Stát Conarthach amháin gníomhú i Stát Conarthach eile ach amháin más rud é go mbeidh údarás inniúla an dá Stát tar éis údarú dó déanamh amhlaidh.

Airteagal 13 — Ainmniú Údarás Lárnach a chur in iúl do Bhuan-Bhiúró Chomhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

Déanfaidh gach Stát Conarthach ainmniú na nÚdarás Lárnach agus, más cuí, méid a bhfeidhmeanna, chomh maith le hainmneacha agus seoltaí na gcomhlachtaí creidiúnaithe a chur in iúl do Bhuan-Bhiúró Chomhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

CAIBIDIL IV

Ceanglais Nós Imeachta le linn Uchtála Idir Tíortha

Airteagal 14 — Iarratas chuig an Údarás Lárnach ar uchtáil.

Déanfaidh daoine ar a bhfuil cónaí rialta i Stát Conarthach agus ar mian leo leanbh ar a bhfuil cónaí rialta i Stát Conarthach eile a uchtáil, iarratas chuig an Údarás Lárnach sa Stát ina bhfuil cónaí rialta orthu.

Airteagal 15 — Tuarascáil ó Údarás Lárnach an Stáit glacaidh.

(1) Más deimhin le hÚdarás Lárnach an Stáit glacaidh go bhfuil na hiarratasóirí incháilithe agus oiriúnach chun uchtáil a dhéanamh, ullmhóidh sé tuarascáil ina mbeidh faisnéis maidir lena gcéannacht, a n-incháilitheacht agus a n-oiriúnacht chun uchtáil a dhéanamh, a gcúlra, a stair teaghlaigh agus liachta, a dtimpeallacht shóisialta, na cúiseanna atá leis an uchtáil, a gcumas uchtáil idir tíortha a ghabháil de lámh, mar aon le saintréithe na leanaí a mbeidís cáilithe chun cúram a thabhairt dóibh.

(2) Tarchuirfidh sé an tuarascáil chuig Údarás Lárnach an Stáit tionscnaimh.

Airteagal 16 — Tuarascáil ó Údarás Lárnach an Stáit tionscnaimh

(1) Más deimhin le hÚdarás Lárnach an Stáit tionscnaimh gur leanbh inuchtála an leanbh, déanfaidh sé—

- (a) tuarascáil a ullmhú ina mbeidh faisnéis maidir lena chéannacht nó lena céannacht, a inuchtálacht nó a hinuchtálacht, a chúlra nó a cúlra, a thimpeallacht shóisialta nó a timpeallacht shóisialta, a stair teaghlaigh, a stair liachta, lena n-áirítear stair liachta theaghlach an linbh, agus maidir le haon riachtanais speisialta atá ag an leanbh;
- (b) aird chúí a thabhairt ar thógáil an linbh agus ar a chúlra nó a cúlra eitneach, creidimh agus cultúir;
- (c) a chinntiú go mbeidh toilithe faighte de réir Airteagal 4; agus
- (d) a chinneadh, go háirithe ar bhonn na dtuarascálacha a bhaineann leis an leanbh agus leis na tuismitheoirí uchtaíochta ionchasacha, an ar mhaithe le leas an linbh an suíomh atá beartaithe.

(2) Déanfaidh sé a tuarascáil maidir leis an leanbh, cruthúnas go bhfuarthas na toilithe is gá agus na cúiseanna atá lena chinneadh maidir leis an suíomh a tharchur chuig Údarás Lárnach an Stáit glacaidh, ach cúram a dhéanamh de gan céannacht na máthar ná an

athar a nochtadh, más rud é, sa Stát tionscnaimh, nach bhféadfar na céannachtaí sin a nochtadh.

Airteagal 17 — An tráth a fhéadfaidh an Stát tionscnaimh leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha.

Ní fhéadfar aon bhreith a dhéanamh sa Stát tionscnaimh gur chóir leanbh a thabhairt ar iontaoibh do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha, ach amháin más rud é—

- (a) go mbeidh Údarás Lárnach an Stáit sin tar éis a chinntiú go gcomhaontaíonn na thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha;
- (b) go mbeidh an bhreith sin ceadaithe ag Údarás Lárnach an Stáit glacadh i gcás ina gceanglaítear le dlí an Stáit sin nó i gcás ina gceanglóidh Údarás Lárnach an Stáit tionscnaimh an ceadú sin a fháil;
- (c) go mbeidh Údarás Lárnach an dá Stát tar éis comhaontú go bhféadfar dul ar aghaidh leis an uchtáil; agus
- (d) go mbeidh cinneadh déanta, de réir Airteagal 5, go bhfuil na thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha incháilithe agus oiriúnach chun uchtáil a dhéanamh agus go n-údaráítear nó go n-údarófar don leanbh dul isteach sa Stát glacadh agus cónaí go buan ann.

Airteagal 18 — Gheobhaidh Údarás Lárnach ceadanna don leanbh chun an stát tionscnaimh a fhágáil.

Déanfaidh Údarás Lárnach an dá Stát gach beart is gá chun cead a fháil don leanbh chun an Stát tionscnaimh a fhágáil agus dul isteach agus cónaí go buan sa Stát glacadh.

Airteagal 19 — Ceanglais maidir le haistriú an linbh go dtí an Stát glacadh.

(1) Ní fhéadfar aistriú an linbh go dtí an Stát glacadh a chur i gcrích ach amháin má tá ceanglais Airteagal 17 comhlíonta.

(2) Cinnteoidh Údarás Lárnach an dá Stát go ndéanfar an t-aistriú seo in imthosca sábháilte agus iomchuí agus, más féidir, i gcuideachta na dtuismitheoirí uchtaíocha nó na dtuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha.

(3) Mura ndéanfar an leanbh a aistriú, cuirfear na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 16 ar ais chuig na húdaráis a rinne iad a chur ar aghaidh.

Airteagal 20 — Coimeádfaidh údarás lárnach a chéile ar an eolas.

Coimeádfaidh na hÚdaráis Lárnach a chéile ar an eolas maidir leis an bpróiseas uchtála agus maidir leis na bearta a dhéantar chun é a chur i gcrích, chomh maith leis an dul chun cinn i dtaca leis an suíomh má cheanglaítear tréimhse phromhaidh a bheith ann.

Airteagal 21 — Bearta cosanta linbh ag an Údarás Lárnach tar éis an leanbh a aistriú chuig an Stát glacadh.

(1) I gcás go mbeidh an uchtáil le déanamh tar éis an leanbh a aistriú chuig an Stát glacadh agus gur dealraitheach d'Údarás Lárnach an Stáit sin nach é leas an linbh é go leanfadh suíomh an

linbh leis na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha, déanfaidh an tÚdarás Lárnach sin na bearta is gá chun an leanbh a chosaint, go háirithe—

- (a) a chur faoi deara an leanbh a tharraingt siar ó na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha agus cúram sealadach a shocrú;
- (b) i gcomhairle le hÚdarás Lárnach an Stáit tionscnaimh, suíomh nua don leanbh a shocrú gan mhoill d'fhonn an leanbh a uchtáil, nó mura cuí é sin, chun cúram fadtéarma eile a shocrú; ní dhéanfar uchtáil go dtí go mbeidh eolas maidir leis na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha nua tugtha go cuí d'Údarás Lárnach an Stáit tionscnaimh;
- (c) mar dhéan deiridh, a shocrú go dtabharfar an leanbh ar ais, más gá é sin ar mhaithe le leas an linbh.

(2) Ag féachaint go háirithe d'aois agus d'aibíocht an linbh, rachfar i gcomhairle leis nó léi agus, más cuí, gheofar a thoiliú nó a toiliú i ndáil le bearta a bheidh le déanamh faoin Airteagal seo.

Airteagal 22 — Údaráis phoiblí agus comhlachtaí creidiúnaithe do chomhlíonadh feidhmeanna Údaráis Lárnaigh.

(1) Féadfaidh údaráis phoiblí nó comhlachtaí a bheidh creidiúnaithe faoi Chaibidil III feidhmeanna Údaráis Lárnaigh faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh, a mhéid a cheadaítear le dlí a Stáit.

(2) Féadfaidh aon Stát Conarthach a dhearbhu do thaiscí an Choinbhinsiúin go bhféadfaidh comhlachtaí nó daoine feidhmeanna an Údaráis Lárnaigh faoi Airteagail 15 go 21 a chomhlíonadh freisin sa Stát sin, a mhéid a cheadaítear leis an dlí agus faoi réir maoirseachta ag údaráis inniúla an Stáit sin, ar comhlachtaí nó daoine iad—

- (a) a chomhlíonann ceanglais an Stáit sin maidir le hionracas, inniúlacht ghairmiúil, taithí agus cuntasacht; agus
- (b) atá cáilithe, mar gheall ar a gcaighdeán eiticiúla agus mar geall ar oiliúint nó taithí chun bheith ag obair i réimse na huchtála idir tíortha.

(3) Déanfaidh Stát Conarthach a dhéanfaidh an dearbhú dá bhforáiltear i mír 2 Buan-Bhiúro Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach a choimeád ar an eolas maidir le hainmneacha agus seoltaí na gcomhlachtaí agus na ndaoine sin.

(4) Féadfaidh aon Stát Conarthach a dhearbhu do thaiscí an Choinbhinsiúin nach bhféadfar leanaí ar a bhfuil cónaí go rialta ina chríoch a uchtáil ach amháin má chomhlíontar feidhmeanna an Údaráis Lárnaigh de réir mhír 1.

(5) D'ainneoin aon dearbhú arna dhéanamh faoi mhír 2, déanfar na tuarascálacha dá bhforáiltear in Airteagail 15 agus 16 a ullmhú, i ngach cás, faoi fhreagracht an Údaráis Lárnaigh nó údarás nó comhlachtaí eile de réir mhír 1.

CAIBIDIL V

Aitheantas agus Éifeachtaí na hUchtála

Airteagal 23 — Aitheantas ar uchtáil arna deimhniú ag údarás inniúil Stát na huchtála.

(1) Déanfar uchtáil arna deimhniú ag údarás inniúil Stát na huchtála mar uchtáil a rinneadh de réir an Choinbhinsiúin a aithint le hoibriú dlí sna Stáit Chonarthacha eile. Sonrófar sa deimhniú cathain a tugadh agus cé a thug na comhaontuithe faoi Airteagal 17, fomhír (c).

(2) Déanfaidh gach Stát Conarthach, an tráth a shíneofar, a dhaingneofar, a ghlaclar nó a cheadófar an Coinbhinsiún nó a aontófar leis, fógra a thabhairt do thaiscí an Choinbhinsiúin faoi chéannacht agus faoi fheidhmeanna an údaráis nó na n-údarás atá inniúil ar an deimhniúchán a dhéanamh sa Stát sin. Tabharfaidh sé fógra freisin don taiscí faoi aon mhodhnú ar ainmniú na n-údarás sin.

Airteagal 24 — Diúltú uchtáil a aithint i Stát Conarthach má tá sí in aghaidh beartais poiblí.

Ní fhéadfar diúltú uchtáil a aithint i Stát Conarthach ach amháin más follasach, agus leas an linbh á chur i gcuntas, go bhfuil an uchtáil contrártha do bheartas poiblí an Stáit.

Airteagal 25 — Foráil speisialta le haghaidh uchtálacha Airteagal 39.

Féadfaidh aon Stát Conarthach a dhearbhu do thaiscí an Choinbhinsiúin nach mbeidh sé faoi cheangal faoin gCoinbhinsiún seo uchtálacha a aithint a dhéantar de réir comhaontú arna chur i gcrích trí Airteagal 39, mír 2 a chur chun feidhme.

Airteagal 26 — Nithe a fholáítear nuair a aithnítear uchtálacha.

(1) Folaíonn uchtáil a aithint na nithe seo a leanas a aithint,

- (a) an caidreamh dlíthiúil tuismitheora-linbh idir an leanbh agus a thuismitheoirí uchtaíocha nó a tuismitheoirí uchtaíocha;
- (b) an fhreagracht tuismitheora atá ar na tuismitheoirí uchtaíocha i leith an linbh;
- (c) foirceannadh caidrimh dhlíthiúil a bhí ann roimhe sin idir an leanbh agus a mháthair agus a athair nó a máthair agus a hathair, má tá an éifeacht sin ag an uchtáil sa Stát Conarthach ina ndearnadh í.

(2) I gcás uchtála lena bhfoirceannantar caidreamh dlíthiúil tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin, teachtfaidh an leanbh sa stát glacaidh, agus in aon Stát Conarthach eile ina n-aithnítear an uchtáil, cearta atá comhionann le cearta de thoradh uchtálacha a bhfuil an éifeacht sin leo i ngach Stát den sórt sin.

(3) Ní dochar na míreanna sin roimhe seo d'fheidhm aon fhorála is fabhraí don leanbh agus atá i bhfeidhm sa Stát Conarthach a aithníonn an uchtáil.

Airteagal 27 — Uchtálacha sa Stát tionscnaimh a athrú ina n-uchtálacha lena bhfóirceannantar caidrimh dhlíthiúla tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin.

(1) I gcás nach mbeidh d'éifeacht le huchtáil arna deonú sa Stát tionscnaimh caidreamh dlíthiúil tuismitheora-linbh a bhí ann roimhe sin a fhoirceannadh, féadfar í a athrú sa Stát glacaidh a aithníonn an uchtáil faoin gCoinbhinsiún ina huchtáil a bhfuil an éifeacht sin léi—

- (a) má cheadaíonn dlí an Stáit glacaidh amhlaidh; agus
- (b) má tugadh nó má thugtar, chun críche uchtála den sórt sin, na toilthe dá dtagraítear in Airteagal 4, fomhíreanna c agus d.

(2) Tá feidhm ag Airteagal 23 maidir leis an mbreith lena n-athraítear an uchtáil.

CAIBIDIL VI

Forálacha Ginearálta

Airteagal 28 — Ní dhéanann an Coinbhinsiún difear do dhlíthe áirithe de chuid Stát tionscnaimh.

Ní dhéanann an Coinbhinsiún difear d'aon dlí de chuid Stáit tionscnaimh lena gceanglaítear gur sa Stát sin a uchtófar leanbh ar a bhfuil cónaí rialta laistigh den Stát sin nó lena dtoirmisctear an leanbh a shuíomh sa Stát glacaidh, nó a aistriú chuig an Stát glacaidh, roimh an uchtáil.

Airteagal 29 — Coinníollacha maidir le teagmháil le tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha.

Ní dhéanfar aon teagmháil idir na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha agus tuismitheoirí an linbh nó aon duine eile a bhfuil an leanbh faoina chúram nó faoina cúram go dtí go mbeidh ceanglais Airteagal 4, fomhíreanna (a) go (c), agus Airteagal 5, fomhír (a), comhlíonta, mura uchtáil a dhéantar laistigh de theaghlach an uchtáil nó mura rud é go bhfuil an teagmháil de réir na gcoinníollacha a bhunaíonn údarás inniúil an Stáit tionscnaimh.

Airteagal 30 — Faisnéis maidir le bunadh an linbh a chosaint.

(1) Cinnteoidh údarás inniúla Stáit Chonarthaigh go gcaomhnófar faisnéis a bheidh ina seilbh agus a bhaineann le bunadh an linbh, go háirithe faisnéis a bhaineann le céannacht a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí, mar aon leis an stair liachta.

(2) Cinnteoidh siad go mbeidh rochtain ag an leanbh nó ag a ionadaí nó a hionadaí ar an bhfaisnéis sin, faoi threoir chúí, a mhéid a cheadaítear le dlí an Stáit sin.

Airteagal 31 — Teorainn le húsáid sonraí pearsanta.

Gan dochar d'Airteagal 30, ní úsáidfear sonraí pearsanta a bhaileofar nó a tharchuirfear faoin gCoinbhinsiún, go háirithe sonraí dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 16, ach amháin chun na gcríoch ar chucu a bailíodh nó a tarchuireadh iad.

Airteagal 32 — Ní bhainfear amach aon ghnóchan airgeadais míchuí ná gnóchan míchuí eile in uchtáil idir tíortha.

(1) Ní bhainfidh aon duine gnóchan airgeadais míchuí nó gnóchan míchuí eile as gníomhaíocht a bhaineann le huchtáil idir tíortha.

(2) Ní fhéadfar ach costais agus caiteachais, lena n-áirítear táillí gairmiúla réasúnacha daoine a bheidh bainteach leis an uchtáil, a mhuirearú nó a íoc.

(3) Ní bhfaighidh stiúrthóirí, riarthóirí ná fostaithe comhlachtaí a bheidh bainteach le huchtáil luach saothair atá míréasúnta ard i ndáil le seirbhísí a thabharfaidh siad.

Airteagal 33 — Dualgas ar údarás inniúil maidir le hurraim a thabhairt don Choinbhinsiún.

Aon údarás inniúil a chinnfidh nár urramaíodh aon fhoráil den Choinbhinsiún nó go bhfuil baol tromáí nach n-urramófar é, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach d'Údarás Lárnach a Stáit. Beidh an tÚdarás Lárnach sin freagrach as a chinntiú go ndéanfar bearta cuí.

Airteagal 34 — Ceart ar aistriúchán deimhnithe ar dhoiciméad agus costas an aistriúcháin sin.

Má iarrann údarás inniúil an Stáit a mbeidh doiciméad á chur chuige amhlaidh, ní mór aistriúchán arna dheimhniú mar aistriúchán atá i gcomhréir leis an doiciméad bunaidh a thabhairt. Mura bhforálfar a mhalairt, íocfaidh na tuismitheoirí uchtaíochta ionchasacha costais an aistriúcháin sin.

Airteagal 35 — Gníomhóidh údaráis inniúla go dlúsúil.

Gníomhóidh údaráis inniúla na Stát Conarthach go dlúsúil le linn phróiseas na huchtála.

Airteagal 36 — I gcás dhá chóras dlí nó níos mó in aonaid chríche éagsúla a bheith ag Stát.

I ndáil le Stát ag a bhfuil, maidir le huchtáil, dhá chóras dlí nó níos mó is infheidhme in aonaid chríche éagsúla—

- (a) déanfar aon tagairt do chónaí rialta sa Stát sin a fhorléiriú mar thagairt do chónaí rialta in aonad críche de chuid an Stáit sin;
- (b) déanfar aon tagairt do dhlí an Stáit sin a fhorléiriú mar thagairt don dlí atá i bhfeidhm san aonad críche iomchuí;
- (c) déanfar aon tagairt d'údaráis inniúla nó d'údaráis phoiblí an Stáit sin a fhorléiriú mar thagairt do na húdaráis sin a n-údaraítear dóibh gníomhú san aonad críche iomchuí;
- (d) déanfar aon tagairt do chomhlachtaí creidiúnaithe an Stáit sin a fhorléiriú mar thagairt do chomhlachtaí atá creidiúnaithe san aonad críche iomchuí.

Airteagal 37 — I gcás dhá chóras dlí nó níos mó is infheidhme maidir le hearnálacha éagsúla daoine a bheith ag Stát.

I ndáil le Stát ag a bhfuil, maidir le huchtáil, dhá chóras dlí nó níos mó is infheidhme maidir le hearnálacha éagsúla daoine, déanfar aon tagairt do dhlí an Stáit sin a fhorléiriú mar thagairt don chóras dlí a shonraítear le dlí an Stáit sin.

Airteagal 38 — Tuilleadh i ndáil le Stát ina bhfuil aonaid chríche éagsúla.

Aon Stát ina bhfuil a rialacha dlí féin ag aonaid chríche éagsúla i leith uchtála ní bheidh sé faoi cheangal an Coinbhinsiún a chur chun feidhme i gcás nach mbeadh Stát ag a bhfuil córas dlí aontaithe faoi cheangal déanamh amhlaidh.

Airteagal 39 — Foráil maidir le hionstraimí idirnáisiúnta ar nithe atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún.

(1) Ní dhéanann an Coinbhinsiún difear d'aon ionstraim idirnáisiúnta ar Páirtithe inti Stáit Chonarthaacha agus ina bhfuil forálacha maidir le nithe atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún, mura ndéanann na Stáit is Páirtithe san ionstraim sin dearbhú dá mhalairt.

(2) Féadfaidh aon Stát Conarthach comhaontuithe a dhéanamh le Stát Conarthach amháin eile nó níos mó, d'fhonn feidhm an Choinbhinsiún ina gcaidreamh frithpháirteach a fheabhsú. Ní fhéadfar maolú a dhéanamh leis na comhaontuithe seo ach ar fhorálacha Airteagail 14 go 16 agus 18 go 21. Déanfaidh na Stáit a mbeidh comhaontú den sórt sin curtha i gcrích acu cóip de a tharchur chuig taiscí an Choinbhinsiún.

Airteagal 40 — Ní bheidh aon fhorchoimeádas leis an gCoinbhinsiún.

Ní cheadófar aon fhorchoimeádas leis an gCoinbhinsiún.

Airteagal 41 — Iarratas de bhun Airteagal 14 tar éis don Choinbhinsiún teacht i bhfeidhm.

Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún i ngach cás ina mbeidh iarratas de bhun Airteagal 14 faighte tar éis don Choinbhinsiún teacht i bhfeidhm sa Stát glacadh agus sa Stát tionscnaimh.

Airteagal 42 — Coimisiún Speisialta a thionól go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún.

Déanfaidh Ard-Rúnaí Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach Coimisiún Speisialta a thionól go tráthrialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú praiticiúil an Choinbhinsiún.

CAIBIDIL VII

Clásail Chríochnaitheacha

Airteagal 43 — Foráil speisialta maidir le Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach

(1) Beidh an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag na Stáit ba Chomhaltáí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach tráth a Seachtú Seisiún Déag agus ag na Stáit eile a ghlac páirt sa Seisiún sin.

(2) Daingneofar é, glacfar é nó ceadófar é agus taiscfear na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó ceadaithe le hAireacht Gnóthaí Eachtracha Ríocht na hÍsiltíre, taiscí an Choinbhinsiúin.

Airteagal 44 — Aontachas le Coinbhinsiún na Háige.

(1) Féadfaidh aon Stát eile aontú leis an gCoinbhinsiún tar éis dó teacht i bhfeidhm de réir Airteagal 46, mír 1.

(2) Taiscfear an ionstraim aontachais leis an taiscí.

(3) Ní bheidh éifeacht leis an aontachas sin ach amháin maidir leis an gcaidreamh idir an Stát aontachais agus na Stáit Chonarhacha sin nach mbeidh agóid déanta acu in aghaidh a aontachais sna sé mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 48 a fháil. Féadfaidh Stáit agóid den sórt sin a dhéanamh freisin an tráth a dhaingneoidh, a ghlacfaidh nó a cheadóidh siad an Coinbhinsiún tar éis aontachais. Déanfar aon agóid den sórt sin a chur in iúl don taiscí.

Airteagal 45 — Foráil speisialta le haghaidh Stát a bhfuil dhá aonad críche nó níos mó acu.

(1) Má tá dhá aonad críche nó níos mó ag Stát arb infheidhme córais dlí éagsúla iontu i ndáil le nithe a ndéileáiltear leo sa Choinbhinsiún, féadfaidh sé an tráth a shíneofar, a dhaingneofar, a ghlacfar nó a cheadófar é, nó an tráth a aontófar dó, a dhearbú go dtiocfaidh a aonaid chríche go léir faoi réim an Choinbhinsiúin seo nó nach dtiocfaidh ach ceann amháin nó níos mó díobh faoina réim agus féadfaidh sé an dearbhú sin a mhodhnú trí dhearbú eile a chur isteach tráth ar bith.

(2) Déanfar fógra faoi aon dearbhú den sórt sin a thabhairt don taiscí agus luafar na haonaid chríche go sainráite ann a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leo.

(3) Más rud é nach ndéanfaidh Stát aon dearbhú faoin Airteagal seo, tiocfaidh aonaid chríche uile an Stáit sin faoi réim an Choinbhinsiúin.

Airteagal 46 — An tráth a thiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm.

(1) Tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis trí mhí a bheith caite tar éis an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó ceadaithe dá dtagraítear in Airteagal 43 a thaisceadh.

(2) Tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm dá éis sin—

(a) maidir le gach Stát a dhaingneoidh, a ghlacfaidh nó a cheadóidh é, nó a aontóidh dó, dá éis sin, ar an gcéad lá den mhí tar éis trí mhí a bheith caite tar éis a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, ceadaithe nó aontachais a thaisceadh;

(b) maidir le haonad críche a tháinig faoi réim an Choinbhinsiúin i gcomhréir le hAirteagal 45, ar an gcéad lá den mhí tar éis trí mhí a bheith caite tar éis an fhógra dá dtagraítear san Airteagal sin a thabhairt.

Airteagal 47 — Stát is páirtí ann do shéanadh an Choinbhinsiúin.

(1) Féadfaidh Stát is Páirtí sa Choinbhinsiún é a shéanadh trí fhógra i scríbhinn a dhíreofar chuig an taiscí.

(2) Tíocfaidh an séanadh in éifeacht ar an gcéad lá den mhí tar éis tréimhse dhá mhí dhéag a bheith caite tar éis don taiscí an fógra a fháil. I gcás go sonraítear tréimhse is faide san fhógra maidir leis an séanadh do theacht in éifeacht, tíocfaidh an séanadh in éifeacht ar dhul in éag na tréimhse is faide sin tar éis don taiscí an fógra a fháil.

Airteagal 48 — Soláthróidh an taiscí faisnéis do Stáit is Comhaltaí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta, et al.

Tabharfaidh an taiscí fógra do na Stáit is Comhaltaí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta, do na Stáit eile a ghlac páirt sa Seachtú Seisiún Déag agus do na Stáit a bheidh tar éis aontú de réir Airteagal 44, i dtaobh na nithe seo a leanas:

- (a) na sínithe, daingniúcháin, glacthaí agus ceaduithe dá dtagraítear in Airteagal 43;
- (b) na haontachais agus na hagóidí a dhéantar i gcoinne aontachas dá dtagraítear in Airteagal 44;
- (c) an dáta a thíocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm de réir Airteagal 46;
- (d) na dearbhuithe agus na hainmnithe dá dtagraítear in Airteagail 22, 23, 25 agus 45;
- (e) na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 39;
- (f) na séantaí dá dtagraítear in Airteagal 47.

Dá fhianú sin tá an daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Coinbhinsiún seo a shíniú.

Arna dhéanamh sa Háig, an 29ú lá de Bhealtaine 1993, sa Bhéarla agus sa Fhraincis, agus comhúdarás ag gach téacs acu, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Rialtas Ríocht na hÍsiltíre, agus a seolfar cóip dheimhnithe de, trí mhodhanna taidhleoireachta, chuig gach ceann de na Stáit ba Chomhaltaí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta ar dháta a Seachtú Seisiún Déag agus chuig gach ceann de na Stáit eile a ghlac páirt sa Seisiún sin.

Alt 84.

SCEIDEAL 3

SONRAÍ UCHTÁLACHA ATÁ LE HIONTRÁIL SA CHLÁR D'UCHTLEANAÍ

Uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an linbh.

Dáta breithe agus tír bhreithe an linbh.

Gnéas an linbh.

Túsainm(neacha) agus sloinne an linbh.

Túsainm(neacha), sloinne (sloinnnte), sloinne breithe (sloinnnte breithe), seoladh agus slí bheatha (slite beatha) na n-uchtaitheoirí.

Iarshloinne (Iarshloinnnte) na n-uchtaitheoirí.

Dáta(i) breithe na n-uchtaitheoirí.

Stádas pósta an uchtaitheora nó na n-uchtaitheoirí.

Uimhir phearsanta (uimhreacha pearsanta) seirbhíse poiblí an uchtaitheora nó na n-uchtaitheoirí.

Dáta an ordaithe uchtála.

An dáta clárúcháin.

Síniú an Ard-Chláráitheora nó oifigigh don Ard-Chláráitheoir a bheidh údaraithe go cuí aige nó aici.

Alt 159.

SCEIDEAL 4

LEASÚ AR AN DARÁ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT UM
CHLÁRÚ SIBHIALTA 2004

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 25 de 1952	An tAcht Uchtála 1952	Alt 22.
Uimh. 14 de 1991	An tAcht Uchtála 1991	Ailt 6 agus 7.